AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.3.2016
COM(2016) 157 final

ANNEXES 1 to 5

Pacáiste an Gheilleagair Chiorclaigh

IARSCRÍBHINNÍ

a ghabhann leis an

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

lena leagtar síos na rialacha maidir le táirgí leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, a chur ar fáil ar an margadh agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009

{SWD(2016) 64 final}
{SWD(2016) 65 final}

IARSCRÍBHINNÍ

a ghabhann leis an

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

lena leagtar síos na rialacha maidir le táirgí leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, a chur ar fáil ar an margadh agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009

IARSCRÍBHINN I

Catagóirí Feidhme an Táirge ('PFCanna' – *Product Function Categories*) do tháirgí leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE

CUID I
AINMNIÚ CATAGÓIRÍ FEIDHME AN TÁIRGE

1. Leasachán
   - A. Leasachán orgánach
     - I. Leasachán orgánach soladach
     - II. Leasachán orgánach leachtach
   - B. Leasachán orgánaimianrach
     - I. Leasachán orgánaimianrach soladach
     - II. Leasachán orgánaimianrach leachtach
   - C. Leasachán neamhorgánach
     - I. Leasachán neamhorgánach macrachothaitheach
       - a) Leasachán neamhorgánach macrachothaitheach soladach
         - i) Leasachán neamhorgánach macrachothaitheach soladach aonábhair
           - A) Leasachán neamhorgánach níotráite amóiniam macrachothaitheach soladach aonábhair de chion ard nítrigine
         - ii) Leasachán neamhorgánach macrachothaitheach soladach cumaisc
           - A) Leasachán neamhorgánach níotráite amóiniam macrachothaitheach soladach cumaisc de chion ard nítrigine
       - b) Leasachán neamhorgánach macrachothaitheach leachtach
         - i) Leasachán neamhorgánach macrachothaitheach leachtach aonábhair
         - ii) Leasachán neamhorgánach macrachothaitheach leachtach cumaisc
     - II. Leasachán neamhorgánach micreachothaitheach
       - a) Leasachán neamhorgánach micreachothaitheach aonábhair
       - b) Leasachán neamhorgánach micreachothaitheach cumaisc
2. Ábhar aolta
3. Feabhsaitheoir ithreach
   - A. Feabhsaitheoir orgánach ithreach
   - B. Feabhsaitheoir neamhorgánach ithreach
4. Meán fáis
5. Breiseán agranamaíoch
   - A. Coscaire
     - I. Coscaire nítriginiúcháin
     - II. Coscaire úiréáise
   - B. Oibreán crágtha
   - C. Oibreán coimpléascúcháin
6. Bithspreagthach plandaí
   - A. Bithspreagthach miocróbach plandaí
   - B. Bithspreagthach neamh-mhiocróbach plandaí
     - I. Bithspreagthach neamh-mhiocróbach orgánach plandaí

II. Bithspreagthach neamh-mhiocróbach neamhorgánach plandaí

7. Cumasctháirge leasacháin

CUID II
CEANGLAIS A BHAINEANN LE CATAGÓIRÍ FEIDHME AN TÁIRGE

1. Sa Chuid seo tá na ceanglais leagtha amach a bhaineann le Catagóirí Feidhme an Táirge ('PFCanna') ina mbeidh táirgí leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE.

2. Na ceanglais atá leagtha síos san Iarscríbhinn seo do PFC áirithe, tá feidhm acu maidir le táirgí leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, i ngach fochatagóir den PFC sin.

3. I gcás ina leanann comhlíonadh ceanglais áirithe (amhail gan éilleán áirithe a bheith ann) go cinnte doshéanta ó chineál táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, nó ó phróiseas monaraíochta an táirge sin, is féidir a mheas, sa mheasúnú comhréireachta, go bhfuil an comhlíonadh sin ann gan é a fhíorú (amhail trína thástáil), faoi fhreagracht an mhonaróra.

4. I gcás ina bhfuil substaint sa táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, ar leagadh síos uasteorainneacha iarmhar do bhia agus beatha ina leith i gcomhréir le

   (a) Rialachán (CEE) Uimh. 315/93 ón gComhairle[1],

   (b) Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2],

   (c) Rialachán (CE) Uimh. 470/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] nó

   (d) Treoir Uimh. 2002/32/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4],

   agus úsáid á baint as táirge leasúcháin, ar a bhfuil an comhartha CE, mar atá sonraithe sna treoracha úsáide, níor cheart go sárófaí na teorainneacha sin i mbia ná i mbeatha.

PFC 1: LEASACHÁN

Is é is leasachán ann táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, arb é is aidhm leis cothaithigh a thabhairt do phlandaí.

PFC 1(A): Leasachán orgánach

1. I leasachán orgánach beidh

   - carbón (C) agus

---

1 Rialachán (CEE) Uimh. 315/93 ón gComhairle an 8 Feabhra 1993 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail maidir le héilleáin i mbia (IO L 37, 13.2.1993, lch. 1).

2 Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó de bhunadh ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin, agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 70, 16.3.2005, lch. 1).

3 Rialachán (CE) Uimh. 470/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail chun teorainneacha na n-iarmhar a leagan síos do shubstaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta i mbia ábhair de thionscnamh ainmhíoch, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2377/90 ón gComhairle agus lena leasaítear Treoir 2001/82/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 152, 16.6.2009, Lch. 11).

4 Treoir 2002/32/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Bealtaine 2002 maidir le substaintí neamh-inmhianaithe i mbeatha ainmhithe (IO L 140, 30.5.2002, lch. 10).

- cothaithigh

de bhunadh ainmhíoch amháin, cé is moite d'ábhar atá iontaisithe nó neadaithe i bhfoirmíochtaí geolaíocha.

2. Níor cheart níos mó ná na cainníochtaí seo a leanas d'éilleáin a bheith sa táirge leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE:

- Caidmiam (Cd) 1,5 mg/kg d'ábhar tirim,
- Cróimiam heicsifhiúsach (Cr VI) 2 mg/kg d'ábhar tirim,
- Mearcair (Hg) 1 mg/kg d'ábhar tirim,
- Nicil (Ni) 50 mg/kg d'ábhar tirim,
- Luaidhe (Pb) 120 mg/kg d'ábhar tirim, agus
- Dé-úiréit ($C_2H_5N_3O_2$) 12 g/kg d'ábhar tirim.

3. Ní bheidh *Salmonella spp*. ann i sampla 25 g den táirge leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE.

4. Ní bheidh ceachtar den dá chineál bhaictéir seo a leanas sa táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, i dtiúchan níos mó ná 1 000 ADC/g mais úr:

(a) *Escherichia coli*, nó

(b) Enterococcaceae.

Léireofar an méid sin trí láithreacht ceann amháin ar a laghad den dá chineál baictéir seo a thomhas.

PFC 1(A)(I): Leasacháin orgánach soladach

1. Beidh 40 % nó níos mó d'ábhar tirim de réir maise i leasachán orgánach soladach.

2. Beidh sa táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, ceann amháin ar a laghad de na cothaithigh fhógartha seo a leanas sna híoschainníochtaí luaite:

- 2,5 % de réir maise de nítrigin iomlán (N),
- 2% de réir maise de pheantocsaíd fhosfair iomlán (P_2O_5), nó
- 2% de réir maise d'ocsaíd photaisiam iomlán (K_2O).

3. Beidh carbón orgánach (C) sa táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, ag 15 % de réir maise ar a laghad.

PFC 1(A)(II): Leasacháin orgánach leachtach

1. Beidh níos lú ná 40 % d'ábhar tirim i leasachán orgánach leachtach.

2. Beidh sa táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, ceann amháin ar a laghad de na cothaithigh fhógartha seo a leanas sna híoschainníochtaí luaite:

- 2 % de réir maise de nítrigin iomlán (N),
- 1 % de réir maise de pheantocsaíd fhosfair iomlán (P_2O_5), nó
- 2 % de réir maise d'ocsaíd photaisiam iomlán (K_2O).

3. Beidh carbón orgánach (C) sa táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, ag 5 % de réir maise ar a laghad.

PFC 1(B): Leasachán orgánaimianrach

1. Is é is leasachán orgánaimianrach ann comhfhoirmliú de

   - leasachán neamhorgánach amháin nó níos mó, mar atá sonraithe in PFC 1(C) thíos, agus
   - ábhar ina bhfuil
     – carbón orgánach (C) agus
     – cothaithigh

     de bhunadh ainmhíoch amháin, cé is moite d'ábhar atá iontaisithe nó neadaithe i bhfoirmíochtaí geolaíocha.

2. I gcás inar leasachán neamhorgánach níotráite amóiniam macrachothaitheach soladach aonábhair nó cumaisc de chion ard nítrigine, mar a shonraítear in PFC 1(C)(I)(a)(i-ii)(A), é ceann amháin nó níos mó de na leasacháin neamhorgánacha sa chomhfhoirmliú, , beidh níos lú ná 15,75 % de réir mais nítrigine (N) ann de thoradh níotráite amóiniam (NH_4NO_3).

3. Níor cheart níos mó ná na cainníochtaí seo a leanas d'éilleáin a bheith sa táirge leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE:

   (a) Caidmiam (Cd)

   (1) I gcás ina bhfuil cion iomlán fosfair (P) níos lú ná 5% de choibhéis peantocsaíde fosfair (P_2O_5) de réir maise sa táirge leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE: 3 mg/kg d'ábhar tirim, nó

   (2) I gcás ina bhfuil cion iomlán fosfair (P) de 5 % nó níos mó de choibhéis peantocsaíde fosfair (P_2O_5) de réir maise sa táirge leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE ('leasachán fosfáite'):

   - Amhail ón [Publications office, please insert the date of application of this Regulation]: 60 mg/kg de pheantocsaíd fhosfair (P_2O_5),
   - Amhail ón [Publications office, please insert the date occurring three years after the date of application of this Regulation]: 40 mg/kg de pheantocsaíd fhosfair (P_2O_5), agus
   - Ón [cuirfidh Oifig na bhFoilseachán an dáta dhá bhliain déag tar éis chur i bhfeidhm an Rialacháin seo isteach]: 20 mg/kg de pheantocsaíd fhosfair (P_2O_5),

   (b) Cróimiam heicsifhiúsach (Cr VI) 2 mg/kg d'ábhar tirim,

   (c) Mearcair (Hg) 1 mg/kg d'ábhar tirim,

   (d) Nicil (Ni) 50 mg/kg d'ábhar tirim, agus

   (e) Luaidhe (Pb) 120 mg/kg d'ábhar tirim.

4. Ní bheidh *Salmonella spp*. ann i sampla 25 g den táirge leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE.

5. Ní bheidh ceachtar den dá chineál bhaictéir seo a leanas sa táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, i dtiúchan níos mó ná 1 000 ADC/g mais úr:

   (a) *Escherichia coli*, nó

(b) Enterococcaceae.

Léireofar an méid sin trí láithreacht ceann amháin ar a laghad den dá chineál baictéir seo a thomhas.

PFC 1(B)(I): Leasachán orgánaimianrach soladach

1. Beidh 60 % nó níos mó d'ábhar tirim de réir maise i leasachán orgánach soladach.
2. Beidh sa táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, ceann amháin ar a laghad de na cothaithigh fhógartha seo a leanas sna híoschainníochtaí luaite:
   - 2,5 % de réir maise de nítrigin iomlán (N), arb í nítrigin orgánach (N) 1 % de réir maise den táirge leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE, nó
   - 2 % de réir maise de pheantocsaíd fhosfair iomlán (P_2O_5), nó
   - 2 % de réir maise d'ocsaíd photaisiam iomlán (K_2O).
3. Beidh carbón orgánach (C) sa táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, ag 7.5 % de réir maise ar a laghad.
4. Sa táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, beidh an t-ábhar orgánach agus na cothaithigh i ngach aonad sa chion atá dearbhaithe dóibh.

PFC 1(B)(II): Leasachán orgánaimianrach leachtach

1. Beidh níos lú ná 60 % d'ábhar tirim de réir maise i leasachán orgánaimianrach leachtach.
2. Beidh sa táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, ceann amháin ar a laghad de na cothaithigh fhógartha seo a leanas sna híoschainníochtaí luaite:
   - 2 % de réir maise de nítrigin iomlán (N), arb í nítrigin orgánach (N) 0,5 % de réir maise den táirge leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE, nó
   - 2 % de réir maise de pheantocsaíd fhosfair iomlán (P_2O_5), nó
   - 2 % de réir maise d'ocsaíd photaisiam iomlán (K_2O).
3. Beidh carbón orgánach (C) sa táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, ag 3 % de réir maise ar a laghad.

PFC 1(C): Leasachán neamhorgánach

Is é is leasachán neamhorgánach ann leasachán nach leasachán orgánach nó orgánaimianrach é.

PFC 1(C)(I): Leasachán neamhorgánach macrachothaitheach

1. Is éard is aidhm le leasachán neamhorgánach macrachothaitheach ceann amháin nó níos mó de na macrachothaithigh seo a leanas a sholáthar do phlandaí: nítrigin (N), fosfar (P), potaisiam (K), maignéisiam (Mg), cailciam (Ca), sulfar (S) nó sóidiam (Na).
2. Níor cheart níos mó ná na cainníochtaí seo a leanas d'éilleáin a bheith sa táirge leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE:
   (a) Caidmiam (Cd)
      (1) I gcás ina bhfuil cion iomlán fosfair (P) níos lú ná 5% de choibhéis peantocsaíde fosfair (P_2O_5) de réir maise sa táirge leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE: 3 mg/kg d'ábhar tirim, nó

(2) I gcás ina bhfuil cion iomlán fosfair (P) de 5 % nó níos mó de choibhéis peantocsaíde fosfair (P_2O_5) de réir maise sa táirge leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE ('leasachán fosfáite'):

- Amhail ón [Publications office, please insert the date of application of this Regulation]: 60 mg/kg de pheantocsaíd fhosfair (P_2O_5),
- Amhail ón [Publications office, please insert the date occurring three years after the date of application of this Regulation]: 40 mg/kg de pheantocsaíd fhosfair (P_2O_5), agus
- Amhail ón [Publications office, please insert the date occurring twelve years after the date of application of this Regulation]: 20 mg/kg de pheantocsaíd fhosfair (P_2O_5),

(b) Cróimiam heicsifhiúsach (Cr VI) 2 mg/kg d'ábhar tirim,

(c) Mearcair (Hg) 2 mg/kg d'ábhar tirim,

(d) Nicil (Ni) 120 mg/kg d'ábhar tirim,

(e) Luaidhe (Pb) 150 mg/kg d'ábhar tirim,

(f) Arsanaic (As) 60 mg/kg d'ábhar tirim,

(g) Dé-úiréit ($C_2H_5N_3O_2$) 12 g/kg d'ábhar tirim, agus

(h) Sárchlóráit (ClO_4^-) 50 mg/kg d'ábhar tirim.

PFC 1(C)(I)(a): Leasachán neamhorgánach macrachothaitheach soladach

Is é is leasachán neamhorgánach soladach ann leasachán neamhorgánach macrachothaitheach nach bhfuil i bhfuaidreán ná i dtuaslagán, de réir bhrí PFC 1(C)(I)(b) den Iarscríbhinn seo.

PFC 1(C)(I)(a)(i): Leasachán neamhorgánach macrachothaitheach soladach aonábhair

1. Beidh cion dearbhaithe d'aon chothaitheach amháin i leasachán neamhorgánach macrachothaitheach soladach aonábhair.

2. Beidh sa táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, ceann amháin de na cothaithigh fhógartha seo a leanas sna híoschainníochtaí luaite:

- 10 % de réir maise de nítrigin iomlán (N),
- 12 % de réir maise de pheantocsaíd fhosfair iomlán (P_2O_5),
- 6 % de réir maise d'ocsaíd photaisiam iomlán (K_2O),
- 5 % de réir maise d'ocsaíd mhaignéisiam iomlán (MgO),
- 12 % de réir maise d'ocsaíd chailciam iomlán (CaO),
- 10 % de réir maise de thrí-ocsaíd shulfair iomlán (SO_3), nó
- 1 % de réir maise d'ocsaíd shóidiam iomlán (Na_2O).

PFC 1(C)(I)(a)(ii): Leasachán neamhorgánach macrachothaitheach soladach cumaisc

1. Beidh cion dearbhaithe de níos mó ná cothaitheach amháin i leasachán neamhorgánach macrachothaitheach soladach cumaisc.

2. Sa táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, beidh níos mó ná ceann amháin de na cothaithigh fhógartha seo a leanas sna híoschainníochtaí luaite:

- 3 % de réir maise de nítrigin iomlán (N),
- 3 % de réir maise de pheantocsaíd fhosfair iomlán (P_2O_5),
- 3 % de réir maise d'ocsaíd photaisiam iomlán (K_2O),
- 1,5 % de réir maise d'ocsaíd mhaignéisiam iomlán (MgO),
- 1,5 % de réir maise d'ocsaíd chailciam iomlán (CaO),
- 1,5 % de réir maise de thrí-ocsaíd shulfair iomlán (SO_3), nó
- 1 % de réir maise d'ocsaíd shóidiam iomlán (Na_2O).

PFC 1(C)(I)(a)(i-ii)(A): Leasachán neamhorgánach níotráite amóiniam macrachothaitheach soladach, aonábhair nó cumaisc, de chion ard nítrigine

1. Leasachán neamhorgánach níotráite amóiniam macrachothaitheach soladach aonábhair nó cumaisc, de chion ard nítrigine, beidh sé bunaithe ar níotráit amóiniam (NH_4NO_3) agus beidh 28 % nó níos mó de réir mais nítrigine (N) ann de thoradh níotráit amóiniam (NH_4NO_3).
2. Aon ábhar seachas níotráit amóiniam (NH_4NO_3) beidh sé támh i leith níotráit amóiniam (NH_4NO_3).
3. Ní chuirfear an táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, ar fáil don úsáideoir deiridh ach amháin i bhfoirm pacáistithe. Beidh an pacáiste iata i gcaoi nó le gléas a fhágann go ndéantar dochar doleasaithe don séala daingniúcháin nó don phacáiste féin nuair a osclaítear é. Féadtar mála comhla a úsáid.
4. Ní sháróidh coinneáil ola an táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, tar éis dhá thimthriall theirmeacha mar atá tuairiscithe faoi Cheannteideal 4.1 i Modúl A1 in Iarscríbhinn IV, 4% de réir maise.
5. Beidh friotaíocht madhmtha an táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, amhlaidh le go dtarlóidh an méid seo a leanas:

   - tar éis cúig thimthriall theirmeacha mar atá tuairiscithe faoi Cheannteideal 4.2 i Modúl A1 in Iarscríbhinn IV,
   - in dhá thástáil friotaíochta madhmtha mar atá tuairiscithe faoi Cheannteideal 4.3 i Modúl A1 in Iarscríbhinn IV,

   brúsctar ceann nó níos mó de na sorcóirí luaidhe tacaíochta de níos lú ná 5 %.
6. Ní sháróidh an céatadán ábhair indóite de réir maise arna thomhas mar charbón na cainníochtaí seo a leanas

   - 0,2 % do tháirgí leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, a bhfuil cion nítrigine (N) de 31,5 % de réir maise ar a laghad iontu, agus
   - 0,4 % do tháirgí leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, a bhfuil cion nítrigine (N) de 28 % ach níos lú ná 31,5 % de réir maise iontu.
7. Ní foláir pH de 4,5 ar a laghad a bheith ag tuaslagán de 10 g den táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, i 100 ml d'uisce.

8. Ní rachaidh níos mó ná 5 % de réir maise den táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, trí chriathar mogaill 1 mm, agus ní rachaidh níos mó ná 3 % de réir maise trí chriathar mogaill 0,5 mm.

9. Ní bheidh an cion copair (Cu) níos airde ná 10 mg/kg, agus ní bheidh an cion clóirín (Cl) níos airde ná 200 mg/kg.

PFC 1(C)(I)(b): Leasachán neamhorgánach macrachothaitheach leachtach

Is é is leasachán neamhorgánach macrachothaitheach leachtach ann leasachán neamhorgánach macrachothaitheach i bhfuaidreán nó i dtuaslagán, áit a chiallaíonn

- 'fuaidreán' easrú déphasach ina gcoinnítear cáithníní soladacha i bhfuaidreán sa leachtphas, agus
- 'tuaslagán' leacht atá saor ó cháithníní soladacha.

PFC 1(C)(I)(b)(i): Leasachán neamhorgánach macrachothaitheach leachtach aonábhair

1. Beidh cion dearbhaithe d'aon chothaitheach amháin i leasachán neamhorgánach macrachothaitheach soladach aonábhair.

2. Beidh sa táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, ceann amháin de na cothaithigh fhógartha seo a leanas sna híoschainníochtaí luaite:
   - 5 % de réir maise de nítrigin iomlán (N),
   - 5 % de réir maise de pheantocsaíd fhosfair iomlán (P_2O_5),
   - 3 % de réir maise d'ocsaíd photaisiam iomlán (K_2O),
   - 2 % de réir maise d'ocsaíd mhaignéisiam iomlán (MgO),
   - 6 % de réir maise d'ocsaíd chailciam iomlán (CaO),
   - 5 % de réir maise de thrí-ocsaíd shulfair iomlán (SO_3), nó
   - 1 % de réir maise d'ocsaíd shóidiam iomlán (Na_2O).

PFC 1(C)(I)(b)(ii): Leasachán neamhorgánach macrachothaitheach leachtach cumaisc

1. Beidh cion dearbhaithe d'aon chothaitheach amháin i leasachán neamhorgánach macrachothaitheach soladach cumaisc.

2. Sa táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, beidh níos mó ná ceann amháin de na cothaithigh fhógartha seo a leanas sna híoschainníochtaí luaite:
   - 1,5 % de réir maise de nítrigin iomlán (N),
   - 1,5 % de réir maise de pheantocsaíd fhosfair iomlán (P_2O_5),
   - 1,5 % de réir maise d'ocsaíd photaisiam iomlán (K_2O),
   - 0,75 % de réir maise d'ocsaíd mhaignéisiam iomlán (MgO),
   - 0,75 % de réir maise d'ocsaíd chailciam iomlán (CaO),
   - 0,75 % de réir maise de thrí-ocsaíd shulfair iomlán (SO_3), nó
   - 0,5 % de réir maise d'ocsaíd shóidiam iomlán (Na_2O).

PFC 1(C)(II): Leasachán neamhorgánach micreachothaitheach

1. Is é is leasachán neamhorgánach micreachothaitheach ann leasachán neamhorgánach, nach leasachán macrachothaitheach é, atá beartaithe ceann amháin nó níos mó de na

cothaithigh seo a sholáthar. bórón (B), cóbalt (Co), copar (Cu), iarann (Fe), mangainéis (Mn), molaibdéineam (Mo) nó sinc (Zn).

2. Ní chuirfear leasacháin mhicreachothaitheacha ar fáil don úsáideoir deiridh ach amháin i bhfoirm pacáistithe.

3. Níor cheart níos mó ná na cainníochtaí seo a leanas d'éilleáin a bheith sa táirge leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE:

Éilleán	**Uastiúchan de réir maise, i ndáil leis an gcion iomlán micreachothaitheach** **(mg/kg de bhórón (B), cóbalt (Co), copar (Cu), iarann (Fe), mangainéis (Mn), molaibdéineam (Mo) agus sinc (Zn) iomlán))**
Arsanaic (As)	1000
Caidmiam (Cd)	200
Luaidhe (Pb)	600
Mearcair (Hg)	100
Nicil (Ni)	2000

PFC 1(C)(II)(a): Leasachán neamhorgánach micreachothaitheach aonábhair

1. Beidh cion dearbhaithe d'aon chothaitheach amháin i leasachán micreachothaitheach aonábhair.

2. Comhlíonfaidh an táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, ceann amháin de na tíopeolaíochtaí, tuairiscí agus ceanglais maidir le híoschion cothaitheach sa tábla thíos.

Tíopeolaíocht	**Tuairisc**	**Íoschion cothaitheach**
Leasachán micreachothaitheach salainn	Leasachán micreachothaitheach soladach a fhaightear go ceimiceach ina bhfuil salann d'ian mianrach, ocsaíd nó hiodrocsaíd mar bhunábhar ann	Beidh 10 % de réir maise den táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, déanta de mhicreachothaitheach uiscethuaslagtha
Leasacháin atá bunaithe ar mhicreachothaithigh	Leasachán micreachothaitheach ina bhfuil leasachán micreachothaitheach salainn le chéile le leasachán micreachothaitheach salainn amháin eile nó níos mó agus/nó le crágach micreachothaitheach aonair	Beidh 5 % de réir maise den táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, déanta de mhicreachothaitheach
Leasachán micreachothaitheach tuaslagáin	Tuaslagán uisceach d'fhoirmeacha éagsúla de leasachán micreachothaitheach	Beidh 2 % de réir maise den táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, déanta de

		mhicreachothaitheach uiscethuaslagtha
Leasachán micreachothaitheach i bhfuaidreán	Táirge a fhaightear trí fhoirmeacha éagsúla leasacháin cothaitheach a chur i bhfuaidreán	Beidh 2 % de réir maise den táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, déanta de mhicreachothaitheach
Leasachán micreachothaitheach crágach	Táirge uiscethuaslagtha ina gcuirtear an micreachothaitheach fógartha le chéile go ceimiceach le hoibreán crágtha/oibreáin chrágtha a chomhlíonann ceanglais PFC 5(B)	• Beidh 5 % de réir maise den táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, déanta de mhicreachothaitheach uiscethuaslagtha, agus • beidh ar a laghad 80 % den mhicreachothaitheach uiscethuaslagtha crágtha le hoibreán crágtha a chomhlíonann ceanglais PFC 5(B)
Leasachán micreachothaitheach coimpléascach	Táirge uiscethuaslagtha ina gcuirtear an micreachothaitheach fógartha le chéile go ceimiceach le hoibreán coimpléascúcháin/oibreáin choimpléascúcháin a chomhlíonann ceanglais PFC 5(C)	• Beidh 5 % de réir maise den táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, déanta de mhicreachothaitheach uiscethuaslagtha, agus • beidh ar a laghad 80 % den mhicreachothaitheach uiscethuaslagtha coimpléascaithe le hoibreán coimpléascúcháin a chomhlíonann ceanglais PFC 5(C)

PFC 1(C)(II)(b): Leasachán neamhorgánach micreachothaitheach cumaisc

1. Beidh cion dearbhaithe de níos mó ná micreachothaitheach amháin i leasachán neamhorgánach micreachothaitheach soladach cumaisc.

2. Beidh cothaithigh dhearbhaithe sa táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, i gceann amháin de na cainníochtaí seo a leanas ar a laghad:

    - 2 % de réir maise i gcás leasacháin i bhfuaidreán nó i dtuaslagán ('leasacháin neamhorgánacha mhicreachothaitheacha cumaisc'), áit a chiallaíonn
        - 'fuaidreán' easrú déphasach ina gcoinnítear cáithníní soladacha i bhfuaidreán sa leachtphas, agus

- 'tuaslagán' leacht atá saor ó cháithníní soladacha, agus
- 5 % de réir maise i gcás leasacháin eile (leasacháin neamhorgánacha mhicreachothaitheacha cumaisc sholadacha)

PFC 2: ÁBHAR AOLTA

1. Is é is ábhar aolta ann táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, arb é is aidhm leis aigéadeacht ithreach a cheartú, agus ina bhfuil ocsaídí, hiodrocsaídí, carbónáití nó silicáití den chothaitheach cailciam (Ca) nó maignéisiam (Mg).
2. Níor cheart níos mó ná na cainníochtaí seo a leanas d'éilleáin a bheith sa táirge leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE:
   - Caidmiam (Cd) 3 mg/kg d'ábhar tirim,
   - Cróimiam heicsifhiúsach (Cr VI) 2 mg/kg d'ábhar tirim,
   - Mearcair (Hg) 2 mg/kg d'ábhar tirim,
   - Nicil (Ni) 90 mg/kg d'ábhar tirim,
   - Luaidhe (Pb) 200 mg/kg d'ábhar tirim, agus
   - Arsanaic (As) 120 mg/kg d'ábhar tirim.
3. Comhlíonfar na paraiméadair seo a leanas a chinntear ar ábhar tirim:
   - Luach neodraitheach íosta: 15 (coibhéis CaO) nó 9 (coibhéis HO^-), agus
   - Imoibríocht íosta: 10 % nó 50 % tar éis 6 mhí (tástáil ghoir).

PFC 3: FEABHSAITHEOIR ITHREACH

Is é is feabhsaitheoir ithreach ann táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, a bhfuil sé beartaithe é a chur leis an ithir chun críche airíonna fisiceacha nó ceimiceacha, struchtúr nó ghníomhaíocht bhitheolaíoch na hithreach a chothabháil, a fheabhsú nó a chosaint.

PFC 3(A): Feabhsaitheoir orgánach ithreach

1. Ní bheidh i bhfeabhsaitheoir orgánach ithreach ach ábhar de bhunadh bitheolaíoch amháin, cé is moite d'ábhar atá iontaisithe nó neadaithe i bhfoirmíochtaí geolaíocha.
2. Níor cheart níos mó ná na cainníochtaí seo a leanas d'éilleáin a bheith sa táirge leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE:
   - Caidmiam (Cd) 3 mg/kg d'ábhar tirim,
   - Cróimiam heicsifhiúsach (Cr VI) 2 mg/kg d'ábhar tirim,
   - Mearcair (Hg) 1 mg/kg d'ábhar tirim,
   - Nicil (Ni) 50 mg/kg d'ábhar tirim, agus
   - Luaidhe (Pb) 120 mg/kg d'ábhar tirim.
3. Nuair atá seachtháirge ainmhithe mar atá sainmhínithe i Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 i dtáirge leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE
   (a) Ní bheidh *Salmonella spp*. ann i sampla 25 g den táirge leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE.

(b) Ní bheidh ceachtar den dá chineál bhaictéir seo a leanas sa táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, i dtiúchan níos mó ná 1 000 ADC/g mais úr:

- *Escherichia coli*, ná
- Enterococcaceae.

Léireofar an méid sin trí láithreacht ceann amháin ar a laghad den dá chineál baictéir seo a thomhas.

4. Beidh 40 % nó níos mó d'ábhar tirim sa táirge leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE.

5. Beidh carbón orgánach (C) sa táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, ag 7.5 % de réir maise ar a laghad.

PFC 3(B): Feabhsaitheoir neamhorgánach ithreach

1. Is é is feabhsaitheoir neamhorgánach ithreach ann feabhsaitheoir ithreach nach feabhsaitheoir orgánach ithreach é.

2. Níor cheart níos mó ná na cainníochtaí seo a leanas d'éilleáin a bheith sa táirge leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE:

- Caidmiam (Cd) 1,5 mg/kg d'ábhar tirim,
- Cróimiam heicsifhiúsach (Cr VI) 2 mg/kg d'ábhar tirim,
- Mearcair (Hg) 1 mg/kg d'ábhar tirim,
- Nicil (Ni) 100 mg/kg d'ábhar tirim, agus
- Luaidhe (Pb) 150 mg/kg d'ábhar tirim.

PFC 4: MEÁN FÁIS

1. Is é is meán fáis ann ábhar seachas ithir a bheartaítear a úsáid mar shubstráit le haghaidh fréamhfhorbartha.

2. Níor cheart níos mó ná na cainníochtaí seo a leanas d'éilleáin a bheith sa táirge leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE:

- Caidmiam (Cd) 3 mg/kg d'ábhar tirim,
- Cróimiam heicsifhiúsach (Cr VI) 2 mg/kg d'ábhar tirim,
- Mearcair (Hg) 1 mg/kg d'ábhar tirim,
- Nicil (Ni) 100 mg/kg d'ábhar tirim, agus
- Luaidhe (Pb) 150 mg/kg d'ábhar tirim.

3. Ní bheidh *Salmonella spp*. ann i sampla 25 g den táirge leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE.

4. Ní bheidh ceachtar den dá chineál bhaictéir seo a leanas sa táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, i dtiúchan níos mó ná 1 000 ADC/g mais úr:

(a) *Escherichia coli*, nó

(b) Enterococcaceae.

Léireofar an méid sin trí láithreacht ceann amháin ar a laghad den dá chineál baictéir seo a thomhas.

PFC 5: BREISEÁN AGRANAMAÍOCH

Is é is breiseán agranamaíoch ann táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, a bhfuil sé beartaithe é a chur le táirge a thugann cothaitheach do phlandaí, chun críche phatrúin scaoilte na gcothaitheach atá ag an táirge sin a fheabhsú.

PFC 5(A): Coscaire

1. Is é is coscaire ann substaint nó meascán a mhoillíonn nó a stopann gníomhaíocht grúpaí áirithe miocrorgánach nó einsímí.

2. Beidh gach substaint cláraithe de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006,[5] i sainchomhad ina bhfuil:

   (a) an fhaisnéis dá bhforáiltear in Iarscríbhinn VI, VII agus VIII de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, agus

   (b) tuarascáil ar shábháilteacht cheimiceach de bhun Airteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 a chuimsíonn úsáid mar tháirge leasacháin,

   mura bhfuil sé cuimsithe go sainráite faoi cheann de na díolúintí ón oibleagáid clárúcháin dá bhforáiltear in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán sin nó faoi phointí 6, 7, 8, nó 9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin.

PFC 5(A)(I): Coscaire nítriginiúcháin

1. Cuirfidh coscaire nítriginiúcháin cosc ar an ocsaídiú bitheolaíoch ar nítrigin amóiniach (NH_3-N) go nítrigin nítríte (NO_2^-), ag cur moille ar an gcaoi sin ar fhoirmliú nítrigine níotráite (NO_3^-).

2. Léireoidh tástáil ghoir ithreach lena dtomhaistear an ráta ocsaídithe nítrigine amóiniaiche (NH^3-N)

   - de réir imeacht na nítrigine amóiniach (NH^3-N), nó
   - suim na táirgeachta nítrigine nítríte (NO_2) agus na nítrigine níotráite (NO_3) i leith na tréimhse

   in ithirshampla inar cuireadh coscaire nítriginiúcháin leis, léireoidh an tástáil sin difríocht staidrimh sa ráta ocsaídithe nítrigine amóiniaiche (NH_3-N) nuair a chuirtear i gcomparáid é le sampla rialaithe nár cuireadh coscaire nítriginiúcháin leis.

PFC 5(A)(II): Coscaire úiréáise

1. Cuirfidh coscaire úiréáise cosc ar ghníomhaíocht hidrealaíoch ar úiré (CH_4N_2O) trí einsím úiréáise, arb é an phríomhaidhm atá leis galú amóinia a laghdú.

2. Léireoidh tomhas *in vitro* ar ráta hidrealaithe an úiré (CH_4N_2O) i leith na tréimhse in ithirshampla i gcás inar cuireadh an coscaire úiréáise leis, léireoidh sé difríocht staidrimh sa ráta hidrealaithe nuair a chuirtear i gcomparáid é le sampla rialaithe nár cuireadh coscaire úiréáise leis.

[5] I gcás breiseán a aisghabhadh san Aontas Eorpach, comhlíontar an coinníoll seo más ionann an breiseán, de réir bhrí Airteagal 2(7)(d)(i) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, agus substaint atá cláraithe i sainchomhad ina bhfuil an fhaisnéis a léirítear anseo, agus má tá faisnéis ar fáil do mhonaróir an táirge leasacháin de réir bhrí Airteagal 2(7)(d)(ii) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006.

PFC 5(B): Oibreán crágtha

1. Is é is oibreán crágtha ann substaint orgánach a bhfuil sé beartaithe leis feabhas a chur le hinfhaighteacht fhadtéarmach cothaitheach do phlandaí, ina bhfuil móilín

   - ar móilín é a bhfuil dhá shuíomh nó níos mó ann a dheonaíonn leictreondíseanna do chaitian miotail thrasdultaigh lárnach (sinc (Zn), copar (Cu), iarann (Fe) maignéisiam (Mg), cailciam (Ca) nó cóbalt (Co)), agus atá
   - mór go leor chun struchtúr fáinneach de chúig nó sé bhall a dhéanamh.

2. Beidh an tsubstaint cláraithe de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006,[6] i sainchomhad ina bhfuil:

   (a) an fhaisnéis dá bhforáiltear in Iarscríbhinn VI, VII agus VIII de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, agus

   (b) tuarascáil ar shábháilteacht cheimiceach de bhun Airteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 a chuimsíonn úsáid mar tháirge leasacháin,

   mura bhfuil sé cuimsithe go sainráite faoi cheann de na díolúintí ón oibleagáid clárúcháin dá bhforáiltear in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán sin nó faoi phointí 6, 7, 8, nó 9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin.

3. Ní mór don táirge leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE a bheith fós cobhsaí tar éis 3 lá i ngnáth-thuaslagán Hoagland ag pH 7 agus 8.

PFC 5(C): Oibreán coimpléascúcháin

1. Is é is oibreán coimpléascúcháin ann substaint orgánach lena mbeartófar cur le hinfhaighteacht fhadtéarmach cothaitheach do phlandaí, ar féidir leis struchtúr réidh nó steireach a fhoirmiú ina bhfuil catian miotail thrasdhultaigh défhiúsach nó trífhiúsach amháin.

2. Beidh an tsubstaint cláraithe de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006,[7] i sainchomhad ina bhfuil:

   (a) an fhaisnéis dá bhforáiltear in Iarscríbhinn VI, VII agus VIII de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, agus

   (b) tuarascáil ar shábháilteacht cheimiceach de bhun Airteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 a chuimsíonn úsáid mar tháirge leasacháin,

   mura bhfuil sé cuimsithe go sainráite faoi cheann de na díolúintí ón oibleagáid clárúcháin dá bhforáiltear in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán sin nó faoi phointí 6, 7, 8, nó 9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin.

3. Ní mór don táirge leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE a bheith fós cobhsaí tar éis 1 lá i ngnáth-thuaslagán Hoagland ag pH 6 agus 7.

---

[6] I gcás breiseán a aisghabhadh san Aontas Eorpach, comhlíontar an coinníoll seo más ionann an breiseán, de réir bhrí Airteagal 2(7)(d)(i) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, agus substaint atá cláraithe i sainchomhad ina bhfuil an fhaisnéis a léirítear anseo, agus má tá faisnéis ar fáil do mhonaróir an táirge leasacháin de réir bhrí Airteagal 2(7)(d)(ii) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006.

[7] I gcás breiseán a aisghabhadh san Aontas Eorpach, comhlíontar an coinníoll seo más ionann an breiseán, de réir bhrí Airteagal 2(7)(d)(i) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, agus substaint atá cláraithe i sainchomhad ina bhfuil an fhaisnéis a léirítear anseo, agus má tá faisnéis ar fáil do mhonaróir an táirge leasacháin de réir bhrí Airteagal 2(7)(d)(ii) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006.

PFC 6: BITHSPREAGTHACH PLANDAÍ

1. Is é is bithspreagthach plandaí ann táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, lena spreagtar próisis cothaithe plandaí beag beann ar chion cothaitheach an táirge, leis an aon aidhm amháin feabhas a chur ar shaintréith amháin nó níos mó díobh seo a leanas den phlanda:

   (a) éifeachtúlacht in úsáid cothaitheach,

   (b) frithsheasmhacht in aghaidh strus aibitheach, nó

   (c) tréithe cáilíochta bairr.

2. Níor cheart níos mó ná na cainníochtaí seo a leanas d'éilleáin a bheith sa táirge leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE:

   - Caidmiam (Cd) 3 mg/kg d'ábhar tirim,
   - Cróimiam heicsifhiúsach (Cr VI) 2 mg/kg d'ábhar tirim, agus
   - Luaidhe (Pb) 120 mg/kg d'ábhar tirim.

3. Beidh na héifeachtaí atá maíte ar an lipéad, le haghaidh na mbarr atá sonraithe ar an lipéad sin, ag an mbithspreagthach plandaí.

PFC 6(A): Bithspreagthach miocróbach plandaí

1. Ní bheidh i mbithspreagthach miocróbach plandaí ach miocrorgánach nó grúpa miocrorgánach dá dtagraítear sa Chatagóir Comhábhair 7 d'Iarscríbhinn II.

2. Níor cheart níos mó ná na cainníochtaí seo a leanas d'éilleáin a bheith sa táirge leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE:

   - Mearcair (Hg) 1 mg/kg d'ábhar tirim, agus
   - Nicil (Ni) 50 mg/kg d'ábhar tirim.

3. Ní bheidh *Salmonella spp*. ann i sampla 25 g nó 25 ml den táirge leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE.

4. Ní bheidh *Escherichia coli* ann i sampla 1 g nó 1 ml den táirge leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE.

5. Níor cheart níos mó ná 10 ADC/g mais úr d'Enterococcaceae a bheith sa táirge leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE.

6. Ní bheidh Listeria monocytogenes ann i sampla 25 g nó 25 ml den táirge leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE.

7. Ní bheidh *Vibrio spp* ann i sampla 25 g nó 25 ml den táirge leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE.

8. Ní bheidh Shigella spp ann i sampla 25 g nó 25 ml den táirge leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE.

9. Ní bheidh Stafalacocas órga ann i sampla 1 g nó 1 ml den táirge leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE.

10. Ní bheidh áireamh coilíneachtaí aeróbacha níos mó ná 10^5 ADC/g nó ml i sampla den táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, mura rud é gur baictéar aeróbach é an bithspreagthach miocróbach.

11. Ní bheidh áireamh múscáin agus giosta níos mó ná 1000 ADC/g nó ml i sampla den táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, mura rud é gur fungas é an bithspreagthach miocróbach.

12. Nuair is fuaidreán nó tuaslagán é an bithspreagthach miocróbach plandaí, áit a chiallaíonn:

- 'fuaidreán' easrú déphasach ina gcoinnítear cáithníní soladacha i bhfuaidreán sa leachtphas, agus
- tuaslagán leacht atá saor ó cháithníní soladacha.

beidh pH níos mó ná nó cothrom le 4 ag bithspreagthach plandaí.

13. Beidh 6 mhí ar a laghad i seilfré an bhithspreagthaigh mhiocróbaigh plandaí faoi na dálaí stórála atá sonraithe ar an lipéad.

PFC 6(B): Bithspreagthach neamh-mhiocróbach plandaí

Is é is bithspreagthach neamh-mhiocróbach plandaí ann bithspreagthach plandaí seachas bithspreagthach miocróbach plandaí.

PFC 6(B)(I): Bithspreagthach neamh-mhiocróbach orgánach plandaí

1. Beidh bithspreagthach neamh-mhiocróbach orgánach plandaí déanta de shubstaint nó meascán ina bhfuil carbón (C) de bhunadh ainmhíoch nó de bhunadh planda amháin.

2. Níor cheart níos mó ná na cainníochtaí seo a leanas d'éilleáin a bheith sa táirge leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE:

- Mearcair (Hg) 1 mg/kg d'ábhar tirim, agus
- Nicil (Ni) 50 mg/kg d'ábhar tirim.

3. Ní bheidh *Salmonella spp*. ann i sampla 25 g den táirge leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE.

4. Ní bheidh ceachtar den dá chineál bhaictéir seo a leanas sa táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, de réir mais úr níos mó ná 1 000 ADC/g:

(a) *Escherichia coli*, nó

(b) Enterococcaceae.

Léireofar an méid sin trí láithreacht ceann amháin ar a laghad den dá chineál baictéir seo a thomhas.

PFC 6(B)(II): Bithspreagthach neamh-mhiocróbach neamhorgánach plandaí

1. Is é is bithspreagthach neamh-mhiocróbach neamhorgánach plandaí ann bithspreagthach plandaí nach bithspreagthach neamh-miocróbach orgánach plandaí é.

2. Níor cheart níos mó ná na cainníochtaí seo a leanas d'éilleáin a bheith sa táirge leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE:

- Mearcair (Hg) 2 mg/kg d'ábhar tirim,
- Nicil (Ni) 120 mg/kg d'ábhar tirim, agus
- Arsanaic (As) 60 mg/kg d'ábhar tirim.

PFC 7: CUMASCTHÁIRGE LEASACHÁIN

1. Is é is cumasctháirge leasachán ann táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, atá comhdhéanta de dhá tháirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, ó chatagóir 1-6, nó níos mó.

2. Léireofar go bhfuil ceanglais an Rialacháin seo á gcomhlíonadh ag gach táirge leasacháin atá ina gcomhábhar sa chumasc i gcomhréir leis an nós imeachta um measúnú comhréireachta is infheidhme maidir leis an táirge leasacháin sin.

3. Ní athróidh an cumasc nádúr aon cheann de na táirgí leasacháin atá ina gcomhábhar

   - ar bhealach a mbeadh éifeacht dhíobhálach aige ar shláinte an duine, sláinte ainmhithe nó sláinte plandaí, ar shábháilteacht, nó ar an gcomhshaol, faoi dhálaí stórála nó úsáide réasúnta intuartha an cumasctháirge leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE, ná

   - ar aon bhealach suntasach eile.

4. Déanfaidh monaróir an chumaisc measúnú ar chomhréireacht an chumaisc leis na ceanglais atá leagtha amach i míreanna 1-3 thuas, áiritheoidh sé go gcomhlíontar na ceanglais maidir le lipéadú atá leagtha síos in Iarscríbhinn III, agus glacfaidh sé freagracht de bhun Airteagal 15(4) den Rialachán seo as ceanglais an Rialacháin seo a bheith á gcomhlíonadh ag an gcumasc tríd an méid seo a leanas:

   - dearbhú comhréireachta de chuid an Aontais Eorpaigh a tharraingt suas don cumasctháirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, i gcomhréir le hAirteagal 6(2) den Rialachán seo, agus

   - dearbhú comhréireachta de chuid an Aontais a bheith ina sheilbh do gach táirge leasacháin atá ina gcomhábhar.

5. Urramóidh oibreoirí eacnamaíocha a chuireann cumasctháirgí leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, ar fáil ar an margadh na forálacha seo a leanas den Rialachán seo i dtaca le dearbhú comhréireachta an Aontais do gach táirge leasacháin atá ina chomhábhar agus don chumasc féin chomh maith.

   - Airteagal 6(3) (oibleagáid ar mhonaróirí dearbhú comhréireachta an Aontais a choinneáil);

   - Airteagal 7(2) (oibleagáid ar ionadaithe údaraithe dearbhú comhréireachta an Aontais a choinneáil);

   - Airteagal 8(2) (oibleagáid ar allmhaireoirí a áirithiú go ngabhann dearbhú comhréireachta an Aontais Eorpaigh leis an táirge leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE);

   - Airteagal 8(8) (oibleagáid ar allmhaireoirí cóip de dhearbhú comhréireachta an Aontais a choinneáil ar fáil do na húdaráis um fhaireachas margaidh); agus

   - Airteagal 9(2) (oibleagáid ar dháileoirí a fhíorú go ngabhann dearbhú comhréireachta an Aontais Eorpaigh leis an táirge leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE).

IARSCRÍBHINN II
Catagóirí Comhábhair

Ní bheidh i dtáirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, ach amháin ábhair a chomhlíonann na ceanglais do cheann amháin nó níos mó de na Catagóirí Comhábhair ('CMC' – *Component Material Categories*) atá liostaithe thíos.

Ní bheidh sna comhábhair, ná sna hábhair ionchuir a úsáidtear lena dtáirgeadh, aon tsubstaint a léirítear luachanna uasteorann ina leith in Iarscríbhinn I den Rialacháin seo, i gcainníochtaí a chuirfeadh isteach ar chomhlíonadh ceann de cheanglais infheidhme na hIarscríbhinne sin ag an táirge leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE.

CUID I
FORBHREATHNÚ AR CHATAGÓIRÍ COMHÁBHAIR

CMC 1: Substaintí íonábhair agus meascáin íonábhair

CMC 2: Plandaí, codanna de phlandaí nó eastóscáin phlandaí atá neamhphróiseáilte nó próiseáilte go meicniúil

CMC 3: Múirín

CMC 4: Díleáiteán barr breosla

CMC 5: Díleáiteán eile seachas díleáteán barr breosla

CMC 6: Seachtháirgí de chuid thionscal an bhia

CMC 7: Miocrorgánaigh

CMC 8: Breiseáin agranamaíocha

CMC 9: Polaiméirí cothaitheacha

CMC 10: Polaiméirí eile seachas polaiméirí cothaitheacha

CMC 11: Seachtháirgí áirithe ainmhithe

CUID II
CEANGLAIS A BHAINEANN LE CATAGÓIRÍ COMHÁBHAIR

Sa Chuid seo tá sainiú ar chomhábhair ar gá táirgí leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, a bheith déanta astu, agus astu sin amháin.

CMC 1: SUBSTAINTÍ ÍONÁBHAIR AGUS MEASCÁIN ÍONÁBHAIR

1. Féadfar substaintí agus meascáin bheith i dtáirge leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE, seachas an méid seo a leanas[8]:

   (a) dramhaíl de réir bhrí Threoir 2008/98/CE,

   (b) seachtháirgí de réir bhrí Threoir 2008/98/CE,

   (c) ábhair a bhí ina chuid de cheann de na hábhair a luaitear i bpointe a nó i bpointe b,

[8] Is féidir le hábhar atá eisiata ó CMC 1 bheith fós ina chomhábhar incháilithe de bhua CMC eile a ordaíonn ceanglais dhifriúla. Féach, mar shampla, CMC 11 maidir le seachtháirgí ainmhithe, CMC 9 agus CMC 10 maidir le polaiméirí, agus CMC 8 maidir le breiseáin agranamaíocha.

(d) seachtháirgí ainmhithe de réir bhrí Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009,

(e) polaiméirí, nó

(f) substaintí nó meascáin lena mbeartaítear feabhas a chur ar phatrúin scaoilte cothaitheach an táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, ina bhfuil siad.

2. Beidh na substaintí uile a bheidh sa táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, leo féin nó i meascán, beidh siad cláraithe de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, i sainchomhad ina mbeidh an méid seo a leanas:

(a) an fhaisnéis dá bhforáiltear in Iarscríbhinn VI, VII agus VIII de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, agus

(b) tuarascáil ar shábháilteacht cheimiceach de bhun Airteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 a chuimsíonn úsáid mar tháirge leasacháin,

mura bhfuil sé cuimsithe go sainráite faoi cheann de na díolúintí ón oibleagáid clárúcháin dá bhforáiltear in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán sin nó faoi phointí 6, 7, 8, nó 9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin.

CMC 2: PLANDAÍ, CODANNA DE PHLANDAÍ NÓ EASTÓSCÁIN PHLANDAÍ ATÁ NEAMHPHRÓISEÁILTE NÓ PRÓISEÁILTE GO MEICNIÚIL

1. Féadfar plandaí, codanna de phlandaí nó eastóscáin phlandaí, nach ndearnadh aon phróiseáil orthu seachas gearradh, meilt, lártheifneoiriú, fáscadh, triomú, reothriomú nó éastóscadh le huisce, bheith i dtáirge leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE.

2. Chun críche mhír 1, tuigfear go gcuimsíonn plandaí algaí agus nach gcuimsíonn plandaí algaí gormghlasa.

CMC 3: MÚIRÍN

1. Féadfaidh táirge leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE bheith déanta de mhúirín a fuarthas trí mhuiríniú aeróbach ar cheann amháin nó níos mó de na hábhair ionchuir seo a leanas agus orthusan amháin:

(a) Bithdhramhaíl de réir bhrí Threoir 2008/98/CE a thagann ó bhailiú bithdhramhaíola ar leithligh ag an bhfoinse;

(b) Seachtháirgí ainmhithe de chatagóirí 2 agus 3 i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009;

(c) Orgánaigh, bídís beo nó marbh, nó codanna díobh, atá neamhphróiseáilte nó nach bhfuil próiseáilte ach trí mhodh láimhe, meicniúil nó imtharraingteach, trí thuaslagadh in uisce, trí shnámhacht, trí éastóscadh le huisce, trí ghaldriogadh nó trína dtéamh díreach chun uisce a bhaint, nó a eastósctar ón aer trí mhodh ar bith, seachas

- cion orgánach na dramhaíola tí bardasaí measctha arna deighilt trí chóireáil mheicniúil, fhisiceimiceach, bhitheolaíoch agus/nó cóireáil láimhe,
- dríodar séarachais, dríodar tionsclaíoch nó dríodar dreidireachta, agus
- seachtháirgí ainmhithe de chatagóir 1 i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009;

(d) Breiseáin múirínithe a bhfuil gá leo le feabhas a chur ar fheidhmíocht phróisis nó ar fheidhmíocht chomhshaoil an phróiseas múirínithe ar choinníoll

- go bhfuil an breiseán cláraithe de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006,[9] i sainchomhad ina bhfuil
  - an fhaisnéis dá bhforáiltear in Iarscríbhinn VI, VII agus VIII de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, agus
  - tuarascáil ar shábháilteacht cheimiceach de bhun Airteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 a chuimsíonn úsáid mar tháirge leasacháin,

  mura bhfuil sé cuimsithe go sainráite ag ceann de na díolúintí maidir le hoibleagáid clárúcháin dá bhforáiltear in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán sin nó i bpointí 6, 7, 8, nó 9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, agus
- nach mó tiúchan iomlán na mbreiseán uile ná 5% de mheáchan iomlán an ábhair ionchuir; nó

(e) Aon ábhar atá liostaithe i bpointí (a)-(d)

- a múiríníodh nó a díghrádaíodh cheana, agus
- nach bhfuil níos mó ná 6 mg/kg d'ábhar tirim HIA_{16}[10] ann.

2. Déanfar an múiríniú i monarcha

- nach bpróiseálann ach ábhair ionchuir dá dtagraítear i mír 1 thuas, agus
- ina seachnófar teagmháil fhisiceach idir ábhair ionchuir agus aschuir, lena n-áirítear le linn stórála.

3. Is é is múiríniú aeróbach ann dianscaoileadh rialaithe ábhar in-bhithmhillte, atá aeróbach den chuid is mó agus lenar féidir teochtaí a oireann do bhaictéir theirmifileacha de thoradh teocht a táirgeadh go bitheolaíoch. Déanfar gach cuid den bhaisc a shuaitheadh go rialta agus go críochnúil le sláintíocht agus aonchineálachas an ábhair a áirithiú. Le linn an phróisis múirínithe, beidh ceann de na próifílí tréimhse-teochta seo a leanas ag gach cuid de gach baisc:

- 65°C nó níos mó ar feadh 5 lá ar a laghad,
- 60°C nó níos mó ar feadh 7 lá ar a laghad, nó
- 55°C nó níos mó ar feadh 14 lá ar a laghad.

4. Sa mhúirín

(a) ní bheidh níos mó ná 6 mg/kg d'ábhar tirim HIA_{16}[11] ann, agus

---

[9] I gcás breiseán a aisghabhadh san Aontas Eorpach, comhlíontar an coinníoll seo más ionann an breiseán, de réir bhrí Airteagal 2(7)(d)(i) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, agus substaint atá cláraithe i sainchomhad ina bhfuil an fhaisnéis a léirítear anseo, agus má tá faisnéis ar fáil do mhonaróir an táirge leasacháin de réir bhrí Airteagal 2(7)(d)(ii) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006.

[10] Suim de naftailéin, aicéanaftailéin, aicéanaiftéin, fluairéin, feanaintréin, antraicéin, fluaraintéin, piréin, beinsea[a]antraicéin, criséin, beinsea[b]fluaraintéin, beinsea[k]fluaraintéin, beinsipiréin, indéini[1,2,3-cd]piréin, dibeinsi[a,h]antraicéin agus beinsi[ghi]peiriléin

[11] Suim de naftailéin, aicéanaftailéin, aicéanaiftéin, fluairéin, feanaintréin, antraicéin, fluaraintéin, piréin, beinsea[a]antraicéin, criséin, beinsea[b]fluaraintéin, beinsea[k]fluaraintéin, beinsipiréin, indéini[1,2,3-cd]piréin, dibeinsi[a,h]antraicéin agus beinsi[ghi]peiriléin

(b) beidh cion nach mó ná 5 g/kg d'ábhar tirim d'eisíontais mhacrascópacha i bhfoirm gloine, miotail agus plaisteach os cionn 2 mm.

5. Amhail ó [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta 5 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], ní bheidh níos mó ná 2,5 g/kg d'ábhar tirim d'eisíontais mhacrascópacha i bhfoirm plaisteach os cionn 2 mm sa mhúirín. Faoin [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta 8 mbliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] déanfar athmheasúnú ar an teorainnluach 2.5 g/kg d'ábhar tirim chun an dul chun cinn maidir le bithdhramhaíl a bhailiú ar leithligh a chur san áireamh.

6. Comhlíonfaidh an múirín ceann amháin de na critéir chobhsaíochta seo a leanas ar a laghad:

(a) Ráta iontógála ocsaigine:

- Sainmhíniú: táscaire ar a mhéid is a ndéantar ábhar orgánach in-bhithmhillte a dhianscaoileadh laistigh de thréimhse áirithe ama. Níl an modh oiriúnach d'ábhar ina bhfuil cion níos mó ná 20 % de cháithníní ar mhéid > 10 mm,
- Critéar: uasmhéid 25 mmol O_2/kg d'ábhar orgánach/h; nó

(b) Fachtóir féintéimh:

- Sainmhíniú: is táscaire ar staid a gníomhaíochta bitheolaíche anaeróbaí í an uasteocht a shroicheann múirín i ndálaí caighdeánaithe,
- Critéar: Rottegrad III mar íosmhéid.

CMC 4: DÍLEÁITEÁN BARR BREOSLA

1. Féadfaidh táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, bheith déanta de mhúirín a fuarthas trí dhíghrádú aeróbach a dhéanamh ar cheann amháin nó níos mó de na hábhair ionchuir seo a leanas agus orthusan amháin:

(a) Plandaí nár úsáideadh chun aon críche eile. Chun críche na míre seo, tuigfear go gcuimsíonn plandaí algaí agus nach gcuimsíonn plandaí algaí gormghlasa;

(b) Breiseáin díghrádaithe a bhfuil gá leo le feabhas a chur ar fheidhmíocht phróisis nó ar fheidhmíocht chomhshaoil an phróiseas díghrádaithe ar choinníoll:

- go bhfuil an breiseán cláraithe de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006,[12] i sainchomhad ina bhfuil:
  - an fhaisnéis dá bhforáiltear in Iarscríbhinn VI, VII agus VIII de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, agus

[12] I gcás breiseán a aisghabhadh san Aontas Eorpach, comhlíontar an coinníoll seo más ionann an breiseán, de réir bhrí Airteagal 2(7)(d)(i) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, agus substaint atá cláraithe i sainchomhad ina bhfuil an fhaisnéis a léirítear anseo, agus má tá faisnéis ar fáil do mhonaróir an táirge leasacháin de réir bhrí Airteagal 2(7)(d)(ii) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006.

– tuarascáil ar shábháilteacht cheimiceach de bhun Airteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 a chuimsíonn úsáid mar tháirge leasacháin,

mura bhfuil sé cuimsithe go sainráite ag ceann de na díolúintí maidir le hoibleagáid clárúcháin dá bhforáiltear in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán sin nó i bpointí 6, 7, 8, nó 9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, agus

- nach mó tiúchan iomlán na mbreiseán uile ná 5% de mheáchan iomlán an ábhair ionchuir; nó

(c) Aon ábhar dá dtagraítear i bpointí (a)-(b) a díghrádaíodh cheana.

2. Déanfar an díghrádú anaeróbach i monarcha

- nach bpróiseálann ach ábhair ionchuir dá dtagraítear i mír 1 thuas, agus
- ina seachnófar teagmháil fhisiceach idir ábhair ionchuir agus aschuir, lena n-áirítear le linn stórála.

3. Is éard a bheidh sa díghrádú anaeróbach dianscaoileadh rialaithe ábhar in-bhithmhillte, atá anaeróbach den chuid is mó agus ag teochtaí atá oiriúnach do bhaictéir mheisifileacha nó do bhaictéir theirmilifeacha. Déanfar gach cuid den bhaisc a shuaitheadh go rialta agus go críochnúil le sláintíocht agus aonchineálachas an ábhair a áirithiú. Le linn an phróisis díghrádaithe, beidh ceann de na próifílí tréimhse-teochta seo a leanas ag gach cuid de gach baisc:

(a) Díghrádú anaeróbach teirmifileach ag 55°C ar feadh 24 uaire ar a laghad agus tréimhse coinneála hiodrálaí de 20 lá ar a laghad;

(b) Díghrádú anaeróbach teirmifileach ag 55° agus próiseas cóireála lena n-áirítear céim pháistéartha (70°C – 1u);

(c) Díghrádú anaeróbach teirmifileach ag 55°C agus múiríniú ina dhiaidh sin ag

- 65°C nó níos mó ar feadh 5 lá ar a laghad,
- 60°C nó níos mó ar feadh 7 lá ar a laghad, nó
- 55°C nó níos mó ar feadh 14 lá ar a laghad;

(d) Díghrádú anaeróbach meisifileach ag 37°-40°C agus próiseas cóireála lena n-áirítear céim pháistéartha (70°C – 1u); nó

(e) Díghrádú anaeróbach meisifileach ag 37-40°C agus múiríniú ina dhiaidh sin ag

- 65°C nó níos mó ar feadh 5 lá ar a laghad,
- 60°C nó níos mó ar feadh 7 lá ar a laghad, nó
- 55°C nó níos mó ar feadh 14 lá ar a laghad.

4. Comhlíonfaidh an chuid sholadach agus an chuid leachtach araon ceann amháin de na critéir chobhsaíochta seo a leanas:

(a) Ráta iontógála ocsaigine:

- Sainmhíniú: táscaire ar a mhéid is a ndéantar ábhar orgánach in-bhithmhillte a dhianscaoileadh laistigh de thréimhse áirithe ama. Níl an modh oiriúnach d'ábhar ina bhfuil cion níos mó ná 20 % de cháithníní ar mhéid > 10 mm.

- Critéar: uasmhéid 50 mmol O_2/kg d'ábhar orgánach/h; nó

(b) Poitéinsiúil bithgháis iarmharaigh:

- Sainmhíniú: táscaire ar an ngás a scaoileadh sa tréimhse 28 lá agus a tomhaiseadh in aghaidh na solad soghalaithe a bhí sa sampla. Déantar an tástáil faoi thrí, agus úsáidtear an meántoradh lena thaispeáint gur comhlíonadh an ceanglas. Is iad is solaid shoghalaithe ann na solaid sin i sampla ábhair a chailltear nuair a adhantar na solaid thirime ag 550°C.
- Critéar: uasmhéid 0,45 l bithgháis /g de sholaid shoghalaithe.

CMC 5: DÍLEÁITEÁN EILE SEACHAS DÍLEÁTEÁN BARR BREOSLA

1. Féadfaidh táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, bheith déanta de mhúirín a fuarthas trí dhíghrádú aeróbach a dhéanamh ar cheann amháin nó níos mó de na hábhair ionchuir seo a leanas agus orthusan amháin:

(a) Bithdhramhaíl de réir bhrí Threoir 2008/98/CE a thagann ó bhailiú bithdhramhaíola ar leithligh ag an bhfoinse;

(b) Seachtháirgí ainmhithe de chatagóirí 2 agus 3 i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009;

(c) Orgánaigh, bídís beo nó marbh nó codanna díobh, atá neamhphróiseáilte nó nach bhfuil próiseáilte ach trí mhodh láimhe, meicniúil nó imtharraingteach, trí thuaslagadh in uisce, trí shnámhacht, trí éastóscadh le huisce, trí ghaldriogadh nó trína dtéamh díreach chun uisce a bhaint, nó a eastósctar ón aer trí mhodh ar bith, seachas

- codán orgánach na dramhaíola tí bardasaí measctha arna deighilt trí chóireáil mheicniúil, fhisiceimiceach, bhitheolaíoch agus/nó cóireáil láimhe,
- dríodar séarachais, dríodar tionsclaíoch nó dríodar dreidireachta,
- seachtháirgí ainmhithe de chatagóir 1 i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009;

(d) Breiseáin díghrádaithe a bhfuil gá leo le feabhas a chur ar fheidhmíocht phróisis nó ar fheidhmíocht chomhshaoil an phróiseas díghrádaithe ar choinníoll:

- go bhfuil an breiseán cláraithe de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006,[13] i sainchomhad ina bhfuil:
  - an fhaisnéis dá bhforáiltear in Iarscríbhinn VI, VII agus VIII de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, agus

[13] I gcás breiseán a aisghabhadh san Aontas Eorpach, comhlíontar an coinníoll seo más ionann an breiseán, de réir bhrí Airteagal 2(7)(d)(i) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, agus substaint atá cláraithe i sainchomhad ina bhfuil an fhaisnéis a léirítear anseo, agus má tá faisnéis ar fáil do mhonaróir an táirge leasacháin de réir bhrí Airteagal 2(7)(d)(ii) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006.

– tuarascáil ar shábháilteacht cheimiceach de bhun Airteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 a chuimsíonn úsáid mar tháirge leasacháin,

mura bhfuil sé cuimsithe ag an díolúine maidir leis an oibleagáid clárúcháin dá bhforáiltear in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán sin nó i bpointí 6, 7, 8, nó 9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, agus

- nach mó tiúchan iomlán na mbreiseán uile ná 5% de mheáchan iomlán an ábhair ionchuir; nó

(e) Aon ábhar atá liostaithe i bpointí (a) - (d)

- a múiríníodh nó a díghrádaíodh cheana, agus
- nach bhfuil níos mó ná 6 mg/kg d'ábhar tirim HIA_{16}[14] ann.

2. Déanfar an díghrádú anaeróbach i monarcha

- nach bpróiseálann ach ábhair ionchuir dá dtagraítear i mír 1 thuas, agus
- ina seachnófar teagmháil fhisiceach idir ábhair ionchuir agus aschuir, lena n-áirítear le linn stórála.

3. Is éard a bheidh sa díghrádú anaeróbach dianscaoileadh rialaithe ábhar in-bhithmhillte, atá anaeróbach den chuid is mó agus ag teochtaí atá oiriúnach do bhaictéir mheisifileacha nó do bhaictéir theirmilifeacha. Déanfar gach cuid den bhaisc a shuaitheadh go rialta agus go críochnúil le sláintíocht agus aonchineálachas an ábhair a áirithiú. Le linn an phróisis díghrádaithe, beidh ceann de na próifílí tréimhse-teochta seo a leanas ag gach cuid de gach baisc:

(a) Díghrádú anaeróbach teirmifileach ag 55°C ar feadh 24 uaire ar a laghad agus tréimhse coinneála hiodrálaí de 50 lá ar a laghad;

(b) Díghrádú anaeróbach teirmifileach ag 55° agus próiseas cóireála lena n-áirítear céim pháistéartha (70°C – 1u);

(c) Díghrádú anaeróbach teirmifileach ag 55°C agus múiríniú ina dhiaidh sin ag

- 65°C nó níos mó ar feadh 5 lá ar a laghad,
- 60°C nó níos mó ar feadh 7 lá ar a laghad, nó
- 55°C nó níos mó ar feadh 14 lá ar a laghad;

(d) Díghrádú anaeróbach meisifileach ag 37°-40°C agus próiseas cóireála lena n-áirítear céim pháistéartha (70°C – 1u); nó

(e) Díghrádú anaeróbach meisifileach ag 37-40°C agus múiríniú ina dhiaidh sin ag

- 65°C nó níos mó ar feadh 5 lá ar a laghad,
- 60°C nó níos mó ar feadh 7 lá ar a laghad, nó
- 55°C nó níos mó ar feadh 14 lá ar a laghad.

[14] Suim de naftailéin, aicéanaftailéin, aicéanaiftéin, fluairéin, feanaintréin, antraicéin, fluaraintéin, piréin, beinsea[a]antraicéin, criséin, beinsea[b]fluaraintéin, beinsea[k]fluaraintéin, beinsipiréin, indéini[1,2,3-cd]piréin, dibeinsi[a,h]antraicéin agus beinsi[ghi]peiriléin

4. Ní bheidh níos mó ná 6 mg/kg d'ábhar tirim HIA_{16}[15] sa chuid sholadach ná sa chuid leachtach den díleáiteán.

5. Beidh cion nach mó ná 5 g/kg d'ábhar tirim d'eisíontais mhacrascópacha i bhfoirm gloine, miotail agus plaisteach os cionn 2 mm sa díleáiteán.

6. Amhail ó [Publications office: Cuir isteach an dáta 5 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], ní bheidh níos mó ná 2,5 g/kg d'ábhar tirim d'eisíontais mhacrascópacha i bhfoirm plaisteach os cionn 2 mm sa díleáitín. Faoin [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta 8 mbliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] déanfar athmheasúnú ar an teorainnluach 2.5 g/kg d'ábhar tirim chun an dul chun cinn maidir le bithdhramhaíl a bhailiú ar leithligh a chur san áireamh.

7. Comhlíonfaidh an chuid sholadach agus an chuid leachtach araon ceann amháin de na critéir chobhsaíochta seo a leanas:

   (a) Ráta iontógála ocsaigine:

   - Sainmhíniú: táscaire ar a mhéid is a ndéantar ábhar orgánach in-bhithmhillte a dhianscaoileadh laistigh de thréimhse áirithe ama. Níl an modh oiriúnach d'ábhar ina bhfuil cion níos mó ná 20 % de cháithníní ar mhéid > 10 mm.
   - Critéar: uasmhéid 50 mmol O_2/kg d'ábhar orgánach/h; nó

   (b) Poitéinsiúil bithgháis iarmharaigh:

   - Sainmhíniú: táscaire ar an ngás a scaoileadh sa tréimhse 28 lá agus a tomhaiseadh in aghaidh na solad soghalaithe a bhí sa sampla. Déantar an tástáil faoi thrí, agus úsáidtear an meántoradh lena thaispeáint gur comhlíonadh an ceanglas. Is iad is solaid shoghalaithe ann na solaid sin i sampla ábhair a chailltear nuair a adhantar na solaid thirime ag 550°C.
   - Critéar: uasmhéid 0,45 l bithgháis /g de sholaid shoghalaithe.

CMC 6: SEACHTHÁIRGÍ DE CHUID THIONSCAL AN BHIA

1. Féadfaidh comhábhar ina bhfuil ceann amháin nó níos mó de na substaintí seo a leanas bheith i dtáirge leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE:

   (a) aol ó mhonarcha i dtionscal an bhia, *i.e.* ábhar ón tionscal próiseála bia a fuarthas ó charbónáitiú ábhair orgánaigh, ag úsáid go heisiach aol dóite ó fhoinsí nádúrtha;

   (b) molás, *i.e.* seachtháirge slaodach ó scagadh cána siúcra nó biatais siúcra go siúcra; nó

   (c) fíonfhuílll, *i.e.* seachtháirge slaodach ó phróiseas coipthe moláis go heatánól, aigéad ascorbach nó táirgí eile.

[15] Suim de naftailéin, aicéanaftailéin, aicéanaiftéin, fluairéin, feanaintréin, antraicéin, fluaraintéin, piréin, beinsea[a]antraicéin, criséin, beinsea[b]fluaraintéin, beinsea[k]fluaraintéin, beinsipiréin, indéini[1,2,3-cd]piréin, dibeinsi[a,h]antraicéin agus beinsi[ghi]peiriléin

2. Beidh an tsubstaint cláraithe de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006,[16] i sainchomhad ina bhfuil:

(a) an fhaisnéis dá bhforáiltear in Iarscríbhinn VI, VII agus VIII de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, agus

(b) tuarascáil ar shábháilteacht cheimiceach de bhun Airteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 a chuimsíonn úsáid mar tháirge leasacháin,

mura bhfuil sé cuimsithe go sainráite faoi cheann de na díolúintí ón oibleagáid clárúcháin dá bhforáiltear in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán sin nó faoi phointí 6, 7, 8, nó 9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin.

CMC 7: MIOCRORGÁNAIGH

Féadfaidh miocrorgánaigh, lena n-áirítear miocrorgánaigh mharbha nó miocrorgánaigh fholmha agus eilimintí neamhdhíobhálacha an mheáin ar ar táirgeadh iad bheith i dtáirge leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE,

- nach ndearnadh próiseáil ar bith orthu seachas triomú nó reothriomú agus
- atá liostaithe sa tábla thíos:

Asótabaictéar spp.
Fungais mhíciríosa
Risibiam spp.
Asóispiriliam spp.

CMC 8: BREISEÁIN AGRANAMAÍOCHA

1. Ní fhéadfaidh substaint nó meascán lena mbeartaítear feabhas a chur lena phatrún scaoilte cothaitheach bheith i dtáirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, ach amháin má léiríodh, i gcomhréir leis an nós imeachta um measúnú comhréireachta is infheidhme maidir lena leithéid de bhreiseán agranamaíoch, gur chomhlíon an tsubstaint nó an meascán ceanglais an Rialacháin seo maidir le táirge i PFC 5 d'Iarscríbhinn I.

2. Beidh cainníocht den bhreiseán agranamaíoch comhlíontach sa táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, a bheidh leordhóthanach chun:

(a) an éifeacht, a maíodh san fhaisnéis a soláthraíodh d'úsáideoir na dtáirgí leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, a tháirgeadh, agus

(b) nach mbeadh éifeacht dhíobhálach aige ar shláinte an duine, sláinte ainmhithe ná sláinte plandaí, ar shábháilteacht, ná ar an gcomhshaol, faoi dhálaí stórála nó úsáide réasúnta intuartha an táirge leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE.

3. Ní fhéadfaidh coscaire nítriginiúcháin comhlíontach, dá dtagraítear i PFC 5(A)(I) d'Iarscríbhinn I a bheith i dtáirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, ach

[16] I gcás substaint a aisghabhadh san Aontas Eorpach, comhlíontar an coinníoll seo más ionann an tsubstaint, de réir bhrí Airteagal 2(7)(d)(i) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, agus substaint atá cláraithe i sainchomhad ina bhfuil an fhaisnéis a léirítear anseo, agus má tá faisnéis ar fáil do mhonaróir an táirge leasacháin de réir bhrí Airteagal 2(7)(d)(ii) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006.

amháin má tá 50% ar a laghad de chion nítrigine (N) iomlán an táirge leasacháin comhdhéanta de na foirmeacha nítrigine (N) amóiniam (NH_4+) agus úiré (CH_4N_2O).

4. Ní fhéadfaidh coscaire úiréáise comhlíontach, dá dtagraítear i PFC 5(A)(I) d'Iarscríbhinn I a bheith i dtáirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, ach amháin má tá 50% ar a laghad de chion nítrigine (N) iomlán an táirge leasacháin comhdhéanta d'úiré (CH_4N_2O) d'fhoirm nítrigine (N).

5. Beidh seilbh ag an monaróir an táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, ar dhearbhú comhréireachta an Aontais Eorpaigh don bhreiseán agranamaíoch comhlíontach.

6. Urramóidh oibreoirí eacnamaíocha a chuireann an táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, ar an margadh na forálacha seo a leanas den Rialachán seo i dtaca le dearbhú comhréireachta an Aontais don táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE agus don bhreiseán agranamaíoch comhlíontach araon.

   (a) Airteagal 6(3) (oibleagáid ar mhonaróirí dearbhú comhréireachta an Aontais a choinneáil);

   (b) Airteagal 7(2) (oibleagáid ar ionadaithe údaraithe dearbhú comhréireachta an Aontais a choinneáil);

   (c) Airteagal 8(2) (oibleagáid ar allmhaireoirí a áirithiú go ngabhann dearbhú comhréireachta an Aontais Eorpaigh leis an táirge leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE);

   (d) Airteagal 8(8) (oibleagáid ar allmhaireoirí cóip de dhearbhú comhréireachta an Aontais a choinneáil ar fáil do na húdaráis um fhaireachas margaidh); agus

   (e) Airteagal 9(2) (oibleagáid ar dháileoirí a fhíorú go ngabhann dearbhú comhréireachta an Aontais Eorpaigh leis an táirge leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE).

CMC 9: POLAIMÉIRÍ COTHAITHEACHA

1. Féadfaidh polaiméirí atá comhdhéanta de shubstaintí monaiméara a chomhlíonann an tuairisc in CMC I, agus díobh sin amháin, bheith i dtáirge leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE, i gcás inarb é cuspóir an pholaiméirithe scaoileadh cothaitheach ó shubstaint mhonaiméara amháin nó níos mó a rialú.

2. Beidh 3/5 ar a laghad de na polaiméirí intuaslagtha in uisce te.

3. Ní bheidh aon formaildéad sna polaiméirí.

CMC 10: POLAIMÉIRÍ EILE SEACHAS POLAIMÉIRÍ COTHAITHEACHA

1. Ní fhéadfaidh polaiméirí eile seachas polaiméirí cothaitheacha bheith i dtáirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, ach amháin i gcás inarb é is aidhm don pholaiméir

   (a) treá an uisce i gcáithníní cothaitheacha, agus scaoileadh na gcothaitheach dá bharr, a rialú (sa chás sin tagraítear don pholaiméir mar 'oibreán brataithe'), nó

   (b) acmhainn coinneála uisce an táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, a mhéadú.

2. Amhail ón [cuirfidh Oifig na bhFoilseachán an dáta trí bliana tar éis chur i bhfeidhm an Rialacháin seo isteach], comhlíonfar na critéir seo a leanas: Ní mór go bhféadfadh sé go dtiocfadh dianscaoileadh fisiceach, bitheolaíoch ar an bpolaiméir, sa chaoi is go ndianscaoilfear an chuid is mó de ar deireadh go dé-ocsaíd charbóin (CO_2), bithmhais agus uisce. Beidh 90% ar a laghad den charbón orgánach iompaithe ina CO_2 laistigh d'uastréimhse 24 mhí, i dtástáil in-bhithmhillteachta mar atá sonraithe i bpointí (a)-(c) thíos.

   (a) Déanfar an tástáil ag 25°C ± 2°C.

   (b) Déanfar an tástáil i gcomhréir le modh lena gcinntear in-bhithmhillteacht aeróbach deiridh na n-ábhar plaisteach in ithreacha tríd an éileamh ar ocsaigin nó an méid dé-ocsaíde carbóin dianscaoilte a thomhas.

   (c) Úsáidfear púdar ceallalóis micricriostalta a bhfuil an toise céanna aige agus atá ag an ábhar tástála a úsáidfear mar ábhar tagartha sa tástáil.

   (d) Roimh an tástáil, ní bheidh an t-ábhar tástála faoi réir coinníollacha ná nósanna imeachta atá ceaptha díghrádú an scannáin a luasghéarú, amhail nochtadh don teas nó don solas.

3. Ní bheidh aon éifeacht dhíobhálach fhoriomlán ag an bpolaiméir, ná ag na seachtháirgí óna díghrádú, ar shláinte ainmhithe ná ar shláinte plandaí, nó ar an gcomhshaol, faoi dhálaí úsáide ar féidir iad a thuar go réasúnta i dtáirge leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE. Éireoidh leis an bpolaiméir i ngéarthástáil tocsaineachta ar fhás planda, i ngéarthástáil tocsaineachta le péisteanna talún agus i dtástáil coscaire nítriginiúcháin le miocrorgánaigh ithreach mar a leanas:

   (a) Sa ghéarthástáil tocsaineachta ar fhás planda, beidh ráta péactha agus bithmhais planda an speicis planda a ndéantar tástáil air a fhástar san ithir a nochtadh d'ábhar tástála níos mó ná 90 % de ráta péactha agus bithmhais planda an speicis chéanna planda a fhástar in ithir bhán chomhfhreagrach nár nochtadh don ábhar tástála.

   (b) Ní mheasfar gur bailí na torthaí ach amháin má tá an méid seo a leanas le sonrú sna samplaí cóimheasa (*i.e.* ithir bhán).

      - tá péacadh 70 % ar a laghad ann;
      - ní léiríonn na síológa éifeachtaí fíteatocsaine infheicthe (e.g. clóróis, neacróis, sleabhcadh, dífhoirmiú duilleoige nó gais) agus níl ach an ghnáthéagsúlacht ó thaobh fáis agus moirfeolaíochta le sonrú sna plandaí;
      - is é 90 % ar a laghad meánráta marthanais na síológ rialaithe atá péactha aníos le linn na tréimhse staidéir; agus
      - tá na dálaí comhshaoil comhionann le haghaidh speiceas áirithe agus tá an méid céanna maitríse ithreach, meán tacaíochta, nó substráit ón bhfoinse chéanna sna meáin fáis.

   (c) Sa ghéarthástáil tocsaineachta le péisteanna talún, ní bheidh an difríocht i mortlaíocht agus bithmhais na bpéisteanna marthanacha in ithir a nochtadh d'ábhar tástála níos mó ná 10 % den mhéid a fhaightear ón ithir bhán chomhfhreagrach nár nochtadh don ábhar tástála. Measfar go bhfuil na torthaí bailí, más rud é:

      - gur < 10 % an céatadán mortlaíochta bhreathnaithe sa sampla cóimheasa (*i.e.* ithir bhán), agus

- nach mó ná 20 % meánchaillteanas bithmhaise (meánmheáchan) na bpéisteanna talún san ithir bhán.

(d) Sa tástáil coscaire nítriginiúcháin le miocrorgánaigh ithreach, beidh déanmhaíocht nítríte in ithir a nochtadh d'ábhar tástála níos mó ná 90 % den mhéid a fhaightear ón ithir bhán chomhfhreagrach nár nochtadh don ábhar tástála. Measfar go mbeidh na torthaí bailí, más lú ná ± 20% an éagsúlacht idir samplaí rialaithe macasamhlacha (ithir bhán) agus samplaí tástála.

CMC 11: SEACHTHÁIRGÍ ÁIRITHE AINMHITHE

Féadfaidh seachtháirgí ainmhithe a bheith i dtáirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, de réir bhrí Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 agus an críochphointe sa slabhra monaraíochta bainte amach aige, arna chinneadh i gcomhréir leis an Rialachán sin, atá liostaithe sa thíos agus mar atá sonraithe ann:

IARSCRÍBHINN III
Ceanglais maidir le lipéadú

Leagtar amach san Iarscríbhinn seo na ceanglais maidir le lipéadú a bhaineann le táirgí leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE. Na ceanglais atá leagtha síos i gCuid 2 agus i gCuid 3 den Iarscríbhinn seo do Chatagóir Feidhme an Táirge ('PFC') ar leith, de réir mar a shonraítear in Iarscríbhinn I iad, beidh feidhm acu i leith táirgí leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE i ngach fochatagóir de chuid an PFC sin.

CUID 1
CEANGLAIS GHINEARÁLTA MAIDIR LE LIPÉADÚ

1. Déanfar na heilimintí faisnéise a éilítear de bhun an Rialacháin seo a dheighilt go soiléir ó aon eilimintí faisnéise eile.

2. Cuirfear an fhaisnéis seo a leanas ar fáil:

   (a) Ainmniú Catagóirí Feidhme an Táirge ('PFC') de réir mar a shonraítear i gCuid I d'Iarscríbhinn I;

   (b) An méid den táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, atá ann, de réir maise nó toirte;

   (c) Treoir don úsáid atá beartaithe, lena n-áirítear an ráta leata beartaithe agus na plandaí a bhfuil sé beartaithe an táirge a leathadh orthu;

   (d) Aon fhaisnéis is ábhartha d'aon bheart a mholtar chun bainistiú a dhéanamh ar an riosca atá ann do shláinte duine, ainmhí nó planda, don tsábháilteacht, nó don chomhshaol; agus

   (e) Cur síos de réir mheáchan tirim an táirge, in ord íslitheach méide, ar gach comhábhar is mó ná 5%, lena n-áirítear ainm na catagóire ábhartha sin de chatagóirí na gcomhábhar ('CMC') dá dtagraítear in Iarscríbhinn II.

3. I gcás ina raibh comhlacht dá dtugtar fógra rannpháirteach sa nós imeachta um measúnú comhréireachta, déanfar uimhir aitheantais an chomhlachta sin a chur in iúl.

4. I gcás ina bhfuil seachtháirgí ainmhí de réir bhrí Rialachán (CE) Uimh 1069/2009, nach aoileach iad, sa táirge leasacháin a bhfuil an comhartha CE air, cuirfear air an treoir seo a leanas don úsáideoir: 'Ní bheathófar aon ainmhí feirmshaothraithe, go díreach nó ar féarach, nó le luibhre ó thalamh ar cuireadh an táirge amach air, ach i gcás nach ndéantar an bhaint nó an t-iníor sin sula mbí tréimhse fanachta 21 lá caite.'

5. I gcás ina bhfuil substaint sa táirge leasacháin ar leagadh síos uasteorainneacha iarmhair do bhia agus beatha ina leith i gcomhréir le Rialachán (CEE) Uimh. 315/93, Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, Rialachán (CE) Uimh. 470/2009 nó Treoir 2002/32/CE, áiritheofar leis na treoracha dá dtagraítear i mír 2(c) nach n-eascróidh as an úsáid atá beartaithe don táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, sárú na dteorainneacha bia nó beatha sin.

6. Ní ceart Catagóirí Feidhme an Táirge ('PFC') de réir mar a shonraítear in Iarscríbhinn I a lua ar tháirge, ar a bhfuil an comhartha CE, murar éirigh leis sa mheasúnú comhréireachta don PFC sin i gcomhréir leis an Rialacháin seo.

7. Na heilimintí faisnéise sin nach n-éilítear de bhun mhíreanna 2-6,

(a) ní chuirfidh siad amú an t-úsáideoir trí airíonna a lua leis an táirge nach bhfuil aige nó trína thabhairt le fios go bhfuil ag an táirge saintréithe uathúla a bhíonn ag táirgí cosúla freisin;

(b) bainfidh siad le fachtóirí infhíoraithe; agus

(c) ní mhaífear iontu go bhfuil an táirge 'inbhuanaithe' nó 'neamhdhíobhálach don chomhshaol' murar féidir a leithéid a fhíorú go hoibiachtúil de réir treoir, caighdeáin nó scéimeanna a bhfuil aitheantas forleathan acu.

8. Ní ceadmhach an frása 'clóiríd-dhaibhir' nó a leithéidí a úsáid ach amháin i gcás gur lú ná 30 g/kg an cion clóiríde (Cl^-) atá sa táirge.

CUID 2

CEANGLAIS THÁIRGE-SHONRACHA MAIDIR LE LIPÉADÚ

PFC 1: LEASACHÁN

1. I dtaca le nítrigin (N), fosfar (P) agus potaisiam (K), ní luafar a gcion ach i gcás ina bhfuil na cothaithigh sin le fáil i dtáirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, leis an íoschainníocht a shonraítear in Iarscríbhinn I do chatagóir feidhme ábhartha an táirge (PFC).

2. Baineann na rialacha seo a leanas le leasacháin a bhfuil coscaire nítriginiúcháin nó úiréáise iontu, de réir mar a shonraítear i mír 3 agus 4 de chatagóir na gComhábhar (CMC) 8 in Iarscríbhinn II:

(a) Sonrófar "coscaire nítriginiúcháin" nó "coscaire úiréáise", de réir mar is ábhartha, ar an lipéad, chomh maith le huimhir aitheantais an chomhlachta dá dtugtar fógra a scrúdaigh measúnú comhréireachta an choscaire nítriginiúcháin nó an choscaire úiréáise.

(b) Mar chéatadán de réir maise den nítrigin (N) iomlán ar ann dó mar nítrigin amóiniam (NH_4+) agus nítrigin úiré (CH_4N_2O) a shloinnfear cion an choscaire nítriginiúcháin.

(c) Mar chéatadán de réir maise den nítrigin (N) iomlán ar ann dó mar nítrigin úiré (CH_2N2O) a shloinnfear cion an choscaire úiréáise.

(d) Tabharfar faisnéis theicniúil lena bhféadfaidh an t-úsáideoir na rátaí agus na tráthanna leata a chinneadh i dtaca leis an mbarr a bheidh á chur.

PFC 1(A): Leasachán orgánach

Cuirfear na heilimintí faisnéise seo a leanas ar fáil:

(a) na cothaithigh dhearbhaithe nítrigin (N), fosfar (P) nó potaisiam (K), arna scríobh lena siombailí ceimiceacha, san ord N-P-K;

(b) na cothaithigh dhearbhaithe maignéisiam (Mg), cailciam (Ca) sulfar (S) nó sóidiam (Na), arna scríobh lena siombailí ceimiceacha, san ord Mg-Ca-S-Na;

(c) uimhreacha lena sonrófar cion iomlán na gcothaitheach dearbhaithe nítrigin (N), fosfar (P), nó potaisiam (K), maille le huimhreacha idir lúibíní lena sonrófar an cion iomlán do mhaignéisiam (Mg), cailciam (Ca), sulfar (S), nó sóidiam (Na),

(d) cion na gcothaitheach dearbhaithe seo a leanas, san ord seo a leanas agus mar chéatadán de réir maise den leasachán,

- Nítrigin iomlán (N)
  - íoschainníocht na nítrigine orgánaí (N), maille le cur síos ar bhunadh an ábhair orgánaigh atá in úsáid;
  - Nítrigin (N) i bhfoirm nítrigine amóiniche;
- Peantocsaíd fhosfair iomlán (P_2O_5);
- Ocsaíd photaisiam iomlán (K_2O);
- Ocsaíd mhaignéisiam (MgO), ocsaíd chailciam (CaO), trí-ocsaíd shulfair (SO_3) agus ocsaíd shóidiam (Na2O), arna sloinneadh
  - nuair is intuaslagtha in uisce do na cothaithigh sin ar fad, mar an gcion is intuaslagtha in uisce amháin;
  - nuair nach lú ná an ceathrú cuid ar a laghad de chion iomlán na gcothaitheach sin a gcion intuaslagtha, mar an gcion iomlán agus mar an gcion is intuaslagtha in uisce; agus
  - i gcásanna eile, mar an gcion iomlán;
- Copar (Cu) agus sinc (Zn) iomlán, más airde ná 200 agus 600 mg/kg d'ábhar tirim faoi seach;
- Carbón orgánach (C); agus
- Ábhar tirim.

PFC 1(B): Leasachán orgánaimianrach

1. Cuirfear ar fáil an fhaisnéis seo a leanas i dtaobh na macrachothaitheach:

(a) na cothaithigh dhearbhaithe nítrigin (N), fosfar (P) nó potaisiam (K), arna scríobh lena siombailí ceimiceacha, san ord N-P-K;

(b) na cothaithigh dhearbhaithe maignéisiam (Mg), cailciam (Ca) sulfar (S) nó sóidiam (Na), arna scríobh lena siombailí ceimiceacha, san ord Mg-Ca-S-Na;

(c) uimhreacha lena sonrófar cion iomlán na gcothaitheach dearbhaithe nítrigin (N), fosfar (P) nó potaisiam (K), maille le huimhreacha idir lúibíní lena sonrófar an cion iomlán do mhaignéisiam (Mg), cailciam (Ca), sulfar (S) nó sóidiam (Na);

(d) cion na gcothaitheach dearbhaithe seo a leanas, san ord seo a leanas agus mar chéatadán de réir maise den leasachán:

- Nítrigin iomlán (N)
  - íoschainníocht na nítrigine orgánaí (N), maille le cur síos ar bhunadh an ábhair orgánaigh atá in úsáid;
  - Nítrigin (N) i bhfoirm nítrigine nítríte;
  - Nítrigin (N) i bhfoirm nítrigine amóiniche;
  - Nítrigin (N) i bhfoirm nítrigine úiré;

- Peantocsaíd fhosfair iomlán (P_2O_5);
  - Peantocsaíd fhosfair uiscethuaslagtha (P_2O_5);
  - Peantocsaíd fhosfair (P_2O_5) is intuaslagtha i gciotráit amóiniam neodrach;
  - i gcás inarb ann do fhosfáit bhog mheilte, peantocsaíd fhosfair (P_2O_5) is intuaslagtha in aigéad formach;
- Ocsaíd photaisiam iomlán (K_2O);
  - Ocsaíd photaisiam uiscethuaslagtha (K_2O);
- ocsaíd mhaignéisiam (MgO), ocsaíd chailciam (CaO), trí-ocsaíd shulfair (SO_3) agus ocsaíd shóidiam (Na_2O), arna sloinneadh
  - nuair is intuaslagtha in uisce do na cothaithigh sin ar fad, mar an gcion is intuaslagtha in uisce amháin;
  - nuair nach lú ná an ceathrú cuid ar a laghad de chion iomlán na gcothaitheach sin a gcion intuaslagtha, mar an gcion iomlán agus mar an gcion is intuaslagtha in uisce;
  - i gcásanna eile, mar an gcion iomlán, agus

(e) i gcás inarb ann d'úiré (CH_4N_2O), faisnéis maidir leis na tionchair fhéideartha a d'imreodh scaoileadh amóinia le linn úsáid an leasacháin ar cháilíocht an aeir, agus cuireadh do na húsáideoirí bearta iomchuí feabhais a chur i bhfeidhm.

2. Mar chéatadán de réir maise a chuirfear na heilimintí seo a leanas in iúl ar an táirge leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE:

- Cion an charbóin orgánaigh (C); agus
- Cion an ábhair thirim.

PFC 1(B)(I): Leasachán orgánaimianrach soladach

I gcás inarb ann do cheann nó níos mó de na micreachothaithigh bórón (B), cóbalt (Co), copar (Cu), iarann (Fe), mangainéis (Mn), molaibdéineam (Mo) agus sinc (Zn) san íoschainníocht a shonraítear mar chéatadán de réir maise sa tábla seo thíos, féach

- go déanfar iad a dhearbhú má chuirtear d'aon ghnó iad le táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, agus
- go bhféadfar iad a dhearbhú i gcásanna eile:

Micreachothaitheach	**Chun úsáide ar bharra nó ar fhéarthailte**	**Chun úsáide gortóireachta**
Bórón (B)	0,01	0,01
Cóbalt (Co)	0,002	N/B
Copar (Cu)	0,01	0,002
Iarann (Fe)	0,5	0,02
Mangainéis (Mn)	0,1	0,01

Molaibdéineam (Mo)	0,001	0,001
Sinc	0,01	0,002

I ndiaidh na faisnéise i dtaobh na micreachothaitheach a dhearbhófar iad. Cuirfear na heilimintí faisnéise seo a leanas ar fáil:

(a) Ainmneacha agus siombailí ceimiceacha na micreachothaitheach dearbhaithe, arna liostú san ord seo a leanas: bórón (B), cóbalt (Co), copar (Cu), iarann (Fe), mangainéis (Mn), molaibdéineam (Mo) agus sinc (Zn), maille le hainm(neacha) a bhfrith-ian;

(b) Cion iomlán na micreachothaitheach arna sloinneadh mar chéatadán de réir maise den leasachán

– nuair is intuaslagtha in uisce do na cothaithigh sin ar fad, mar an gcion is intuaslagtha in uisce amháin;

– nuair nach lú ná an ceathrú cuid ar a laghad de chion iomlán na gcothaitheach sin a gcion intuaslagtha, mar an gcion iomlán agus mar an gcion is intuaslagtha in uisce; agus

– i gcásanna eile, mar an gcion iomlán;

(c) I gcás ina bhfuil na micreachothaithigh dhearbhaithe á gcrágadh ag oibreáin nó oibreán crágtha, cuirfear an ráiteas cáilithe seo a leanas ar lorg ainm agus shiombal ceimiceach an mhicreachothaithigh:

– 'arna chrágadh ag...' móide ainm nó giorrúchán an oibreáin chrágtha, agus cion an mhicreachothaithigh chrágtha mar chéatadán de réir maise den táirge ar a bhfuil an comhartha CE;

(d) I gcás inarb ann sa táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, do mhicrechothaithigh arna gcoimpléascú ag oibreáin nó oibreán coimpléascúcháin:

– an ráiteas cáilithe seo a leanas ar lorg ainm agus shiombal ceimiceach an mhicreachothaithigh: 'arna choimpléascú ag ...', móide cion an mhicreachothaithigh choimpléascaithe mar chéatadán de réir maise den táirge ar a bhfuil an comhartha CE; agus

– ainm nó giorrúchán an oibreáin choimpléascúcháin.

(e) An ráiteas seo a leanas: 'Ná húsáidtear ach i gcás ina n-aithnítear gá a bheith leis. Ná sáraítear teorainn na dáileoige iomchuí'.

PFC 1(B)(II): Leasachán orgánaimianrach leachtach

I gcás inarb ann do cheann nó níos mó de na micreachothaithigh bórón (B), cóbalt (Co), copar (Cu), iarann (Fe), mangainéis (Mn), molaibdéineam (Mo) agus sinc (Zn) san íoschainníocht a shonraítear mar chéatadán de réir maise sa tábla seo thíos, féach

- go déanfar iad a dhearbhú má chuirtear d'aon ghnó iad le táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, agus

- go bhféadfar iad a dhearbhú i gcásanna eile:

Micreachothaitheach	**Céatadán de réir maise**
Bórón (B)	0,01
Cóbalt (Co)	0,002
Copar (Cu)	0,002
Iarann (Fe)	0,02
Mangainéis (Mn)	0,01
Molaibdéineam (Mo)	0,001
Sinc	0,002

I ndiaidh na faisnéise i dtaobh na micreachothaitheach a dhearbhófar iad. Cuirfear na heilimintí faisnéise seo a leanas ar fáil:

(a) Ainmneacha agus siombailí ceimiceacha na micreachothaitheach dearbhaithe, arna liostú san ord seo a leanas: bórón (B), cóbalt (Co), copar (Cu), iarann (Fe), mangainéis (Mn), molaibdéineam (Mo) agus sinc (Zn), maille le hainm(neacha) a bhfrith-ian;

(b) Cion iomlán na micreachothaitheach arna sloinneadh mar chéatadán de réir maise den leasachán

– nuair is intuaslagtha in uisce do na cothaithigh sin ar fad, mar an gcion is intuaslagtha in uisce amháin;

– nuair nach lú ná an ceathrú cuid ar a laghad de chion iomlán na gcothaitheach sin a gcion intuaslagtha, mar an gcion iomlán agus mar an gcion is intuaslagtha in uisce; agus

– i gcásanna eile, mar an gcion iomlán;

(c) I gcás ina bhfuil na micreachothaithigh dhearbhaithe á gcrágadh ag oibreáin nó oibreán crágtha, cuirfear an ráiteas cáilithe seo a leanas ar lorg ainm agus shiombal ceimiceach an mhicreachothaithigh:

– 'arna chrágadh ag...' móide ainm nó giorrúchán an oibreáin chrágtha, agus cion an mhicreachothaithigh chrágtha mar chéatadán de réir maise den táirge ar a bhfuil an comhartha CE;

(d) I gcás inarb ann sa táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, do mhicrechothaithigh arna gcoimpléascú ag oibreáin nó oibreán coimpléascúcháin:

– an ráiteas cáilithe seo a leanas ar lorg ainm agus shiombal ceimiceach an mhicreachothaithigh: 'arna choimpléascú ag ...', móide cion an mhicreachothaithigh choimpléascaithe mar chéatadán de réir maise den táirge ar a bhfuil an comhartha CE; agus

– ainm nó giorrúchán an oibreáin choimpléascúcháin.

(e) An ráiteas seo a leanas: 'Ná húsáidtear ach i gcás ina n-aithnítear gá a bheith leis. Ná sáraítear teorainn na dáileoige iomchuí'.

PFC 1(C): Leasachán neamhorgánach

PFC 1(C)(I): Leasachán neamhorgánach macrachothaitheach

1. Cuirfear ar fáil an fhaisnéis seo a leanas i dtaobh na macrachothaitheach:

(a) na cothaithigh dhearbhaithe nítrigin (N), fosfar (P) nó potaisiam (K), arna scríobh lena siombailí ceimiceacha, san ord N-P-K;

(b) na cothaithigh dhearbhaithe maignéisiam (Mg), cailciam (Ca) sulfar (S) nó sóidiam (Na), arna scríobh lena siombailí ceimiceacha, san ord Mg-Ca-S-Na;

(c) uimhreacha lena sonrófar cion iomlán na gcothaitheach dearbhaithe nítrigin (N), fosfar (P) nó potaisiam (K), maille le huimhreacha idir lúibíní lena sonrófar an cion iomlán do mhaignéisiam (Mg), cailciam (Ca), sulfar (S) nó sóidiam (Na);

(d) cion na gcothaitheach dearbhaithe seo a leanas, san ord seo a leanas, agus mar chéatadán de réir maise den leasachán:

- Nítrigin iomlán (N);
  - Nítrigin (N) i bhfoirm nítrigine nítríte;
  - Nítrigin (N) i bhfoirm nítrigine amóiniche;
  - Nítrigin (N) i bhfoirm nítrigine úiré;
  - Nítrigin (N) as úiré-formaildéad**,** isobutylidenediurea, agus crotonylidenediurea;
  - Nítrigin (N) as nítrigin chianaimíde;
- Peantocsaíd fhosfair iomlán (P_2O_5);
  - Peantocsaíd fhosfair uiscethuaslagtha (P_2O_5);
  - Peantocsaíd fhosfair (P2O5) is intuaslagtha i gciotráit amóiniam neodrach;
  - i gcás inarb ann do fhosfáit bhog mheilte, peantocsaíd fhosfair (P_2O_5) is intuaslagtha in aigéad formach;
- Ocsaíd photaisiam uiscethuaslagtha (K_2O);
- ocsaíd mhaignéisiam (MgO), ocsaíd chailciam (CaO), trí-ocsaíd shulfair (SO_3) agus ocsaíd shóidiam (Na_2O), arna sloinneadh
  - nuair is intuaslagtha in uisce do na cothaithigh sin ar fad, mar an gcion is intuaslagtha in uisce amháin;
  - nuair nach lú ná an ceathrú cuid ar a laghad de chion iomlán na gcothaitheach sin a gcion intuaslagtha, mar an gcion iomlán agus mar an gcion is intuaslagtha in uisce; agus
  - i gcásanna eile, mar an gcion iomlán, agus

(e) i gcás inarb ann d'úiré (CH_4N_2O), faisnéis maidir leis na tionchair fhéideartha a d'imreodh scaoileadh amóinia le linn úsáid an leasacháin ar cháilíocht an aeir, agus cuireadh do na húsáideoirí bearta iomchuí feabhais a chur i bhfeidhm.

PFC 1(C)(I)(a): Leasachán neamhorgánach macrachothaitheach soladach

1. Déanfar an leasachán a lipéadú

   (a) 'coimpléacsach', nuair is ann ina gcion dearbhaithe do na cothaithigh dhearbhaithe ar fad i ngach cáithnín, agus

   (b) 'measctha' i gcásanna eile.

2. Sonrófar gráinnmhéadracht an leasacháin, arna sloinneadh mar an gcéatadán den táirge a cuireadh trí chriathar dearbhaithe.

3. Sonrófar foirm cháithníneach an táirge le ceann de na rúibricí seo a leanas:

   (a) Gráinnín,

   (b) millín,

   (c) púdar, nuair is féidir le 90 % ar a laghad den táirge dul trí chriathar mogaill 10 mm, nó

   (d) priolla.

4. I gcás leasachán brataithe, tabharfar ainm an oibreáin nó na n-oibreán brataithe maille le céatadán na leasachán a bhrataítear le gach oibreán brataithe, agus ina dhiaidh sin:

   (a) Tréimhse scaoilte (ina mhíonna) na gcodán brataithe maille le céatadán na gcothaitheach a scaoiltear le linn na tréimhse seo i gcás gach codáin;

   (b) Ainm an mheáin (tuaslagóir nó substráit) a d'úsáid an monaróir nuair a rinneadh an tástáil chun tréimhse an scaoilte a chinneadh;

   (c) An teocht ag a ndearnadh an tástáil;

   (d) I gcás leasachán polaiméir-bhrataithe, an chomharthaíocht seo a leanas: 'Tharlódh go n-athródh ráta scaoilte na gcothaitheach de réir theocht na substráite. Ba ghá, b'fhéidir, oiriúnú dá réir ar an leasú ithreach"; agus

   (e) I gcás leasachán sulfar(S)-bhrataithe agus leasachán sulfar(S)/polaiméir-bhrataithe, an chomharthaíocht seo a leanas: 'Tharlódh go n-athródh ráta scaoilte na gcothaitheach de réir theocht na substráite agus na gníomhaíochta bitheolaíche. Ba ghá, b'fhéidir, oiriúnú dá réir ar an leasú ithreach".

5. I gcás inarb ann do cheann nó níos mó de na micreachothaithigh bórón (B), cóbalt (Co), copar (Cu), iarann (Fe), mangainéis (Mn), molaibdéineam (Mo) agus sinc (Zn) san íoschainníocht a shonraítear thíos mar chéatadán de réir maise, féach

   - go déanfar iad a dhearbhú má chuirtear d'aon ghnó iad le táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, agus
   - go bhféadfar iad a dhearbhú i gcásanna eile:

Micreachothaitheach	**Chun úsáide ar bharra nó ar fhéarthailte**	**Chun úsáide gortóireachta**
Bórón (B)	0,01	0,01
Cóbalt (Co)	0,002	n.b.

Copar (Cu)	0,01	0,002
Iarann (Fe)	0,5	0,02
Mangainéis (Mn)	0,1	0,01
Molaibdéineam (Mo)	0,001	0,001
Sinc	0,01	0,002

I ndiaidh na faisnéise i dtaobh na micreachothaitheach a dhearbhófar iad. Cuirfear na heilimintí faisnéise seo a leanas ar fáil:

(a) Ainmneacha agus siombailí ceimiceacha na micreachothaitheach dearbhaithe, arna liostú san ord seo a leanas: bórón (B), cóbalt (Co), copar (Cu), iarann (Fe), mangainéis (Mn), molaibdéineam (Mo) agus sinc (Zn), maille le hainm(neacha) a bhfrith-ian;

(b) Cion iomlán na micreachothaitheach arna sloinneadh mar chéatadán de réir maise den leasachán

– nuair is intuaslagtha in uisce do na cothaithigh sin ar fad, mar an gcion is intuaslagtha in uisce amháin;

– nuair nach lú ná an ceathrú cuid ar a laghad de chion iomlán na gcothaitheach sin a gcion intuaslagtha, mar an gcion iomlán agus mar an gcion is intuaslagtha in uisce; agus

– i gcásanna eile, mar an gcion iomlán;

(c) I gcás ina bhfuil na micreachothaithigh dhearbhaithe á gcrágadh ag oibreáin nó oibreán crágtha, cuirfear an ráiteas cáilithe seo a leanas ar lorg ainm agus shiombal ceimiceach an mhicreachothaithigh:

– 'arna chrágadh ag...' móide ainm nó giorrúchán an oibreáin chrágtha, agus cion an mhicreachothaithigh chrágtha mar chéatadán de réir maise den táirge ar a bhfuil an comhartha CE;

(d) I gcás inarb ann sa táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, do mhicrechothaithigh arna gcoimpléascú ag oibreáin nó oibreán coimpléascúcháin:

– an ráiteas cáilithe seo a leanas ar lorg ainm agus shiombal ceimiceach an mhicreachothaithigh: 'arna choimpléascú ag ...', móide cion an mhicreachothaithigh choimpléascaithe mar chéatadán de réir maise den táirge ar a bhfuil an comhartha CE; agus

– ainm nó giorrúchán an oibreáin choimpléascúcháin.

(e) An ráiteas seo a leanas: 'Ná húsáidtear ach i gcás ina n-aithnítear gá a bheith leis. Ná sáraítear teorainn na dáileoige iomchuí'.

PFC 1(C)(I)(b): Leasachán neamhorgánach macrachothaitheach leachtach

1. Déarfar ar an lipéad cé acu an i bhfuaidreán nó i dtuaslagán atá an leasachán, áit a gciallaíonn

   - 'fuaidreán' easrú déphasach ina gcoinnítear cáithníní soladacha i bhfuaidreán sa leachtphas, agus
   - 'tuaslagán' leacht atá saor ó cháithníní soladacha.

2. Mar chéatadán de réir maise nó toirte a chuirfear an cion cothaitheach in iúl ar an táirge leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE.

3. I gcás inarb ann do cheann nó níos mó de na micreachothaithigh bórón (B), cóbalt (Co), copar (Cu), iarann (Fe), mangainéis (Mn), molaibdéineam (Mo) agus sinc (Zn) san íoschainníocht a shonraítear thíos mar chéatadán de réir maise, féach

   - go déanfar iad a dhearbhú má chuirtear d'aon ghnó iad le táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, agus
   - go bhféadfar iad a dhearbhú i gcásanna eile:

Micreachothaitheach	**Céatadán de réir maise**
Bórón (B)	0,01
Cóbalt (Co)	0,002
Copar (Cu)	0,002
Iarann (Fe)	0,02
Mangainéis (Mn)	0,01
Molaibdéineam (Mo)	0,001
Sinc	0,002

I ndiaidh na faisnéise i dtaobh na micreachothaitheach a dhearbhófar iad. Cuirfear na heilimintí faisnéise seo a leanas ar fáil:

(a) Ainmneacha agus siombailí ceimiceacha na micreachothaitheach dearbhaithe, arna liostú san ord seo a leanas: bórón (B), cóbalt (Co), copar (Cu), iarann (Fe), mangainéis (Mn), molaibdéineam (Mo) agus sinc (Zn), maille le hainm(neacha) a bhfrith-ian;

(b) Cion iomlán na micreachothaitheach arna sloinneadh mar chéatadán de réir maise den leasachán

   – nuair is intuaslagtha in uisce do na cothaithigh sin ar fad, mar an gcion is intuaslagtha in uisce amháin;

   – nuair nach lú ná an ceathrú cuid ar a laghad de chion iomlán na gcothaitheach sin a gcion intuaslagtha, mar an gcion iomlán agus mar an gcion is intuaslagtha in uisce; agus

   – i gcásanna eile, mar an gcion iomlán;

(c) I gcás ina bhfuil na micreachothaithigh dhearbhaithe á gcrágadh ag oibreáin nó oibreán crágtha, cuirfear an ráiteas cáilithe seo a leanas ar lorg ainm agus shiombal ceimiceach an mhicreachothaithigh:

– 'arna chrágadh ag...' móide ainm nó giorrúchán an oibreáin chrágtha, agus cion an mhicreachothaithigh chrágtha mar chéatadán de réir maise den táirge ar a bhfuil an comhartha CE;

(d) I gcás inarb ann sa táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, do mhicrechothaithigh arna gcoimpléascú ag oibreáin nó oibreán coimpléascúcháin:

– an ráiteas cáilithe seo a leanas ar lorg ainm agus shiombal ceimiceach an mhicreachothaithigh: 'arna choimpléascú ag ...', móide cion an mhicreachothaithigh choimpléascaithe mar chéatadán de réir maise den táirge ar a bhfuil an comhartha CE; agus

– ainm nó giorrúchán an oibreáin choimpléascúcháin.

(e) An ráiteas seo a leanas: 'Ná húsáidtear ach i gcás ina n-aithnítear gá a bheith leis. Ná sáraítear teorainn na dáileoige iomchuí'.

PFC 1(C)(II): Leasachán neamhorgánach micreachothaitheach

1. Liostófar ainmneacha agus siombailí ceimiceacha na micreachothaitheach dearbhaithe a bheidh sa táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, san ord seo a leanas: bórón (B), cóbalt (Co), copar (Cu), iarann (Fe), mangainéis (Mn), molaibdéineam (Mo) agus sinc (Zn), maille le hainm(neacha) a bhfrith-ian;

2. I gcás ina bhfuil na micreachothaithigh dhearbhaithe á gcrágadh ag oibreáin nó oibreán crágtha, agus ar a laghad 1% de mhicreachothaitheach uiscethuaslagtha á chrágadh ag an oibreán sin (ar féidir é a shainaithint agus a chainniú), cuirfear an ráiteas cáilithe seo a leanas ar lorg ainm agus shiombal ceimiceach an mhicreachothaithigh:

– 'arna chrágadh ag...' móide ainm nó giorrúchán an oibreáin chrágtha, agus cion an mhicreachothaithigh chrágtha mar chéatadán de réir maise den táirge ar a bhfuil an comhartha CE.

3. I gcás ina bhfuil na micreachothaithigh dhearbhaithe á gcoimpléacsú ag oibreáin nó oibreán coimpléacsúcháin, cuirfear an ráiteas cáilithe seo a leanas ar lorg ainm agus shiombal ceimiceach an mhicreachothaithigh:

– 'arna choimpléascú ag …', móide cion an mhicreachothaithigh choimpléascaithe mar chéatadán de réir maise den táirge ar a bhfuil an comhartha CE, agus

– ainm nó giorrúchán an oibreáin choimpléascúcháin.

4. Beidh an ráiteas seo a leanas le feiceáil: 'Ná húsáidtear ach i gcás ina n-aithnítear gá a bheith leis. Ná sáraítear teorainn na dáileoige iomchuí'.

PFC 1(C)(II)(a): Leasachán neamhorgánach micreachothaitheach aonábhair

1. Sonrófar ar an lipéad an tíopeolaíocht ábhartha dá dtagraítear sa tábla faoi PFC 1(C)(II)(a) i gCuid II d'Iarscríbhinn I.

2. Mar chéatadán de réir maise den leasachán a shloinnfear cion iomlán na micreachothaitheach

   – nuair is intuaslagtha in uisce don mhicreachothaitheach sin ar fad, mar an gcion is intuaslagtha in uisce amháin;

   – nuair nach lú ná an ceathrú cuid ar a laghad de chion iomlán an mhicreachothaithigh sin a chion intuaslagtha, mar an gcion iomlán agus mar an gcion is intuaslagtha in uisce; agus

   – i gcásanna eile, mar an gcion iomlán.

PFC 1(C)(II)(b): Leasachán neamhorgánach micreachothaitheach cumaisc

1. Ní fhéadfar micreachothaithigh a dhearbhú ach i gcás ina bhfuil siad le fáil sa leasachán sna cainníochtaí seo a leanas:

Micreachothaitheach	**Neamhchrágtha, neamhchoimpléascaithe**	**Crágtha nó coimpléascaithe**
Bórón (B)	0,2	N/B
Cóbalt (Co)	0,02	0,02
Copar (Cu)	0,5	0,1
Iarann (Fe)	2	0,3
Mangainéis (Mn)	0,5	0,1
Molaibdéineam (Mo)	0,02	N/B
Sinc	0,5	0,1

2. Más i i bhfuaidreán nó i dtuaslagán atá an leasachán, déarfar ar an lipéad "i bhfuaidreán" nó "i dtuaslagán", de réir mar is iomchuí.

3. Mar chéatadán de réir maise den leasachán a shloinnfear cion iomlán na micreachothaitheach

   – nuair is intuaslagtha in uisce do na micreachothaithigh sin ar fad, mar an gcion is intuaslagtha in uisce amháin;

   – nuair nach lú ná leath ar a laghad de chion iomlán na micreachothaitheach sin a gcion intuaslagtha, mar an gcion iomlán agus mar an gcion is intuaslagtha in uisce; agus

   – i gcásanna eile, mar an gcion iomlán.

PFC 2: ÁBHAR AOLTA

Dearbhófar na paraiméadair seo a leanas san ord seo a leanas:

– Luach neodraitheach;

– An ghráinnmhéadracht arna sloinneadh mar an gcéatadán den táirge a cuireadh trí chriathar dearbhaithe;

– An cion iomlán CaO, arna sloinneadh mar chéatadán de réir maise den táirge leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE;

– An cion iomlán MgO, arna sloinneadh mar chéatadán de réir maise den táirge leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE;

– Imoibríocht, seachas i gcás aol oscaíde agus hiodrocsaíde; agus

– i gcás slaigeanna agus carbónáití ar de bhunadh nádúrtha iad: an modh lena gcinnfear an imoibríocht.

PFC 3: FEABHSAITHEOIR ITHREACH

Dearbhófar na paraiméadair seo a leanas san ord seo a leanas, arna sloinneadh mar chéatadán de réir maise den táirge leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE:

– Ábhar tirim;

– Cion an charbóin orgánaigh (C);

– Cion iomlán na nítrigine (N);

– Cion iomlán na peantocsaíde fosfair (P_2O_5);

– Cion iomlán na hocsaíde potaisiam (K_2O);

– Cion iomlán an chopair (Cu) agus na since (Zn) más airde ná 200 agus 600 mg/kg d'ábhar tirim faoi seach; agus

– pH.

PFC 4: MEÁN FÁIS

Dearbhófar na paraiméadair seo a leanas san ord seo a leanas:

– Seoltacht leictreach, ach amháin i gcás olann charraige;

– pH;

– Cainníocht

- I gcás olann charraige, arna sloinneadh de réir líon na bpíosaí agus de réir na dtrí thoise seo - fad, airde, agus leithead,
- I gcás meáin fáis réamh-mhúnlaithe eile, arna sloinneadh de réir méide in dhá thoise ar a laghad, agus
- I gcás meáin fáis eile, arna sloinneadh de réir na toirte iomláine;

– Seachas i gcás meáin fáis réamh-mhúnlaithe, is mar thoirt na gcomhábhar ar mó ná 60 mm na cáithníní iontu a shloinnfear an cion;

– Nítrigin iomlán (N);

– Peantocsaíd fhosfair iomlán (P_2O_5); agus

– Ocsaíd photaisiam iomlán (K_2O).

PFC 5: BREISEÁN AGRANAMAÍOCH

Ní bhaineann leis an PFC seo ach na ceanglais ghinearálta maidir le lipéadú.

PFC 6: BITHSPREAGTHACH PLANDAÍ

Cuirfear na heilimintí faisnéise seo a leanas ar fáil:

(a) foirm fhisiciúil;

(b) an dáta monaraíochta agus an dáta éaga;

(c) na dálaí stórála;

(d) modh(anna) úsáide;

(e) dáileog, uainiú (staid fhorbartha an phlanda) agus minicíocht an leata;

(f) an éifeacht a mhaítear i dtaca le gach planda a bhfuil sé beartaithe an leasachán a úsáid air; agus

(g) aon treoir ábhartha a bhaineann le héifeachtacht an táirge, lena n-áirítear cleachtais bainistíochta ithreach, leasú ceimiceach, neamh-chomhoiriúnacht le táirgí cosanta plandaí, an méid a mholtar a bheith sa soc spraeála, agus an brú spraeála a mholtar.

PFC 6(A): Bithspreagthach miocróbach plandaí

Bíodh an frása seo a leanas ar an lipéad: 'Tharlódh go bhféadfadh miocrorgánaigh frithghníomhú íograitheacha a spreagadh'.

PFC 7: CUMASCTHÁIRGE LEASACHÁIN

Gach ceann de na ceanglais maidir le lipéadú is infheidhme do gach táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, beidh feidhm acu freisin i gcás cumasctháirge leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE: is i gcoibhéis leis an táirge leasacháin deiridh, ar a bhfuil an comhartha CE, a shloinnfear iad.

CUID 3
RIALACHA LAMHÁLTAIS

1. Ní ceadmhach do chion cothaitheach dearbhaithe ná airíonna fisiciceimiceacha táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, diall ón luach iarbhír ach amháin i gcomhréir leis na lamháltais a bunaíodh do na catagóirí feidhme táirge ábhartha sa Chuid seo. Is chun dialltaí sa mhonaraíocht, sa tsampláil agus san anailís a cheadú is ann do na lamháltais sin.

2. Is luachanna dearfacha agus diúltacha (den chéatadán de réir maise) iad na lamháltais a cheadaítear i dtaca leis na paraiméadair dhearbhaithe a thugtar le fios sa Chuid seo.

3. Ní bhainfidh an monaróir, an t-allmhaireoir ná an dáileoir mí-leas córasach as na lamháltais.

4. De mhaolú ar mhír 1, i gcás comhábhar ar bith dá sonraítear íoschainníocht nó uaschainníocht in Iarscríbhinn I nó in Iarscríbhinn II, ní fhéadfaidh an cion de a bheidh i dtáirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, a bheith níos ísle ná an íoschainníocht ná níos airde ná an uaschainníocht.

PFC 1: LEASACHÁN

PFC 1(A): Leasachán orgánach

	Lamháltais cheadaithe maidir leis an gcion cothaitheach dearbhaithe agus le paraiméadair dhearbhaithe eile
Carbón orgánach (C)	± 20 % de dhiall coibhneasta an luacha dhearbhaithe go huasmhéid 2,0 pointe céatadáin i ndearbhthéarmaí.
Cion an ábhair thirim	± 5,0 pointe céatadáin i ndearbhthéarmaí
Nítrigin iomlán (N)	± 50 % de dhiall coibhneasta an luacha dhearbhaithe go huasmhéid 1,0 pointe céatadáin i ndearbhthéarmaí
Nítrigin orgánach (N)	± 50 % de dhiall coibhneasta an luacha dhearbhaithe go huasmhéid 1,0 pointe céatadáin i ndearbhthéarmaí
Peantocsaíd fhosfair iomlán (P_2O_5)	± 50 % de dhiall coibhneasta an luacha dhearbhaithe go huasmhéid 1,0 pointe céatadáin i ndearbhthéarmaí
Ocsaíd photaisiam iomlán (K_2O)	± 50 % de dhiall coibhneasta an luacha dhearbhaithe go huasmhéid 1,0 pointe céatadáin i ndearbhthéarmaí
Ocsaíd photaisiam, ocsaíd chailciam, trí-ocsaíd shulfair nó ocsaíd shóidiam iomlán agus uiscethuaslagtha	± 25 % de chion dearbhaithe na gcothaitheach sin go huasmhéid 1,5 pointe céatadáin i ndearbhthéarmaí
Copar iomlán (Cu)	± 50 % de dhiall coibhneasta an luacha dhearbhaithe go huasmhéid 2,5 pointe céatadáin i ndearbhthéarmaí.
Sinc iomlán (Zn)	± 50 % de dhiall coibhneasta an luacha dhearbhaithe go huasmhéid 2,0 pointe céatadáin i ndearbhthéarmaí.
Cainníocht	± 5 % de dhiall coibhneasta an luacha dhearbhaithe

PFC 1(B): Leasachán orgánaimianrach

Lamháltas ceadaithe don chion dearbhaithe d'fhoirmeacha de mhacrachothaithigh neamhorgánacha						
N	P_2O_5	K_2O	MgO	CaO	SO_3	Na_2O
± 25 % de chion dearbhaithe na bhfoirmeacha cothaitheacha ar ann dóibh go huasmhéid 2 phointe céatadáin i ndearbhthéarmaí			± 25 % de chion dearbhaithe na gcothaitheach sin go huasmhéid 1,5 pointe céatadáin i ndearbhthéarmaí			± 25 % den chion dearbhaithe go huasmhéid 0,9 pointe céatadáin i ndearbhthéarmaí

Leasacháin mhicreachothaitheacha	**An lamháltas ceadaithe don chion dearbhaithe d'fhoirmeacha de mhicreachothaithigh**
Tiúchan faoi bhun nó cothrom le	± 20 % de dhiall coibhneasta an luacha

2 %	dhearbhaithe
Tiúchan idir 2,1 % agus 10 %	± 0,3 pointí céatadáin i ndearbhthéarmaí
Tiúchan is airde ná 10 %	± 1,0 pointe céatadáin i ndearbhthéarmaí

Carbón orgánach: ± 20 % de dhiall coibhneasta an luacha dhearbhaithe go huasmhéid 2,0 pointe céatadáin i ndearbhthéarmaí.

Nítrigin orgánach: ± 50 % de dhiall coibhneasta an luacha dhearbhaithe go huasmhéid 1,0 pointe céatadáin i ndearbhthéarmaí

Copar iomlán (Cu) ± 50 % de dhiall coibhneasta an luacha dhearbhaithe go huasmhéid 2,5 pointe céatadáin i ndearbhthéarmaí.

Sinc iomlán (Zn) ± 50 % de dhiall coibhneasta an luacha dhearbhaithe go huasmhéid 2,0 pointe céatadáin i ndearbhthéarmaí.

Cion an ábhair thirim: ± 5,0 pointe céatadáin i ndearbhthéarmaí

Cainníocht: -5 % de dhiall coibhneasta an luacha dhearbhaithe

PFC 1(C): Leasachán neamhorgánach

PFC 1(C)(I): Leasachán neamhorgánach macrachothaitheach

An lamháltas ceadaithe don chion dearbhaithe d'fhoirmeacha de mhacrachothaitheach						
N	P_2O_5	K_2O	MgO	CaO	SO_3	Na_2O
± 25 % de chion dearbhaithe na bhfoirmeacha cothaitheacha ar ann dóibh go huasmhéid 2 phointe céatadáin i ndearbhthéarmaí			± 25 % de chion dearbhaithe na gcothaitheach sin go huasmhéid 1,5 pointe céatadáin i ndearbhthéarmaí			± 25 % den chion dearbhaithe go huasmhéid 0,9 pointe céatadáin i ndearbhthéarmaí

Gráinnmhéadracht: ± 10 % de dhiall coibhneasta is infheidhme don chéatadán dhearbhaithe d'ábhar a théann trí chriathar sonrach

Cainníocht: ± 5 % de dhiall coibhneasta an luacha dhearbhaithe

PFC 1(C)(II): Leasachán neamhorgánach micreachothaitheach

Leasacháin mhicreachothaitheacha	**An lamháltas ceadaithe don chion dearbhaithe d'fhoirmeacha de mhicreachothaitheach**
Tiúchan faoi bhun nó cothrom le 2 %	± 20 % de dhiall coibhneasta an luacha dhearbhaithe
Tiúchan idir 2,1% agus 10%	± 0,3 pointí céatadáin i ndearbhthéarmaí
Tiúchan is airde ná 10%	± 1,0 pointe céatadáin i ndearbhthéarmaí

Cainníocht: ± 5 % de dhiall coibhneasta an luacha dhearbhaithe

PFC 2: ÁBHAR AOLTA

	Lamháltais cheadaithe maidir leis an bparaiméadar dearbhaithe
Luach neodraitheach	± 3
Gráinnmhéadracht	± 10 % de dhiall coibhneasta is infheidhme don chéatadán dearbhaithe d'ábhar a théann trí chriathar sonrach.
Ocsaíd chailciam iomlán	± 3 phointe céatadáin i ndearbhthéarmaí
Ocsaíd mhaignéisiam iomlán Tiúchan níos lú ná 8 % Tiúchan idir 8 agus 16 % Tiúchan os cionn nó cothrom le 16 %	 ± 1,0 pointe céatadáin i ndearbhthéarmaí ± 2,0 pointe céatadáin i ndearbhthéarmaí ± 3,0 pointe céatadáin i ndearbhthéarmaí
Imoibríocht	± 15 phointe céatadáin i ndearbhthéarmaí
Cainníocht	- 5 % de dhiall coibhneasta is infheidhme don luach dearbhaithe

PFC 3: FEABHSAITHEOIR ITHREACH

Foirmeacha den chothaitheach dearbhaithe agus critéir cháilíochta eile a dearbhaíodh	**Lamháltais cheadaithe maidir leis an bparaiméadar dearbhaithe**
pH	± 0,7 tráth a mhonaraithe ± 1,0 tráth ar bith ar feadh an tslabhra dáileacháin
Carbón orgánach (C)	± 10 % de dhiall coibhneasta an luacha dhearbhaithe go huasmhéid 1,0 pointe céatadáin i ndearbhthéarmaí
Nítrigin iomlán (N)	± 20 % de dhiall coibhneasta go huasmhéid 1,0 pointe céatadáin i ndearbhthéarmaí
Peantocsaíd fhosfair iomlán (P_2O_5)	± 20 % de dhiall coibhneasta go huasmhéid 1,0 pointe céatadáin i ndearbhthéarmaí
Ocsaíd photaisiam iomlán (K_2O)	± 20 % de dhiall coibhneasta go huasmhéid 1,0 pointe céatadáin i ndearbhthéarmaí
Ábhar tirim	± 10 % de dhiall coibhneasta an luacha dhearbhaithe
Cainníocht	± 5 % de dhiall coibhneasta an luacha dhearbhaithe tráth a mhonaraithe ± 25 % de dhiall coibhneasta an luacha dhearbhaithe tráth ar bith ar feadh an tslabhra dáiliúcháin

Carbnón (C) org. / Nítrigin (N) org.	± 20 % de dhiall coibhneasta an luacha dhearbhaithe go huasmhéid 2,0 pointe céatadáin i ndearbhthéarmaí.
Gráinnmhéadracht	± 10 % de dhiall coibhneasta is infheidhme don chéatadán dearbhaithe d'ábhar a théann trí chriathar sonrach.

PFC 4: MEÁN FÁIS

Foirmeacha den chothaitheach dearbhaithe agus critéir cháilíochta eile a dearbhaíodh	**Lamháltais cheadaithe maidir leis an bparaiméadar dearbhaithe**
Seoltacht leictreach	± 50 % de dhiall coibhneasta tráth a mhonaraithe ± 75 % de dhiall coibhneasta tráth ar bith ar feadh an tslabhra dáileacháin
pH	± 0,7 tráth a mhonaraithe ± 1,0 tráth ar bith ar feadh an tslabhra dáileacháin
Cion de réir toirte (lítear nó m^3)	± 5 % de dhiall coibhneasta tráth a mhonaraithe ± 25 % de dhiall coibhneasta tráth ar bith ar feadh an tslabhra dáileacháin
Cion (toirt) na n-ábhar ar mó ná 60mm na cáithníní iontu a chinneadh	± 5 % de dhiall coibhneasta tráth a mhonaraithe ± 25 % de dhiall coibhneasta tráth ar bith ar feadh an tslabhra dáileacháin
Cion (toirt) meáin fáis réamh-mhúnlaithe a chinneadh	± 5 % de dhiall coibhneasta tráth a mhonaraithe -25 % de dhiall coibhneasta tráth ar bith ar feadh an tslabhra dáileacháin
Nítrigin (N) uiscethuaslagtha	± 50 % de dhiall coibhneasta tráth a mhonaraithe ± 75 % de dhiall coibhneasta tráth ar bith ar feadh an tslabhra dáileacháin
Peantocsaíd fhosfair uiscethuaslagtha (P_2O_5)	± 50 % de dhiall coibhneasta tráth a mhonaraithe ± 75 % de dhiall coibhneasta tráth ar bith ar feadh an tslabhra dáileacháin
Ocsaíd photaisiam (K_2O) uiscethuaslagtha	± 50 % de dhiall coibhneasta tráth a mhonaraithe ± 75 % de dhiall coibhneasta tráth ar bith ar feadh an tslabhra dáileacháin

PFC 6: BITHSPREAGTHACH PLANDAÍ

An cion dearbhaithe mar g/kg nó g/l ag 20°C	**Lamháltas ceadaithe**
Suas go 25	± 15% de dhiall coibhneasta do PFC 6 ± 15% de dhiall coibhneasta nuair a chumasctar bithspreagthaigh plandaí le táirgí leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, eile faoi PFC 7
Os cionn 25 suas go 100	± 10% de dhiall coibhneasta
Os cionn 100 suas go 250	± 6 % de dhiall coibhneasta
Os cionn 250 suas go 500	± 5 % de dhiall coibhneasta
Os cionn 500	± 25g/kg nó ± 25g/l

IARSCRÍBHINN IV
Nósanna imeachta um measúnú comhréireachta

CUID 1
INFHEIDHMEACHT NÓSANNA IMEACHTA UM MEASÚNÚ COMHRÉIREACHTA

Leagtar amach sa Chuid seo infheidhmeacht mhodúil na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta, faoi mar a shonraítear i gCuid 2 den Iarscríbhinn seo, i dtaca le táirgí leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, de réir na gCatagóirí Comhábhair ina bhfuil siad faoi mar a shonraítear in Iarscríbhinn II ('CMC'), agus de réir Chatagóirí Feidhme an Táirge ina bhfuil siad faoi mar a shonraítear in Iarscríbhinn I ('PFC').

1. INFHEIDHMEACHT AN RIALAITHE INMHEÁNAIGH TÁIRGTHE (MODÚL A)

1. Féadfar Modúl A a úsáid i gcás táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, nach dá chomhábhair ach ceann amháin nó níos mó

   (a) de na substaintí íonábhair nó de na meascáin íonábhair nó cumaisc sin a shonraítear in CMC 1,

   (b) díleáiteáin barr breosla de réir mar a shonraítear in CMC 4,

   (c) seachtháirgí de chuid thionscal an bhia de réir mar a shonraítear in CMC 6,

   (d) miocrorgánaigh de réir mar a shonraítear in CMC7,

   (e) breiseáin agranamaíocha de réir mar a shonraítear in CMC 8, nó

   (f) polaiméirí cothaitheacha de réir mar a shonraítear in CMC 9.

2. Féadfar Modúl A a úsáid freisin i gcás cumasctháirge leasacháin de réir mar a shonraítear in PFC7.

3. De mhaolú ar mhír 1 agus 2, ní úsáidfear Modúl A i gcás:

   (a) leasachán neamhorgánach níotráite amóiniam macrachothaitheach soladach aonábhair nó cumaisc, a bhfuil cion ard nítrigine ann, de réir mar a shonraítear in PFC 1(C)(I)(a)(i-ii)(A), ná i gcumasctháirge leasacháin ina bhfuil táirge den chineál sin,

   (b) coscaire nítriginiúcháin de réir mar a shonraítear in PFC 5(A)(I),

   (c) coscaire úiréáise de réir mar a shonraítear in PFC 5(A)(I),

   (d) bithspreagthach plandaí de réir mar a shonraítear in PFC 6.

2. INFHEIDHMEACHT AN RIALAITHE INMHEÁNAIGH TÁIRGTHE, MAILLE LE TÁSTÁIL FAOI MHAOIRSEACHT AR THÁIRGÍ (MODÚL A1)

Úsáidfear Modúl A1 i gcás leasachán neamhorgánach níotráite amóiniam macrachothaitheach soladach aonábhair nó cumaisc, a bhfuil cion ard nítrigine ann, de réir mar a shonraítear in PFC 1(C)(I)(a)(i-ii)(A), agus i gcás cumasctháirge leasacháin de réir mar a shonraítear in PFC 7 a bhfuil táirge den chineál sin ann.

3. INFHEIDHMEACHT SCRÚDÚ CINEÁIL AN AONTAIS EORPAIGH (MODÚL B) AGUS CINEÁLCHOMHRÉIREACHT DE RÉIR RIALÚ INMHEÁNACH TÁIRGTHE (MODÚL C)

1. Féadfar Modúl B, i gcomhar le Modúl C, a úsáid i gcás táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, nach dá chomhábhair ach ceann amháin nó níos mó díobh seo:

   (a) plandaí, codanna de phlandaí nó eastóscáin plandaí neamhphróiseáilte nó a próiseáladh go meicniúil de réir mar a shonraítear in CMC2,

   (b) polaiméirí eile nach polaiméirí cothaitheacha de réir mar a shonraítear in CMC 10,

   (c) seachtháirgí de chuid thionscal an bhia de réir mar a shonraítear in CMC 11, nó

   (d) CMCanna arb incháilithe iad do Mhodúl A de bhun mhír 1 faoi Cheannteideal 1 i dtaca le hinfheidhmeacht an Mhodúil sin.

2. Féadfar Modúl B agus Modúl C a úsáid i gcás

   (a) coscaire nítriginiúcháin de réir mar a shonraítear in PFC 5(A)(I),

   (b) coscaire úiréáise de réir mar a shonraítear in PFC 5(A)(II),

   (c) bithspreagthach plandaí de réir mar a shonraítear in PFC 6, agus

   (d) táirge arb incháilithe é do Mhodúl A de bhun mhír 2 faoi Cheannteideal 1 i dtaca le hinfheidhmeacht an Mhodúil sin.

3. De mhaolú ar mhír 1 agus 2, ní úsáidfear Modúl B ná Modúl C i gcás leasachán neamhorgánach níotráite amóiniam macrachothaitheach soladach aonábhair nó cumaisc, a bhfuil cion ard nítrigine ann, de réir mar a shonraítear in PFC 1(C)(I)(a)(i-ii)(A), ná i gcumasctháirge leasacháin ina bhfuil táirge den chineál sin.

4. INFHEIDHMEACHT DHEARBHÚ CÁILÍOCHTA AN PHRÓISIS TÁIRGTHE (MODÚL D1)

1. Féadfar Modúl D1 a úsáid i gcás aon táirge leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE.

2. De mhaolú ar mhír 1, ní úsáidfear Modúl D1 i gcás leasachán neamhorgánach níotráite amóiniam macrachothaitheach soladach aonábhair nó cumaisc, a bhfuil cion ard nítrigine ann, de réir mar a shonraítear in PFC 1(C)(I)(a)(i-ii)(A), ná i gcumasctháirge leasacháin ina bhfuil táirge den chineál sin.

CUID 2

CUR SÍOS AR NA NÓSANNA IMEACHTA UM MEASÚNÚ COMHRÉIREACHTA

MODÚL A – RIALÚ INMHEÁNACH TÁIRGTHE

1. Cur síos ar an modúl

1. Is éard is rialú inmheánach táirgthe ann an nós imeachta um measúnú comhréireachta lena gcomhlíonann an monaróir na ceanglais a leagtar síos faoi Cheannteidil 2, 3 agus 4 thíos, agus lena n-áirithíonn agus lena ndearbhaíonn sé ar a phriacal féin go sásaíonn na táirgí leasacháin atá i gceist, ar a bhfuil an comhartha CE, na ceanglais sin de chuid an Rialacháin seo a bhaineann leo.

2. Na doiciméid theicniúla

2.1 Is é an monaróir a bhunóidh na doiciméid theicniúla. Féadfar leis na doiciméid sin measúnú a dhéanamh ar chomhréireacht an táirge leasacháin, ar a bhfuil an

comhartha CE, leis na ceanglais ábhartha, agus beidh iontu anailís agus measúnú leordhóthanach ar an riosca (nó na rioscaí).

2.2 Sonrófar sna doiciméid theicniúla na ceanglais is infheidhme agus cumhdófar – fad a bhaineann sé le measúnú – dearadh, monarú agus úsáid an táirge leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE. Beidh sna doiciméid theicniúla sin na gnéithe seo a leanas ar a laghad:

(a) cur síos ginearálta ar an táirge leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE,

(b) líníochtaí agus scéimeanna a bhaineann le dearadh coincheapúil agus le monarú an táirge,

(c) an cur síos agus na mínithe is gá leis na líníochtaí agus na scéimeanna sin a thuiscint agus leis an táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, a úsáid,

(d) liosta de na caighdeáin chomhchuibhithe sin a cuireadh i bhfeidhm ina n-iomláine nó i bpáirt, ar foilsíodh a dtagairtí in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, agus – i gcás nár cuireadh na caighdeáin chomhchuibhithe i bhfeidhm – tuairiscí ar na réitigh a glacadh le ceanglais riachtanacha an Rialacháin seo a shásamh, lena n-áirítear liosta de na sonraíochtaí coiteanna nó de shonraíochtaí teicniúla eile a cuireadh i bhfeidhm. I gcás caighdeáin chomhchuibhithe a bheith i bhfeidhm i bpáirt, sonrófar sna doiciméid theicniúla na codanna sin díobh a cuireadh i bhfeidhm,

(e) torthaí na ríomhanna deartha a rinneadh, scrúduithe a rinneadh, *etc.*, agus

(f) tuarascálacha tástála.

3. Monarú

3. Déanfaidh an monaróir gach beart is gá chun go n-áiritheofar leis an bpróiseas monaraíochta gona fhaireachán comhréireacht na dtáirgí leasacháin monaraithe, ar a bhfuil an comhartha CE, leis na doiciméid theicniúla dá dtagraítear faoi Cheannteideal 2 thuas agus le gach ceanglas de chuid an Rialacháin seo a bhaineann leo.

4. An Comhartha CE agus dearbhú comhréireachta an Aontais Eorpaigh

4.1. Greamóidh an monaróir an comhartha CE de gach aon táirge leasacháin a shásóidh na ceanglais sin de chuid an Rialacháin seo is infheidhme.

4.2. Ullmhóidh an monaróir leagan scríofa de dhearbhú comhréireachta an Aontais Eorpaigh do gach luchtóg táirgí leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, agus coinneoidh sé in éineacht leis na doiciméid theicniúla ar láimh na n-údarás náisiúnta é go ceann tréimhse 10 mbliana tar éis an táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, a chur ar an margadh. Sainaithneofar le dearbhú comhréireachta an Aontais Eorpaigh an táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, dár ullmhaíodh an dearbhú sin.

4.3. Cuirfear cóip de dhearbhú comhréireachta sin an Aontais Eorpaigh le gach táirge leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE.

5. Ionadaí údaraithe

5. Féadfaidh ionadaí údaraithe an mhonaróra oibleagáidí sin an mhonaróra atá leagtha amach faoi Cheannteideal 4 thuas a chomhlíonadh, ar a shon agus faoina dhualgas, ar choinníoll go luaitear sa sainordú iad.

MODÚL A1 – RIALÚ INMHEÁNACH TÁIRGTHE, MAILLE LE TÁSTÁIL FAOI MHAOIRSEACHT AR THÁIRGÍ

1. Cur síos ar an modúl

1. Is éard is rialú inmheánach táirgthe agus tástáil faoi mhaoirseacht ar tháirgí ann an nós imeachta um measúnú comhréireachta lena gcomhlíonann an monaróir na ceanglais a leagtar síos faoi Cheannteidil 2, 3, 4 agus 5 thíos, agus lena n-áirithíonn agus lena ndearbhaíonn sé ar a phriacal féin go sásaíonn na táirgí leasacháin atá i gceist, ar a bhfuil an comhartha CE, na ceanglais sin de chuid an Rialacháin seo a bhaineann leo.

2. Na doiciméid theicniúla

2.1. Is é an monaróir a bhunóidh na doiciméid theicniúla. De bhíthin na ndoiciméad sin, féadfar measúnú a dhéanamh ar chomhréireacht an táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, leis na ceanglais ábhartha, agus beidh iontu anailís agus measúnú leordhóthanach ar an riosca (nó na rioscaí).

2.2. Sonrófar sna doiciméid theicniúla na ceanglais is infheidhme agus cumhdófar – fad a bhaineann sé le measúnú – dearadh, monarú agus úsáid an táirge leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE. Beidh sna doiciméid theicniúla sin, pé áit is infheidhme, na heilimintí seo a leanas ar a laghad:

(a) cur síos ginearálta ar an táirge leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE,

(b) líníochtaí agus scéimeanna a bhaineann le dearadh coincheapúil agus le monarú an táirge,

(c) an cur síos agus na mínithe is gá leis na líníochtaí agus na scéimeanna sin a thuiscint agus leis an táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, a úsáid,

(d) ainmneacha agus seoltaí na suíomhanna (agus lucht a n-oibrithe) inar monaraíodh an táirge agus a chuid príomh-chomhábhar,

(e) liosta de na caighdeáin chomhchuibhithe sin a cuireadh i bhfeidhm ina n-iomláine nó i bpáirt, ar foilsíodh a dtagairtí in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, agus – i gcás nár cuireadh na caighdeáin chomhchuibhithe i bhfeidhm – tuairiscí ar na réitigh a glacadh le ceanglais riachtanacha an Rialacháin seo a shásamh, lena n-áirítear liosta de na sonraíochtaí coiteanna nó de shonraíochtaí teicniúla eile a cuireadh i bhfeidhm. I gcás caighdeáin chomhchuibhithe a bheith i bhfeidhm i bpáirt, sonrófar sna doiciméid theicniúla na codanna sin díobh a cuireadh i bhfeidhm,

(f) torthaí na ríomhanna deartha a rinneadh, scrúduithe a rinneadh, *etc.*, agus

(g) tuarascálacha tástála.

3. Monarú

3. Déanfaidh an monaróir gach beart is gá chun go n-áiritheofar leis an bpróiseas monaraíochta gona fhaireachán comhréireacht na dtáirgí leasacháin monaraithe, ar a bhfuil an comhartha CE, leis na doiciméid theicniúla dá dtagraítear faoi Cheannteideal 2 thuas agus le gach ceanglas de chuid an Rialacháin seo a bhaineann leo.

4. Seiceálacha ar an táirge i dtaca le coinneáil ola agus friotaíocht in aghaidh madhmtha

4. Is ar shampla ionadaíoch den táirge, a thógfar gach trí mhí ar a laghad, a dhéanfar ar son an mhonaróra na timthriallta agus an tástáil dá dtagraítear faoi Cheannteideal 4.1-4.3 thíos, d'fhonn a fhíorú go bhfuil an táirge i gcomhréir

(a) leis an gceanglas um choinneáil ola dá dtagraítear i mír 4 faoi PFC 1(C)(I)(a)(i-ii)(A) in Iarscríbhinn I sa Rialachán seo, agus

(b) leis an gceanglas um fhriotaíocht in aghaidh madhmtha dá dtagraítear i mír 5 faoi PFC 1(C)(I)(a)(i-ii)(A) in Iarscríbhinn I sa Rialachán seo.

Faoi chúram comhlacht dá dtugtar fógra, arna roghnú ag an monaróir, a dhéanfar na tástálacha sin.

4.1. Timthriallta teirmeacha a tharlaíonn sula ndéantar an tástáil um an gceanglas coinneála ola dá dtagraítear i mír 4 faoi PFC 1(C)(I)(a)(i-ii)(A) in Iarscríbhinn I.

4.1.1. Prionsabal agus sainmhíniú

4.1.1. I bhfleascán Erlenmeyer, téitear an sampla ó theocht na comhthimpeallachta go 50°C; coinnítear an teocht sin leis ar feadh dhá uair an chloig (an pas ag 50°C). Ansin, fuaraítear an sampla go dtí 25°C; coinnítear an teocht sin leis ar feadh dhá uair an chloig (an pas ag 25°C). Is ionann agus timthriall teirmeach amháin an dá thréimhse seo 50°C agus 25°C le chéile. Nuair a bhíonn dhá thimthriall theirmeacha déanta ag an triail samplála, coinnítear ag teocht an tseomra í i.e. 20 (±3)°C, d'fhonn an luach coinneála ola a chinneadh.

4.1.2. Fearas

4.1.2. Gnáthfhearas saotharlainne, go háirithe:

(a) dabhcha uisce agus iad tearmastata go 25 (± 1) agus 50 (± 1)°C faoi seach,

(b) fleascáin Erlenmeyer agus toilleadh 150 ml ag gach ceann acu.

4.1.3. Nós imeachta

4.1.3.1. Cuirtear sampla a mbeidh 70 (± 5) gram ann i bhfleascán Erlenmeyer agus cuirtear an stoipéad ar an bhfleascán.

4.1.3.2. Baintear gach fleascán as dabhach an 50°C agus cuirtear i ndabhach an 25°C iad, agus *vice versa*.

4.1.3.3. Coinnítear teocht sheasta leis an uisce sa dá dhabhach agus coinnítear an t-uisce ar a ghluaiseacht trína thréanchorraí ionas go mbáitear an sampla san uisce. Cuirtear caipín cúr-rubair ar an stoipéad lena chosaint ón gcomhdhlúthú.

4.2. Timthriallta teirmeacha a tharlaíonn sula ndéantar an tástáil um fhriotaíocht in aghaidh madhmtha dá dtagraítear i mír 5 faoi PFC 1(C)(I)(a)(i-ii)(A) in Iarscríbhinn I.

4.2.1. Prionsabal agus sainmhíniú

4.2.1. Téitear an sampla i mbosca uiscedhíonach ó theocht na comhthimpeallachta go 50°C; coinnítear an teocht sin leis ar feadh uair an chloig (an pas ag 50°C). Ansin, fuaraítear an sampla go 25°C; coinnítear an teocht sin leis ar feadh uair an chloig (an pas ag 25°C). Is ionann agus timthriall teirmeach amháin an dá thréimhse seo 50°C agus 25°C le chéile. Agus líon na dtimthriallta teirmeacha is dlite déanta ag an sampla, coinnítear ag teocht 20 (±3)°C é nó go ndéantar an tástáil inmhadhmthachta.

4.2.2. Fearas


(a) Dabhach uisce, agus í tearmastata idir 20 agus 51°C, agus íosráta fuaraithe 10°C/u aici, nó dhá dhabhach uisce, ceann acu tearmastata ag 20°C, an ceann eile ag 51°C. Coinnítear uisce an dá dhabhach á shíor-chorraí; beidh de thoilleadh sa dabhach gur féidir dobharchúrsaíocht leordhóthanach a áirithiú.

(b) bosca den chruach dhosmálta, é uiscedhíonach ar a fhud agus teirmeachúpla ina lár. 45 (± 2) mm is leithead seachtrach don bhosca agus tiús 1,5 mm (féach Figiúr 1) sna ballaí aige. Féadfar airde agus fad an bhosca a roghnú de réir thoisí na daibhche uisce, e.g. 600 mm ar fad agus 400 mm ar airde.

4.2.3. Nós imeachta

4.2.3. Cuirtear sa bhosca leordhíol aon mhadhmadh amháin den leasachán agus cuirtear an clúdach ansin air. Cuirtear an bosca sa dabhach uisce. Téitear go 51°C an t-uisce agus tomhaistear cén teas atá i gcroí-lár an leasacháin. Uair an chloig tar éis do theocht an chroí-láir 50°C a bhaint amach, fuaraítear an t-uisce. Uair an chloig tar éis do theocht an chroí-láir 25°C a bhaint amach, téitear an t-uisce le tús a chur leis an dara timthriall. Más dhá dhabhach uisce a bheidh i gceist, aistrítear an bosca chuig an dabhach eile i ndiaidh gach tréimhse fuaraithe/téite.

Figiúr 1



4.3. An tástáil um fhriotaíocht in aghaidh madhmtha dá dtagraítear i mír 5 faoi PFC 1(C)(I)(a)(i-ii)(A) in Iarscríbhinn I.

4.3.1. Tuairisc

4.3.1.1. Déanfar an tástáil ar shampla ionadaíoch den táirge leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE. Sula ndéantar an tástáil um fhriotaíocht in aghaidh madhmtha ar an

sampla, ní mór dó cúig thimthriall theirmeacha a dhéanamh de réir na bhforálacha atá le fáil faoi 4.2 thuas.

4.3.1.2. Déanfar tástáil um fhriotaíocht in aghaidh madhmtha ar an táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, agus é i bhfeadán cothrománach cruach, de réir na ndálaí seo a leanas:

(a) Feadán cruach gan siúnta,

(b) Fad an fheadáin: 1 000 mm ar a laghad,

(c) Trastomhas ainmniúil seachtrach: 114 mm ar a laghad,

(d) Tiús ainmniúil an bhalla: 5 mm ar a laghad,

(e) Treiseoir: déanfar cineál agus mais an treiseora a roghnú ar shlí a uasmhéadóidh an madhmbhrú a chuirfear ar an sampla d'fhonn a shoghabháltacht i leith sheoladh an mhadhmtha a dhéanamh amach,

(f) Teocht na tástála: 15-25°C,

(g) Sorcóirí luaidhe chun an madhmadh a bhrath: trastomhas 50 mm agus 100 mm ar airde,

(h) Iad leagtha 150 mm ó chéile agus an feadán á iompar acu go cothrománach. Ní mór an tástáil a dhéanamh faoi dhó. Measfar an tástáil a bheith críochnaithe más lú ná 5%, sa dá thástáil, a mbeidh brúsctha de cheann nó níos mó de na sorcóirí luaidhe.

4.3.2. Prionsabal

4.3.2. Cuirtear i bhfeadán cruach an sampla agus imrítear air turraing mhadhmtha ó lánán treisithe pléascáin. Measfar iomadú an mhadhmtha de réir leibhéal an bhrúsctha a imreofar ar na sorcóirí luaidhe a mbeidh an feadán ina luí go cothrománach orthu le linn na tástála.

4.3.3. Ábhair

(a) Pléascán plaisteach ina mbeidh idir 83 agus 86% de pheintrít

- Dlús: idir 1 500 agus 1 600 cg/m^3
- Treoluas an mhadhmtha: idir 7 300 agus 7 700 m/s
- Mais: 500 (± 1) gram.

(b) Seacht bhfad de chorda madhmtha solúbtha faoi mhuinchille neamh-mhiotalach

- Mais an líonta: idir 11 agus 13 g/m
- Fad gach corda: 400 (± 2) mm.

(c) Millín comhbhrúite d'ábhar pléascach tánaisteach, agus cuas ann ina gcuirfear an maidhmitheoir

- Pléascán: RDX/céir 95/5 nó teitreal (N-meitil-N,2,4,6-teitiníotranailín) nó ábhar pléascach tánaisteach eile dá shórt, bíodh graifít bhreise ann nó ná bíodh.
- Dlús: idir 1 500 agus 1 600 cg/m^3
- Trastomhas: idir 19 agus 21 mm

- Airde: idir 19 agus 23 mm
- cuas ina lár ina gcuirfear an maidhmitheoir: trastomhas idir 7 agus 7,3 mm, doimhneacht 12 mm.

(d) Feadán cruach gan siúnta de réir mar a shonraítear in ISO 65 – 1981 – Trom-Shraith, agus toisí ainmniúla DN 100 (4")

- Trastomhas seachtrach: idir 113,1 agus 115,0 mm
- Tiús an bhalla: idir 5,0 agus 6,5 mm
- Fad: 1 005 (± 2) mm.

(e) An pláta íochtair

- Ábhar: cruach ar dhea-chaighdeán intáthaithe
- Toisí: 160 × 160 mm
- Tiús: idir 5 agus 6 mm

(f) Sé shorcóir luaidhe

- Trastomhas: 50 (± 1) mm
- Airde: idir 100 agus 101 mm
- Ábhair: luaidhe bhog, le híosíonacht 99.5%.

(g) Bloc cruach

- Fad: 1 000 mm ar a laghad
- Leithead: 150 mm ar a laghad
- Airde: 150 mm ar a laghad
- Mais: 300 cg ar a laghad murar féidir an bloc cruach a leagan ar dhromchla crua.

(h) Sorcóir plaisteach nó cairtchláir don lánán treisithe

- Tiús an bhalla: idir 1,5 agus 2,5 mm
- Trastomhas: idir 92 agus 96 mm
- Airde: idir 64 agus 67 mm

(i) Maidhmitheoir (leictreach nó neamhleictreach) agus fórsa adhainte idir 8 agus 10 aige.

(j) Diosca adhmaid

- Trastomhas: idir 92 agus 96 mm. Bíodh trastomhas an diosca ar aon dul le trastomhas inmheánach an tsorcóra phlaistigh nó chairtchláir (pointe h thuas).
- Tiús: 20 mm.

(k) Slat adhmaid ar aontoisí leis an maidhmitheoir (pointe (i) thuas)

(l) Bioráin ghúnadóireachta (ar uasfhad 20mm)

4.3.4. Nós imeachta

4.3.4.1. An lánán treisithe a ullmhú lena chur san fheadán cruach

4.3.4.1. De réir a mbeidh de threalamh ar fáil, féadfar an pléascán a adhaint sa lánán treisithe

- le hadhaint chomhuaineach sheachtphointeach dá dtagraítear faoi Cheannteideal 4.3.4.1.1 thíos, nó
- le hadhaint lárnach le millín comhbhrúite dá dtagraítear faoi Cheannteideal 4.3.4.1.2 thíos.

4.3.4.1.1. Adhaint chomhuaineach sheachtphointeach

4.3.4.1.1. Léirítear an lánán treisithe arna ullmhú chun úsáide i bhFigiúr 2 thíos.

4.3.4.1.1.1. Druileáiltear poill trí lár an diosca adhmaid (pointe (j) faoi Cheannteideal 4.3.3. thuas). Bíodh na poill seo comhthreomhar le hais an diosca agus tolltar iad trí shé cinn de phointí a chuirfear go siméadrach thart ar chiorcal comhlárnach 55mm ar trastomhas. Idir 6 agus 7 mm (féach Roinn A-B i bhFigiúr 2), de réir thrastomhas an chorda madhmtha a úsáidfear (pointe (b) faoi Cheannteideal 4.3.3. thuas), a bheidh trastomhas na bpoll.

4.3.4.1.1.2. Gearrtar seacht bhfad de chorda madhmtha solúbtha (pointe (b) faoi Cheannteideal 4.3.3. thuas) agus gach ceann acu 400 mm ar fad; ionas nach gcaillfear aon chuid den ábhar pléascach as dhá cheann an chorda, tugtar gearradh glan orthu agus séalaítear láithreach iad. Ligtear na seacht bhfad isteach trí na seacht bpoll atá ar an diosca adhmaid (pointe (j) faoi Cheannteideal 4.3.3. thuas) agus amach cúpla ceintiméadar ar an taobh thall. Ansin, cuirtear biorán gúnadóireachta (pointe (l) faoi Cheannteideal 4.3.3. thuas) go trasnach isteach i muinchille teicstíle gach fad díobh idir 5 agus 6 mm ó cheann an chorda agus cuirtear leithead 2 cm de théip ghreamaitheach in aice le gach biorán. Ar deireadh, tarraingítear farasbarr gach corda go dtaga an biorán agus an diosca adhmaid i dtadhall le chéile.

4.3.4.1.1.3. Múnlaítear an pléascán plaisteach (pointe (a) faoi Cheannteideal 4.3.3. thuas) ina shorcóir idir 92 agus 96 mm ar trastomhas, de réir thrastomhas an tsorcóra (pointe (h) faoi Cheannteideal 4.3.3. thuas). Cuirtear an sorcóir ina sheasamh ar dhromchla réidh agus cuirtear isteach ann an pléascán plaisteach a múnlaíodh ina shorcóir. Cuirtear isteach ansin i mbarr an tsorcóra an diosca adhmaid [17] dá bhfuil na seacht bhfad de chorda madhmtha i bhfostú agus brúitear síos ar an bpléascán an diosca. Socraítear airde an tsorcóra (idir 64 agus 67 mm) ionas nach dtéann a eochair uachtair amach thar an adhmad. Ar deireadh, greamaítear an sorcóir den diosca adhmaid trí stáplaí nó teaiceanna a chur timpeall na himlíne ar fad.

4.3.4.1.1.4. Tugtar reanna na seacht bhfad de chorda madhmtha le chéile ina bpunann thart ar an tslat adhmaid (pointe (k) faoi Cheannteideal 4.3.3. thuas) ionas go mbeidh na seacht reanna ar fad ina suí go hingearach leis an tslat. Cuirtear i bhfostú den tslat iad, ina bpunann, le téip ghreamaitheach[18].

4.3.4.1.2. Adhaint lárnach le millín comhbhrúite

4.3.4.1.2. Léirítear an lánán treisithe arna ullmhú chun úsáide i bhFigiúr 3.

---

[17] Ní mór do thrastomhas an diosca a bheith ag teacht le trastomhas inmheánach an tsorcóra.

[18] NB: Ní mór do na sé chorda sheachtracha a bheith rite ach ní mór don seachtú corda, an corda láir, a bheith scaoilte de bheagán.

4.3.4.1.2.1. An millín comhbhrúite a ullmhú

4.3.4.1.2.1. Ach na réamhchúraimí sábháilteachta a bheith déanta, cuirtear 10 ngram d'ábhar pléascach tánaisteach (pointe (c) faoi Cheannteideal 4.3.3. thuas) isteach i múnla ag a mbeidh trastomhas inmheánach idir 19 agus 21 mm. Comhbhrúitear an t-ábhar pléascach go raibh sé ar an gcruth agus dlús ceart. (Cóimheas an trastomhais: thart ar 1:1 is ceart don airde). Suite i lár báire ar thóin an mhúnla, tá peig, 12 mm ar airde agus idir 7,0 agus 7,3 mm ar trastomhas (de réir thrastomhas an mhaidhmitheora a bheidh á úsáid); déanann sé seo, sa chartús comhbhrúite, cuas sorcóireach a gcuirfear an maidhmitheoir isteach ann ina dhiaidh sin.

4.3.4.1.2.2. An lánán treisithe a ullmhú

4.3.4.1.2.2. Agus an sorcóir ina sheasamh ar dhromchlá réidh, cuirtear an t-ábhar pléascach (pointe (a) faoi Cheannteideal 4.3.3. thuas) síos ann (pointe (h) faoi Cheannteideal 4.3.3. thuas); brúitear agus múnlaítear ansin an t-ábhar pléascach le dísle adhmaid chun cruth sorcóireach a fhágáil air. Fágtar cuas ina lár. Cuirtear an millín comhbhrúite isteach sa chuas seo. Tógtar an pléascán, a bhfuil cruth sorcóireach air, agus an millín comhbhrúite istigh ann, agus clúdaítear é le diosca adhmaid (pointe (j) faoi Cheannteideal 4.3.3.) a bhfuil poll ina lár, leis an maidhmitheoir a chur ann, idir 7,0 agus 7,3 mm ar trastomhas. Socraítear an diosca adhmaid agus an sorcóir dá chéile le téip ghreamaitheach. Ní mór a áirithiú go mbeidh an poll a cuireadh sa diosca agus an cuas a cuireadh sa mhillín comhbhrúite ar aon-ais le chéile; cuirtear, dá bhrí sin, an tslat adhmaid (pointe (k) faoi Cheannteideal 4.3.3. thuas) isteach tríothu.

4.3.4.2. Na feadáin chruacha a ullmhú le haghaidh na dtástálacha um madhmadh

4.3.4.2. Ar chloigeann amháin den fheadán cruach (pointe (d) faoi Cheannteideal 4.3.3. thuas), druileáiltear trí bhalla an fheadáin dhá pholl ingearacha 4 mm ar trastomhas. Bíodh an dá pholl seo, a bheidh ag breathnú ar a chéile, 4 mm ó eochair an fheadáin. Táthaítear an pláta íochtair (pointe (e) faoi Cheannteideal 4.3.3. thuas) agus cloigeann eile an fheadáin ina chéile. Líontar le miotal táthúcháin, thart timpeall le himlíne an fheadáin ar fad, an dronuillinn a dhéanann an pláta íochtair le balla an fheadáin.

4.3.4.3. An feadán cruach a líonadh agus a luchtú

4.3.4.3. Féach Figiúirí 2 agus 3.

4.3.4.3.1. Déanfar an sampla, an feadán cruach agus an lánán treisithe a oiriúnú go teocht 20 (± 5)°C. Idir 16 agus 18 cg den sampla is gá chun an dá thástáil um madhmadh a dhéanamh.

4.3.4.3.2.1 Cuirtear an feadán ina sheasamh agus an pláta íochtair cearnógach ina luí ar dhromchla láidir réidh (ar choincréit ab fhearr). Líontar thart ar aon trian den fheadán leis an sampla agus, ó airde 10cm, ligtear anuas ar an urlár é cúig huaire ionas go gcomhdhlúitear san fheadán na gráinníní chomh maith is féidir. Mar chúnamh leis an gcomhdhlúthú, buailtear balla an fheadáin le dingire (a mbeidh idir 750 agus 1 000 gram meáchain ann) gach uair a ligfear anuas go hurlár an feadán. Déantar sin 10 n-uaire.

4.3.4.3.2.2. Déantar an rud céanna le sciar eile den sampla. Ar deireadh, agus an comhdhlúthú a tharlóidh de bharr an phróisis thuas déanta (i.e. an feadán a ardú agus a ligean anuas 10 n-uaire maille le 20 buille den dingire), cuirfear a thuilleadh san fheadán chun é a líonadh go foisceacht 70mm dá bhéal.

4.3.4.3.2.3 Déantar airde an tsampla a choigeartú san fheadán d'fhonn go mbeidh an lánán treisithe (dá dtagraítear thuas faoi Cheannteideal 4.3.4.1.1. nó 4.3.4.1.2.) atá le cur isteach ann i dtadhall ar feadh dhromchla iomláin an tsampla.

4.3.4.3.3. Cuirtear an lánán treisithe síos san fheadán go ndéana sé tadhall leis an sampla; ní mór do dhromchla uachtair an diosca adhmaid a bheith 6mm taobh thíos de thóin an fheadáin. D'fhonn a áirithiú go ndéanfaidh an pléascán agus an sampla le chéile an dlúth-thadhall is gá, ní mór a mbeidh de ghráiníní thíos san fheadán a choigeartú dá réir. Mar atá le feiceáil i bhFigiúirí 2 agus 3, is ceart pionnaí gabhlacha a chur isteach tríd na poill atá in aice le béal an fheadáin agus coisíní gach pionna acu a oscailt amach agus a bheith ina luí anuas ar an bhfeadán.

4.3.4.4. An feadán cruach agus na sorcóirí luaidhe a shocrú (féach figiúr 4)

4.3.4.4.1. Cuirtear uimhir ó 1 go 6 ar thóin gach sorcóra luaidhe (pointe (f) faoi Cheannteideal 4.3.3 thuas). Ar bhloc cruach (4.3.7) a chuirfear ina luí ar dhromchla cothrománach, cuirtear sé mharc 150mm ó chéile ar a lárlíne; bíodh an chéad mharc 75mm ar a laghad ó imeall an bhloic. Cuirtear sorcóir luaidhe ina sheasamh ar gach ceann de na marcanna sin, agus tóin gach sorcóra ina shuí go cruinn i lár gach mairc.

4.3.4.4.2. Leagtar anuas go cothrománach ar na sorcóirí luaidhe an feadán cruach a ullmhaíodh de réir 4.3.4.3. ionas go mbeidh ais an fheadáin comhthreomhar le lárlíne an bhloic chruach agus go mbeidh tóin tháthaithe an fheadáin ag gobadh amach 50mm thar shorcóir Uimhir a 6. Ionas nach dtitfidh an feadán anuas den bhloc, cuirtear dingíní adhmaid idir barr na sorcóirí luaidhe agus balla an fheadáin (dingín ar gach aon taobh) nó cuirtear crosóg adhmaid idir an feadán agus an bloc cruach.

Tabhair faoi deara: Ní mór don fheadán a bheith i dtadhall le gach ceann de na sé sorcóirí luaidhe; i gcás ina mbíonn aon chuaire ar éadan an fheadáin, is féidir seo a chúiteamh ach an feadán a chasadh ar feadh a aise. Má tharlaíonn sé go bhfuil aon cheann de na sorcóirí luaidhe ró-ard, is féidir é a bhualadh go deas réidh le dingire nó go raibh sé ar an airde cheart.

4.3.4.5. Ag ullmhú le haghaidh an mhadhmtha

4.3.4.5.1. Socraítear an fearas, de réir an chur síos atá le fáil faoi Cheannteideal 4.3.4.4., i mbuncar nó in ionad cuíchóirithe eile faoi thalamh (e.g. mianach nó tollán). Ní mór teocht an fheadáin chruach a choimeád ag 20 (± 5)°C sula ndéantar an madhmadh.

Tabhair faoi deara: I gcás nach bhfuil fáil ar ionaid madhmtha den chineál sin thuas, féadfar an obair a dhéanamh, más gá, i logán concréit-líneáilte arna chlúdach le saileanna adhmaid. Ó tharla go gcuireann an madhmadh amach brínleach cruach agus ardchumhacht chinéiteach inti, is ceart an madhmadh a dhéanamh ar shiúl ó chónaí is ó bhóithre.

4.3.4.5.2. Más é an lánán treisithe le hadhaint sheachtphointeach atá á úsáid, áirithítear go ndéantar na cordaí madhmtha a rith mar atá ráite san fhonóta a cuireadh le mír 4.3.1.1.4 thuas, agus go socraítear chomh cothrománach is féidir iad.

4.3.4.5.3. Ar deireadh, baintear amach an tslat adhmaid agus cuirtear an maidhmitheoir ina háit. Ná déantar aon mhadhmadh go nglantar an guaislimistéar agus go n-áirithítear go bhfuil an pearsanra a dhéanfaidh an tástáil faoi chumhdach.

4.3.4.5.4. An pléascán a mhadhmadh.

4.3.4.6.1 Fantar go raibh an mhúch (táirgí dianscaoilte gásacha amhail gáis nítriúla, ar tocsaineach dóibh ar uairibh) scaipthe agus ansin bailítear na sorcóirí luaidhe chun a n-airde a thomhas le cailpéar Vernier.

4.3.4.6.2. I dtaca le gach ceann de na sorcóirí luaidhe a marcáladh, déantar leibhéal an bhrústha, mar chéatadán den airde bhunaidh (100mm), a thaifead. Más amhlaidh gur claonbhrúscadh a fuair na sorcóirí, déantar an luach is airde agus is ísle a thaifead agus déantar an meánluach a ríomh ansin.

4.3.4.7. Féadfar tóireadóir a úsáid chun treoluas an mhadhmtha a thomhas go leanúnach; is ceart an tóireadóir a chur isteach ar a fhad go hais an fheadáin nó feadh bhalla inmheánach an fheadáin.

4.3.4.8. Dhá thástáil um madhmadh is ceart a dhéanamh ar gach sampla.

4.3.5. Tuarascáil tástála


4.3.5. I dtaca le gach ceann de na tástálacha um madhmadh, is ceart luachanna na bparaiméadar seo a leanas a thabhairt sa tuarascáil tástála:

- na luachanna iarbhír a tomhaiseadh do thrastomhas seachtrach an fheadáin chruach agus do thiús an bhalla,
- cruas Brinell an fheadáin chruach,
- teocht an fheadáin agus an tsampla díreach sula n-adhantar,
- dlús pacála (cg/m3) an tsampla atá san fheadán cruach,
- airde gach sorcóra cruach tar éis a adhanta maille le huimhir gach sorcóra,
- an modh adhainte a úsáideadh don lánán treisithe.


4.3.5.1. Meastóireacht a dhéanamh ar na torthaí

4.3.5.1. Measfar an tástáil a bheith críochnaithe, más lú ná 5% an brúscadh a imríodh ar cheann de na sorcóirí tar éis gach adhanta.

Figiúr 2


Booster charge with seven-point initiation
Dimensions in mm
Section C – D
Section A – B
60°
93
55
6
20
64 – 67
1 Steel tube
2 Wooden disc with seven holes
3 Plastic or cardboard cylinder
4 Detonating cords
5 Plastic explosive
6 Test sample
7 4-mm-diameter hole drilled to receive split pin 8
8 Split pin
9 Wooden rod surrounded by 4
10 Adhesive tape for securing 4 around 9

Figiúr 3



Figiúr 4




Figure 3

Positioning of the steel tube on the firing site

5. An comhartha CE agus dearbhú comhréireachta an Aontais Eorpaigh

5.1. Greamóidh an monaróir an comhartha CE de gach aon táirge leasacháin a shásóidh na ceanglais sin de chuid an Rialacháin seo is infheidhme.

5.2. Ullmhóidh an monaróir leagan scríofa de dhearbhú comhréireachta an Aontais Eorpaigh do gach luchtóg táirgí leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, agus coinneoidh sé in éineacht leis na doiciméid theicniúla ar láimh na n-údarás náisiúnta é go ceann tréimhse 10 mbliana tar éis an táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, a chur ar an margadh. Sainaithneofar le dearbhú comhréireachta an Aontais Eorpaigh an táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, dár ullmhaíodh an dearbhú sin.

6. Ionadaí údaraithe

6. Féadfaidh ionadaí údaraithe an mhonaróra oibleagáidí sin an mhonaróra atá leagtha amach faoi Cheannteideal 5 thuas a chomhlíonadh, ar a shon agus faoina dhualgas, ar choinníoll go luaitear sa sainordú iad.

MODÚL B – SCRÚDÚ CINEÁIL AN AONTAIS EORPAIGH

1. Is é is scrúdú cineáil an Aontais Eorpaigh ann an chuid sin den nós imeachta um measúnú comhréireachta ina scrúdaíonn comhlacht dá dtugtar fógra dearadh teicniúil táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, agus ina bhfíoraíonn agus ina bhfianaíonn sé go gcomhlíonann dearadh teicniúil an táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, ceanglais an Rialacháin seo.

2. Féadfar measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht dhearadh teicniúil an táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, trí iniúchadh ar na doiciméid theicniúla agus ar an bhfianaise thaca dá dtagraítear i mír 3.2 thíos (chomh maith le hiniúchadh ar eiseamail ionadaíocha den táirgeadh atá á bheartú) a bhaineann le ceann amháin nó níos mó de pháirteanna criticiúla an táirge (i.e., an cineál táirgthe agus an cineál deartha a chur le chéile).

3.1. Cuirfidh an monaróir iarratas ar scrúdú cineáil an Aontais Eorpaigh faoi bhráid comhlacht amháin dá dtugtar fógra; faoi féin an comhlacht sin a roghnú.

3.2. Beidh na nithe seo a leanas san iarratas:

(a) ainm agus seoladh an mhonaróra agus, más é an t-ionadaí údaraithe a chuireann an t-iarratas isteach, a ainm agus a sheoladh siúd freisin,

(b) dearbhú scríofa nár cuireadh an t-iarratas céanna faoi bhráid aon chomhlacht eile dá dtugtar fógra,

(c) na doiciméid theicniúla. De bhíthin na ndoiciméad teicniúil sin, féadfar measúnú a dhéanamh ar chomhréireacht an táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, le ceanglais infheidhme an Rialacháin seo; beidh iontu anailís agus measúnú leordhóthanach ar an riosca (nó na rioscaí). Sonrófar sna doiciméid theicniúla na ceanglais is infheidhme agus cumhdófar – fad a bhaineann sé le measúnú – dearadh, monarú agus úsáid an táirge leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE. Beidh sna doiciméid theicniúla sin, pé áit is infheidhme, na heilimintí seo a leanas ar a laghad:

- cur síos ginearálta ar an táirge leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE,
- líníochtaí agus scéimeanna a bhaineann le dearadh coincheapúil agus le monarú an táirge,
- an cur síos agus na mínithe is gá leis na líníochtaí agus na scéimeanna sin a thuiscint agus leis an táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, a úsáid,
- liosta de na caighdeáin chomhchuibhithe sin a cuireadh i bhfeidhm ina n-iomláine nó i bpáirt, ar foilsíodh a dtagairtí in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, agus – i gcás nár cuireadh na caighdeáin chomhchuibhithe i bhfeidhm – tuairiscí ar na réitigh a glacadh le ceanglais riachtanacha an Rialacháin seo a shásamh, lena n-áirítear liosta de na sonraíochtaí coiteanna nó de shonraíochtaí teicniúla eile a cuireadh i bhfeidhm. I gcás

caighdeáin chomhchuibhithe a bheith i bhfeidhm i bpáirt, sonrófar sna doiciméid theicniúla na codanna sin díobh a cuireadh i bhfeidhm,

- torthaí na ríomhanna deartha a rinneadh, na scrúduithe a rinneadh, *etc.*,
- tuarascálacha tástála, agus
- i gcás ina bhfuil seachtháirgí ainmhí de réir bhrí Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 sa táirge féin nó ar dá chomhábhair iad, na doiciméid tráchtála nó na deimhnithe sláinte is gá de bhun an Rialacháin sin, maille le fianaise go bhfuil críochphointe an tslabhra monaraíochta bainte amach ag na seachtháirgí sin de réir bhrí an Rialacháin sin;

(d) eiseamail ionadaíocha an táirgthe atá á bheartú. Féadfaidh an comhlacht dá dtugtar fógra eiseamail bhreise a iarraidh más gá sin chun an clár tástála a dhéanamh.

(e) an fhianaise is taca le hoiriúnacht an réitigh maidir le dearadh teicniúil. Luafar san fhianaise thaca sin na doiciméid a úsáideadh, go háirithe i gcás nár cuireadh i bhfeidhm go hiomlán na caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha. Áireofar leis an bhfianaise thaca sin, más gá, torthaí na dtástálacha a rinne saotharlann iomchuí an mhonaróra nó saotharlann tástála éigin eile, ar a shon agus faoina dhualgas, i gcomhréir leis na sonraíochtaí teicniúla ábhartha eile.

4. Déanfaidh an comhlacht dá dtugtar fógra an méid seo a leanas:

(a) I dtaca leis an táirge leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE:

(1) na doiciméid theicniúla agus an fhianaise thaca a scrúdú chun oiriúnacht dhearadh teicniúil an táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, a mheasúnú.

(b) I dtaca leis an eiseamal nó leis na heiseamail:

(2) na heiseamail a monaraíodh i gcomhréir leis na doiciméid theicniúla a fhíorú, agus na heilimintí a dearadh i gcomhréir leis na forálacha sin de chuid na gcaighdeán comhchuibhithe agus/nó de chuid na sonraíochtaí teicniúla is infheidhme a shainaithint, chomh maith leis na heilimintí a dearadh i gcomhréir le sonraíochtaí teicniúla eile;

(3) scrúduithe agus tástálacha iomchuí a dhéanamh, nó iad a chur á ndéanamh, d'fhonn a sheiceáil – i gcásanna inar roghnaigh an monaróir na réitigh atá sna caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha agus/nó sna sonraíochtaí teicniúla a chur i bhfeidhm – ar cuireadh i bhfeidhm i gceart iad;

(4) scrúduithe agus tástálacha iomchuí a dhéanamh, nó a chur á ndéanamh, d'fhonn a sheiceáil – i gcás nár cuireadh i bhfeidhm na réitigh a chuimsítear sna caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha agus/nó sna sonraíochtaí teicniúla – ar chomhlíon na réitigh sin a ghlac an monaróir buncheanglais chomhfhreagracha an Rialacháin seo;

(5) suíomh ar a ndéanfar na scrúduithe agus tástálacha a aontú leis an monaróir.

5. Ullmhóidh an comhlacht dá dtugtar fógra tuarascáil mheasúnúcháin ina gclárófar na gníomhaíochtaí a rinneadh i gcomhréir le pointe 4 maille lena dtorthaí. Gan dochar dá oibleagáidí i leith na n-údarás a thugann fógra, ní scaoilfidh an comhlacht dá

dtugtar fógra ábhar na tuarascála sin, ina iomláine nó i bpáirt, ach le comhaontú an mhonaróra.

6.1. I gcás ina gcomhlíonann cineál an táirge na ceanglais sin de chuid an Rialacháin seo a bhaineann leis an táirge leasacháin atá i gceist, ar a bhfuil an comhartha CE, eiseoidh an comhlacht dá dtugtar fógra deimhniú ar scrúdú cineáil an Aontais Eorpaigh chuig an monaróir. Ar an deimhniú sin, beidh ainm agus seoladh an mhonaróra, conclúidí an scrúdaithe, na coinníollacha bailíochta (más ann dóibh) agus na sonraí is gá chun an cineál a formheasadh a shainaithint. Féadfar iarscríbhinn amháin nó níos mó a cheangal leis an deimhniú.

6.2. Beidh sa deimhniú gona iarscríbhinní gach faisnéis ábhartha is gá lena bhféadfar comhréireacht táirgí leasacháin monaraithe, ar a bhfuil an comhartha CE, leis an gcineál a scrúdaíodh a mheas agus lena dtabharfar deis ar a thuilleadh rialú inseirbhíse.

6.3. I gcás nach gcomhlíonann cineál an táirge ceanglais an Rialacháin seo, diúltóidh an comhlacht dá dtugtar fógra deimhniú cineáil an Aontais Eorpaigh a eisiúint; cuirfidh an comhlacht sin in iúl don iarratasóir agus tabharfaidh sé cúiseanna mionsonraithe i dtaobh an diúltaithe.

7.1. Áiritheoidh an comhlacht dá dtugtar fógra go mbeidh sé ar an eolas faoi aon athruithe ar staid na teicníochta a bhfuil glacadh ginearálta léi a léireodh gur féidir nach gcomhlíonann an cineál a formheasadh ceanglais infheidhme an Rialacháin seo a thuilleadh, agus cinnfidh sé an gá imscrúdú breise a dhéanamh de bharr na n-athruithe sin. Más amhlaidh atá, cuirfidh an comhlacht dá dtugtar fógra an monaróir ar an eolas dá réir.

7.2. Maidir leis na modhnuithe uile a rinneadh ar an gcineál formheasta agus a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chomhréireacht an táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, le ceanglais an Rialacháin seo nó le coinníollacha bailíochta an deimhnithe, cuirfidh an monaróir sin in iúl don chomhlacht dá dtugtar fógra ar aige atá na doiciméid theicniúla a bhaineann leis an deimhniú ar scrúdú cineáil an Aontais Eorpaigh. Fágfaidh modhnuithe den sórt sin nach mór formheas breise a dhéanamh anuas ar an mbundeimhniú ar scrúdú cineáil an Aontais Eorpaigh.

8.1. Gach comhlacht dá dtugtar fógra, cuirfidh sé an t-údarás a thugann fógra dó ar an eolas maidir le deimhnithe ar scrúdú cineáil an Aontais Eorpaigh agus/nó maidir le breiseanna atá eisithe nó aistarraingte aige, agus cuirfidh sé ar fáil don údarás a thugann fógra dó, ó am go chéile nó ar iarratas, liosta de dheimhnithe mar sin agus/nó de bhreiseanna eile atá diúltaithe, curtha ar fionraí nó a bhfuil teorannú déanta ar shlí eile aige orthu.

8.2. Gach comhlacht dá dtugtar fógra, cuirfidh sé na comhlachtaí eile sin dá dtugtar fógra ar an eolas maidir le deimhnithe ar scrúdú cineáil de chuid an Aontais Eorpaigh agus/nó maidir le breiseanna atá diúltaithe nó aistarraingte aige, curtha ar fionraí aige nó a bhfuil teorannú déanta ar shlí eile orthu agus, arna iarraidh sin air, maidir le deimhnithe agus/nó breiseanna atá eisithe aige.

8.3. Féadfaidh an Coimisiún, na Ballstáit agus na comhlachtaí eile dá dtugtar fógra cóip a fháil, ar iarratas, de na deimhnithe ar scrúdú cineáil an Aontais Eorpaigh agus/nó na cinn bhreise a ghabhann leo. Arna iarraidh sin, féadfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit cóip de na doiciméid theicniúla agus de thorthaí na scrúduithe a rinne an comhlacht dá dtugtar fógra a fháil.

8.4. An comhlacht dá dtugtar fógra, coinneoidh sé cóip den deimhniú ar scrúdú cineáil an Aontais Eorpaigh, dá iarscríbhinní agus ábhair bhreise, agus den chomhad teicniúil lena n-áirítear na doiciméid a chuir an monaróir isteach, nó go dté bailíocht an deimhnithe sin as feidhm.

9. Coinneoidh an monaróir ar fáil do na húdaráis náisiúnta go ceann 10 mbliana tar éis táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, a chur ar an margadh cóip den deimhniú ar scrúdú cineáil an Aontais Eorpaigh, gona iarscríbhinní, a bhreiseanna agus a dhoiciméid theicniúla.

10. Féadfaidh ionadaí údaraithe an mhonaróra an t-iarratas dá dtagraítear i bpointe 3 a chur isteach agus na hoibleagáidí atá leagtha amach i bpointe 7 agus i bpointe 9 a chomhlíonadh ar choinníoll go luaitear sa sainordú iad.

MODÚL C – CINEÁLCHOMHRÉIREACHT ARNA BUNÚ AR RIALÚ INMHEÁNACH TÁIRGTHE

1. Cur síos ar an modúl

1. Is é is cineálchomhréireacht arna bunú ar dhearbhú cáilíochta inmheánach phróiseas an táirgthe ann an chuid sin den nós imeachta um measúnú comhréireachta lena gcomhlíonann an monaróir na hoibleagáidí atá leagtha síos i bpointe 2 agus 3, agus lena n-áirithíonn agus lena ndearbhaíonn sé go bhfuil na táirgí leasacháin lena mbaineann, ar a bhfuil an comhartha CE, i gcomhréir leis an gcineál a bhfuil tuairisc air sa deimhniú ar scrúdú cineáil an Aontais Eorpaigh, agus lena gcomhlíonann sé na ceanglais sin is ábhartha de chuid an Rialacháin seo.

2. Monarú

2. Déanfaidh an monaróir pé beart is gá chun a áirithiú leis an bpróiseas monaraíochta gona fhaireachán comhréireacht na dtáirgí leasacháin monaraithe, ar a bhfuil an comhartha CE, leis an gcineál formheasta a thuairiscítear sa deimhniú ar scrúdú cineáil an Aontais Eorpaigh agus le gach ceanglas de chuid an Rialacháin seo a bhaineann leo.

3. An comhartha CE agus dearbhú comhréireachta an Aontais Eorpaigh

3.1 Greamóidh an monaróir an comhartha CE de gach aon táirge leasacháin a chomhlíonann an cineál a bhfuil tuairisc air i ndeimhniú ar scrúdú cineáil de chuid an Aontais Eorpaigh agus a shásaíonn ceanglais an Rialacháin seo.

3.2 Ullmhóidh an monaróir leagan scríofa de dhearbhú comhréireachta an Aontais Eorpaigh do gach luchtóg táirgí leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, agus coinneoidh sé ar láimh na n-údarás náisiúnta é go ceann 10 mbliana tar éis an táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, a chur ar an margadh. Sainaithneofar le dearbhú comhréireachta an Aontais Eorpaigh luchtóg an táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, dár ullmhaíodh an dearbhú sin.

3.3. Déanfar cóip de dhearbhú comhréireachta sin an Aontais Eorpaigh a chur ar fáil do na húdaráis ábhartha arna iarraidh sin.

4. Ionadaí údaraithe

4. Féadfaidh ionadaí údaraithe an mhonaróra oibleagáidí sin an mhonaróra atá leagtha amach faoi phointe 3 thuas a chomhlíonadh, ar a shon agus faoina dhualgas, ar choinníoll go luaitear sa sainordú iad.

MODÚL D1: DEARBHÚ CÁILÍOCHTA AN PHRÓISIS TÁIRGTHE

1. Cur síos ar an modúl

1. Is éard is rialú ar an bpróiseas táirgthe ann an nós imeachta um measúnú comhréireachta lena gcomhlíonann monaróir na dtáirgí leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, na ceanglais a leagtar síos faoi Cheannteidil 2, 4 agus 7, agus lena n-áirithíonn agus lena ndearbhaíonn sé ar a phriacal féin go sásaíonn na táirgí leasacháin atá i gceist, ar a bhfuil an comhartha CE, na ceanglais sin de chuid an Rialacháin seo a bhaineann leo.

2. Na doiciméid theicniúla

2. Is é monaróir an táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, a bhunóidh na doiciméid theicniúla. De bhíthin na ndoiciméid sin, féadfar measúnú a dhéanamh ar chomhréireacht an táirge leis na ceanglais ábhartha; beidh iontu anailís agus measúnú leordhóthanach ar an riosca (nó na rioscaí). Sonrófar sna doiciméid theicniúla na ceanglais is infheidhme agus cumhdófar – fad a bhaineann sé le measúnú – dearadh, monarú agus úsáid an táirge. Beidh sna doiciméid theicniúla, pé áit is infheidhme, na heilimintí seo a leanas ar a laghad:

(a) cur síos ginearálta ar an táirge,

(b) líníochtaí agus scéimeanna a bhaineann le dearadh coincheapúil agus le monarú an táirge, lena n-áirítear cur síos scríofa agus léaráid de phróiseas an táirgthe, ina ndéanfar gach cóireáil, gach soitheach stórála agus gach limistéar a shainaithint go soiléir,

(c) an cur síos agus na mínithe is gá leis na líníochtaí agus na scéimeanna sin a thuiscint agus leis an táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, a úsáid,

(d) liosta de na caighdeáin chomhchuibhithe sin a cuireadh i bhfeidhm ina n-iomláine nó i bpáirt, ar foilsíodh a dtagairtí in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, agus – i gcás nár cuireadh na caighdeáin chomhchuibhithe i bhfeidhm – tuairiscí ar na réitigh a glacadh le ceanglais riachtanacha an Rialacháin seo a shásamh, lena n-áirítear liosta de na sonraíochtaí coiteanna nó de shonraíochtaí teicniúla eile a cuireadh i bhfeidhm. I gcás caighdeáin chomhchuibhithe a bheith i bhfeidhm i bpáirt, sonrófar sna doiciméid theicniúla na codanna sin díobh a cuireadh i bhfeidhm,

(e) torthaí na ríomhanna deartha a rinneadh, na scrúduithe a rinneadh, etc.,

(f) tuarascálacha tástála, agus

(g) i gcás ina bhfuil seachtháirgí ainmhí de réir bhrí Rialachán (CE) Uimh 1069/2009 sa táirge féin nó ar dá chomhábhair iad, na doiciméid tráchtála nó na deimhnithe sláinte is gá de bhun an Rialacháin sin, maille le fianaise go bhfuil críochphointe an tslabhra monaraíochta bainte amach ag na seachtháirgí sin de réir bhrí an Rialacháin sin.

3. Na doiciméid theicniúla a bheith ar fáil

3. Coimeádfaidh an monaróir na doiciméid theicniúla ar fáil do na húdaráis ábhartha náisiúnta go ceann 10 mbliana tar éis an táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, a chur ar an margadh.

4. Monarú

4. Oibreoidh an monaróir córas cáilíochta formheasta maidir le táirgeadh, le cigireacht ar an táirge críochnaitheach agus le tástáil na dtáirgí lena mbaineann, mar a shonraítear i bpointe 5, agus beidh sé faoi réir faireachais, mar a shonraítear i bpointe 6.

5. Córas cáilíochta

5.1. Cuirfidh an monaróir i bhfeidhm córas cáilíochta lena n-áiritheofar go gcomhlíonfaidh na táirgí leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, na ceanglais sin de chuid an Rialacháin seo is ábhartha dóibh.

5.1.1. Áireofar leis an gcóras cáilíochta sin na cuspóirí cáilíochta agus struchtúr eagrúcháin ina mbeidh freagrachtaí agus cumhachtaí na bainistíochta maidir le cáilíocht an táirge.

5.1.1.1. I gcás múirín de chuid chatagóir na gcomhábhar ('CMC') 3 agus díleáiteán de chuid CMC 5, de réir mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn II, déanfaidh ardbhainistíocht eagraíocht an mhonaróra:

(a) a áirithiú go mbeidh ann dóthain acmhainní (daoine, infrastruchtúr, trealamh) chun an córas cáilíochta a chruthú agus a chur i bhfeidhm;

(b) duine de bhainistíocht na heagraíochta a cheapadh le cúram a dhéanamh de na nithe seo:

- A áirithiú go ndéantar próisis bainistíochta cáilíochta a chur ar bun, a fhormheas, a chur chun feidhme agus a choinneáil ar bun;
- Scéala a chur chuig ardbhainistíocht an mhonaróra i dtaobh fheidhmíocht an chórais bainistíochta cáilíochta agus aon ghá a bheadh lena fheabhsú;
- A áirithiú go gcuirtear chun cinn an fheasacht maidir le riachtanais na gcustaiméirí agus ceanglais dhlíthiúla i ngach cuid d'eagraíocht an mhonaróra, agus aird an phearsanra a dhíriú ar a ábhartha agus a thábhachtaí atá sé go sásódh na ceanglais bainistíochta cáilíochta ceanglais dhlíthiúla an Rialacháin seo;
- A áirithiú go mbeidh oiliúint agus teagasc leordhóthanach faighte ag gach duine a mbeidh baint ag a chuid cúraimí le cáilíocht an táirge; agus
- Aicmiú na ndoiciméad bainistíochta cáilíochta a luaitear faoi mhír 5.1.4 thíos a áirithiú;

(c) Iniúchadh inmheánach gach bliain, nó roimhe sin, de bhun eachtra shuntasach ar bith a dhéanfadh difear do cháilíocht an táirge leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE; agus

(d) A áirithiú go mbunaítear próisis iomchuí chumarsáide laistigh agus lasmuigh den eagraíocht agus gur ann don chumarsáid i dtaca le héifeachtacht an bhainistithe cáilíochta.

5.1.2. Cuirfear chun feidhme an córas cáilíochta le teicnící, le próisis agus le gníomhaíochtaí córasacha monaraíochta, rialaithe cáilíochta agus dearbhaithe cáilíochta.

5.1.2.1. I gcás múirín de chuid chatagóir na gcomhábhar ('CMC') 3 agus díleáiteán de chuid CMC 5, de réir mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn II, áiritheofar leis an gcóras go

gcomhlíontar na critéir um an bpróiseas díleáite agus muiríniúcháin a shonraítear san Iarscríbhinn sin.

5.1.3. Is éard a bheidh sa chóras cáilíochta sin scrúduithe agus tástálacha a dhéanfar, ar bhonn minicíocht shonraithe, roimh, le linn agus tar éis na monaraíochta.

5.1.3.1. I gcás múirín de chuid chatagóir na gcomhábhar ('CMC') 3 agus díleáiteán de chuid CMC 5, de réir mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn II, beidh na heilimintí seo a leanas ina gcuid de na scrúduithe agus tástálacha sin:

(a) Déanfar an fhaisnéis seo a leanas a thaifead i gcás gach luchtóg d'ábhair ionchuir:

(1) An dáta ar seachadadh;

(2) A mhéid de réir meáchain (nó meastachán arna bhunú ar a mhéid agus a dhlús);

(3) Ainm sholáthróir an ábhair ionchuir;

(4) Cineál an ábhair ionchuir;

(5) Sainaithint gach luchtóige maille leis an áit ar an suíomh chuig ar seachadadh í. Cód uathúil aitheantais a shannfar chun críocha bainistíochta cáilíochta ó thús go deireadh an phróisis táirgthe; agus

(6) I gcás diúltaithe, cúis an diúltaithe agus an t-ionad chuig ar seoladh an luchtóg.

(b) Déanfaidh foireann a bheidh cáilithe chuige amharc-chigireacht ar gach coinsíneacht d'ábhar ionchuir agus fíoróidh siad go bhfuil an t-ábhar ionchuir i gcomhréir leis na sonraíochtaí um ábhair ionchuir in CMC 3 agus CMC 5 in Iarscríbhinn II.

(c) Ní ghlacfaidh an monaróir aon choinsíneacht d'ábhar ionchuir i gcás ina mbeidh, de bhun na hamharc-chigireachta,

- amhras ann faoi shubstaintí a bheadh ina nguais nó ina ndíobháil do phróiseas an mhúiríniúcháin nó an díleáite nó do cháilíocht deiridh an táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, nó i gcás ina mbeidh
- amhras ann faoin gcoinsíneacht sin a bheith neamhchomhréireach le sonraíochtaí CMC 3 agus CMC 5 in Iarscríbhinn II, go háirithe má tá plaisteach san ábhar ionchuir ar shiocair leis go sárófaí an luach teorann atá leagtha síos d'eisíontais mhacrascópacha.

(d) Cuirfear oiliúint ar an bhfoireann i dtaobh:

- airíonna guaiseacha féideartha a d'fhéadfadh a bheith bainteach le hábhair ionchuir, agus
- gnéithe lenar féidir airíonna guaiseacha agus láithreacht plaistigh a aithint.

(e) Tógfar samplaí as ábhair aschuir d'fhonn a fhíorú go bhfuil siad i gcomhréir leis na sonraíochtaí um chomhábhair múirín agus díleáiteán a leagtar síos in CMC 3 agus CMC 5 in Iarscríbhinn II, agus nach gcuireann airíonna na n-ábhar aschuir i mbaol comhréireacht an táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, leis na ceanglais ábhartha in Iarscríbhinn I.

(f) Leis an minicíocht seo a leanas, ar a laghad, a dhéanfar sampláil ar an ábhar aschuir:

Ionchur bliantúil (tonaí)	**Samplaí / bliain**
≤ 3000	1
3001 – 10000	2
10001 – 20000	3
20001 – 40000	4
40001 – 60000	5
60001 – 80000	6
80001 – 100000	7
100001 – 120000	8
120001 – 140000	9
140001 – 160000	10
160001 – 180000	11
> 180000	12

(g) I gcás ina dteipeann ar aon chuid den ábhar aschuir a tástáladh i dtaca le ceann ar bith de na teorainneacha is infheidhme a shonraítear sna ranna ábhartha sin d'Iarscríbhinn I agus II sa Rialachán seo, déanfaidh an té a bheidh freagrach as an mbainistiú cáilíochta dá dtagraítear i bpointe 5.1.1.1(b):

(1) An táirge neamhchomhréireach agus an áit a bhfuil sé á stóráil a shainaithint go soiléir,

(2) Cúis na neamhchomhréireachta a anailísiú agus pé beart is gá a ghlacadh ionas nach dtarlóidh an céanna arís,

(3) Taifead a chur sna taifid cháilíochta dá dtagraítear i mír 5.1.4 má tharlaíonn athphróiseáil nó má dhíchuirtear an táirge.

5.1.4. Coinneoidh an monaróir na taifid cháilíochta, amhail tuarascálacha cigireachta agus sonraí tástála, sonraí calabrúcháin, tuarascálacha cáilíochta ar an bpearsanra atá i gceist, etc.;

5.1.4.1. I gcás múirín de chuid chatagóir na gcomhábhar ('CMC') 3 agus díleáiteán de chuid CMC 5, de réir mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn II, léireofar sna taifid cháilíochta go ndearnadh rialú éifeachtach ar na hábhair ionchuir, ar tháirgeadh agus ar stóráil na n-ábhar ionchuir agus aschuir, agus ar a gcomhlíontacht le ceanglais ábhartha an Rialacháin seo. Beidh gach doiciméad inléite, agus le fáil san áit ábhartha lena mbaineann, agus déanfar gach leagan de nach bhfuil cothrom le dáta a thabhairt ar shiúl as gach áit a mbaintear leas as, sin nó dearbhófar nach bhfuil sé cothrom le dáta a thuilleadh. Beidh an fhaisnéis seo a leanas, ar a laghad, sna doiciméid bainistíochta cáilíochta:

(a) Teideal,

(b) Uimhir an leagain,

(c) Dáta eisiúna,

(d) Ainm an eisitheora,

(e) Taifid maidir le rialú éifeachtach an ábhair ionchuir,

(f) Taifid maidir le rialú éifeachtach an phróisis táirgthe,

(g) Taifid maidir le rialú éifeachtach an ábhair aschuir,

(h) Taifid maidir le neamhchomhréireachtaí,

(i) Taifid maidir le gach tionóisc agus teagmhais a tharlaíonn ag an ionad, an chúis a bhí leo (más fios nó más tuairim), agus na bearta a glacadh,

(j) Taifid maidir le gearáin a rinne an tríú páirtí agus a ndearnadh chun aghaidh a thabhairt ar na gearáin sin,

(k) Taifid maidir le dáta, cineál agus ábhar na hoiliúna a cuireadh ar an té atá freagrach as cáilíocht an táirge,

(l) Torthaí an iniúchta inmheánaigh agus na bearta a glacadh, agus

(m) Torthaí an iniúchta sheachtraigh agus na bearta a glacadh.

5.1.5. Déanfar faireachán ar an tslí a mbaintear amach cáilíocht riachtanach an táirge agus ar oibriú éifeachtach an chórais cáilíochta.

5.1.5.1. I gcás múirín de chuid chatagóir na gcomhábhar ('CMC') 3 agus díleáiteán de chuid CMC 5, de réir mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn II, bunóidh an monaróir clár iniúchóireachta inmheánach bliantúil d'fhonn comhréireacht leis an gcóras cáilíochta a fhíorú; beidh na heilimintí seo a leanas sa chlár sin:

(1) Déanfar nós imeachta a bhunú agus a dhoiciméadú lena sainmhíneofar na freagrachtaí agus na ceanglais a bhainfidh le gach iniúchadh inmheánach a phleanáil agus a dhéanamh, agus le taifid a chur ar bun agus torthaí a thuairisciú. Réiteofar tuairisc ina sainaithneofar na neamhchomhréireachtaí leis an gcóras cáilíochta; déanfar gach beart ceartaitheach a thuairisciú. Cuirfear taifid an iniúchta inmheánaigh mar aguisín leis na doiciméid bainistíochta cáilíochta.

(2) Tabharfar tús áite do na neamhchomhréireachtaí sin a shainaithneoidh gach iniúchadh seachtrach.

(3) Ní dhéanfaidh aon iniúchóir iniúchadh ar a shaothar féin.

(4) Áiritheoidh an bhainistíocht a bheidh freagrach as an iniúchadh go nglacfar pé beart ceartaitheach is gá gan aon ró-mhoill.

(5) Féadfar iniúchadh inmheánach a dhéanfar faoi chuimsiú córas bainistíochta cáilíochta eile a thabhairt san áireamh ar an gcoinníoll gur le hiniúchadh ar riachtanais an chórais cáilíochta sin a chuirfear críoch leis an iniúchadh inmheánach.

5.2. Cuirfidh an monaróir isteach iarratas ar mheasúnú a dhéanamh ar a chóras cáilíochta féin chuig a rogha féin de chomhlacht creidiúnaithe dá dtugtar fógra, i dtaca leis na táirgí lena mbaineann. Beidh na nithe seo a leanas san iarratas:

- ainm agus seoladh an mhonaróra agus, más é an t-ionadaí údaraithe a chuireann an t-iarratas isteach, a ainm agus a sheoladh siúd freisin,
- dearbhú scríofa nár cuireadh an t-iarratas céanna faoi bhráid aon chomhlacht eile dá dtugtar fógra,
- gach faisnéis is ábhartha don chatagóir táirge atá beartaithe,
- na doiciméid a bhaineann leis an gcóras cáilíochta,
- doiciméid theicniúla na n-eilimintí bainistíochta cáilíochta sin a leagtar amach i mír 5.1 agus i bhfomhíreanna na míre sin.

5.3. Déanfar na heilimintí, na ceanglais agus forálacha uile arna nglacadh ag an monaróir a dhoiciméadú mar bheartais, nósanna imeachta agus mar threoracha scríofa, ar bhealach córasach agus ordúil. Ceadófar le doiciméadú an chórais cáilíochta léirmhíniú comhsheasmhach a dhéanamh ar na cláir, pleananna, lámhleabhair agus taifid cháilíochta. Beidh ann, go háirithe, cur síos leordhóthanach ar na heilimintí bainistíochta cáilíochta sin dá dtagraítear i mír 5.1 gona fhomhíreanna thuas.

5.4.1. Déanfaidh an comhlacht dá dtugtar fógra an córas cáilíochta a mheasúnú d'fhonn a chinneadh an gcomhlíonann an córas sin na ceanglais dá dtagraítear i bpointe 5.1.

5.4.2. Glacfaidh an comhlacht leis go gcomhlíontar na ceanglais maidir leis na heilimintí den chóras cáilíochta a chomhlíonann sonraíochtaí comhfhreagracha an chaighdeáin chomhchuibhithe iomchuí.

5.4.3. Chomh maith le taithí i gcórais bainistíochta cáilíochta, beidh ag an bhfoireann iniúchóireachta ball amháin ar a laghad a bhfuil taithí aige ar mheastóireacht i réimse an táirge ábhartha agus i dteicneolaíocht an táirge lena mbaineann, agus eolas ar cheanglais infheidhme an Rialacháin seo. Beidh cuairt measúnaithe chuig áitreabh an mhonaróra ina cuid den iniúchadh. Athbhreithneoidh an fhoireann iniúchóireachta na doiciméid theicniúla dá dtagraítear i bpointe 2 d'fhonn cumas an mhonaróra a fhíorú i dtaca le ceanglais ábhartha an Rialacháin seo a shainaithint, agus na scrúduithe riachtanacha a chur i gcrích d'fhonn a áirithiú go gcomhlíonfaidh an táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, na ceanglais sin.

5.4.4. Tabharfar fógra don mhonaróir maidir leis an gcinneadh. Beidh san fhógra conclúidí an iniúchta agus an cinneadh measúnaithe réasúnaithe.

5.5. Geallfaidh an monaróir go gcomhlíonfaidh sé na hoibleagáidí a eascróidh as an gcóras cáilíochta mar atá formheasta agus go gcoinneoidh sé ar bun é ionas go mbeidh sé leormhaith agus éifeachtúil i gcónaí.

5.6.1. Coinneoidh an monaróir an comhlacht dá dtugtar fógra, agus a rinne an córas cáilíochta a fhormheas, ar an eolas maidir le haon athrú atá beartaithe ar an gcóras cáilíochta.

5.6.2. Déanfaidh an comhlacht dá dtugtar fógra meastóireacht ar aon athruithe atá beartaithe agus cinnfidh sé an mbeidh an córas cáilíochta modhnaithe in ann leanúint de chomhlíonadh na gceanglas dá dtagraítear i bpointe 5.2 nó an mbeidh gá lena athmheasúnú.

5.6.3. Tabharfaidh sé fógra don mhonaróir faoina chinneadh. Beidh san fhógra sin conclúidí an imscrúdaithe agus an cinneadh measúnaithe réasúnaithe.

6. Faireachas faoi chúram an chomhlachta dá dtugtar fógra

6.1 Is é is aidhm don fhaireachas a áirithiú go gcomhlíonann an monaróir na hoibleagáidí a eascraíonn as an gcóras cáilíochta formheasta.

6.2. Tabharfaidh an monaróir, chun críocha measúnachta, cead don chomhlacht dá dtugtar fógra, rochtain a fháil ar na láithreáin monaraithe, iniúchtóireachta, tástála agus stórála agus tabharfaidh sé don chomhlacht an fhaisnéis riachtanach go léir, go háirithe:

- na doiciméid a bhaineann leis an gcóras cáilíochta;
- na doiciméid theicniúla dá dtagraítear i mír 2,
- na taifid cháilíochta, amhail tuarascálacha cigireachta agus sonraí tástála, sonraí calabraithe, tuarascálacha cáilithe ar an bpearsanra lena mbaineann.

6.3.1. Déanfaidh an comhlacht dá dtugtar fógra iniúchtaí tréimhsiúla lena áirithiú go gcoinneoidh an monaróir ar bun agus i bhfeidhm an córas cáilíochta; tabharfaidh sé tuairisc ar an iniúchadh sin don mhonaróir.

6.3.2. I gcás múirín de chuid chatagóir na gcomhábhar ('CMC') 3 agus díleáiteán de chuid CMC 5, de réir mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn II, déanfaidh an comhlacht dá dtugtar fógra samplaí den ábhar aschuir a ghlacadh agus a anailísiú le linn gach iniúchta; déanfar na hiniúchtaí sin leis an minicíocht seo a leanas:

(a) Le linn na chéad bhliana ag an gcomhlacht dá dtugtar fógra i mbun faireachais ar an monarcha atá i gceist: a mhinice céanna le minicíocht na samplála a luaitear sa tábla i mír 5.1.3.1(f); agus

(b) le linn na mblianta faireachais ina dhiaidh sin: leathchuid na minicíochta samplála a luaitear sa tábla i mír 5.1.3.1(f);

6.4 Ina theannta sin, féadfaidh an comhlacht dá dtugtar fógra cuairt (nó cuairteanna) gan choinne a thabhairt ar an monaróir. Le linn na cuairte sin, féadfaidh an comhlacht dá dtugtar fógra, más gá, tástálacha a dhéanamh ar an táirge, nó iad a chur á ndéanamh, d'fhonn a dheimhniú go bhfuil an córas cáilíochta ag feidhmiú mar is ceart. Cuirfidh an comhlacht dá dtugtar fógra tuarascáil ar fáil don mhonaróir maidir lena chuairt agus, má rinneadh tástálacha, gheobhaidh an monaróir tuairisc tástála air sin.

7. An comhartha CE agus dearbhú comhréireachta an Aontais Eorpaigh

7.1. Greamóidh an monaróir an comhartha CE agus, faoi chúram an chomhlachta dá dtugtar fógra dá dtagraítear i mír 5.2, uimhir aitheantais an chomhlachta réamhráite de gach aon táirge a chomhlíonann ceanglais infheidhme an Rialacháin seo.

7.2.1. Ullmhóidh an monaróir leagan scríofa de dhearbhú comhréireachta an Aontais Eorpaigh do gach luchtóg táirgí leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, agus

coinneoidh sé ar láimh na n-údarás náisiúnta é go ceann 10 mbliana tar éis an táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, a chur ar an margadh. Sainaithneofar le dearbhú comhréireachta an Aontais Eorpaigh luchtóg an táirge dár ullmhaíodh an dearbhú sin.

7.2.2. Déanfar cóip de dhearbhú comhréireachta sin an Aontais Eorpaigh a chur ar fáil do na húdaráis ábhartha arna iarraidh sin.

8. Doiciméid an chórais cáilíochta a bheith ar fáil

8. Go ceann 10 mbliana tar éis an táirge a chur ar an margadh, coinneoidh an monaróir ar láimh na n-údarás náisiúnta:

- na doiciméid dá dtagraítear i mír 5.3,
- an t-athrú dá dtagraítear i mír 5.6 gona fhomhíreanna, arna fhormheas,
- cinntí agus tuairiscí an chomhlachta dá dtugtar fógra dá dtagraítear i mír 5.6.1-5.6.3, mír 6.3 agus mír 6.4.

9. Oibleagáid maidir le heolas i dtaobh comhlachtaí dá dtugtar fógra

9.1. Gach comhlacht dá dtugtar fógra, cuirfidh sé ar an eolas na húdaráis sin a thugann fógra dó, maidir le córais cháilíochta a n-eisítear nó a dtarraingítear siar a gcuid ceadanna, agus cuirfidh sé ar fáil, go tréimhsiúil nó ar iarratas, do na húdaráis sin a thugann fógra, liosta de na ceadanna sin a diúltaíodh do chórais cháilíochta, a cuireadh ar fionraí nó ar cuireadh srian leo ar aon bhealach eile.

9.2. Cuirfidh gach comhlacht dá dtugtar fógra na comhlachtaí eile dá dtugtar fógra ar an eolas i dtaobh ceadanna córas cáilíochta a rinne sé a dhiúltú, a chur ar fionraí, nó a tharraingt siar - agus má iarrtar sin air - i dtaobh ceadanna a d'eisigh sé do chórais cháilíochta.

10. Ionadaí údaraithe

Féadfaidh ionadaí údaraithe an mhonaróra oibleagáidí an mhonaróra sin, atá leagtha amach i mír 3, mír 5.2, mír 5.6.1-5.6.3, Ceannteideal 7 agus Ceannteideal 8, a chomhlíonadh, ar a shon agus faoina dhualgas, ar choinníoll go sonraítear sa sainordú iad.

IARSCRÍBHINN V
Dearbhú comhréireachta an Aontais Eorpaigh (Uimh. XXX)[19]

1. Táirge leasacháin ar a bhfuil an comhartha CE (uimhir an táirge, na luchtóige, an chineáil, nó na sraithe):

2. Ainm agus seoladh an mhonaróra agus, más infheidhme, ainm agus seoladh a ionadaí údaraithe:

3. Is faoi fhreagracht an mhonaróra amháin a eisítear dearbhú comhréireachta seo an Aontais Eorpaigh.

4. Cuspóir an deimhnithe (sainaithint an táirge d'fhonn an inrianaitheacht a cheadú; féadfar íomhá a chur ann más gá sin chun an táirge leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, a shainaithint):

5. Tá cuspóir an dearbhaithe a bhfuil tuairisc air thuas i gcomhréir le reachtaíocht chomhchuibhithe ábhartha an Aontais:

6. Tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha a úsáideadh nó tagairtí do na sonraíochtaí teicniúla eile a ndearbhaítear comhréireacht ina leith:

7. I gcás inarb iomchuí, an comhlacht dá dtugtar fógra ... rinne (ainm, uimhir) ... (cur síos ar an idirghabháil) agus d'eisigh an deimhniú:

8. Faisnéis bhreise:

Arna shíniú le haghaidh agus thar ceann:

(áit agus dáta eisiúna):

(ainm, feidhm) (síniú):

[19] Faoin monaróir féin atá cé acu an mian nó nach mian leis uimhir a shannadh do dhearbhú comhréireachta an Aontais Eorpaigh.